


RTÉ

Raidió Teilifís Éireann Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2010



Buaicphointí	1	Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	52
Struchtúr na hEagraíochta	2	Ráiteas maidir le Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird	53
Cad a Dhéanaimid	3	Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh	54
Ráiteas an Chathaoirligh	4	Ráitis Airgeadais	55
Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra	6	Beartais Chuntasaíochta	62
Athbhreithniú Oibríocháin	10	Nótaí atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa	68
Athbhreithniú Airgeadais	40	Riachtanais Tuairiscithe Eile	99
An Bord ar 31 Nollaig 2010	46	Eolas Staitistiúil Eile	105
Feidhmeannas	47	Stair Airgeadais	109
Rialachas Corparáideach	48		

Bord Raidió Teilifís Éireann

An 50ú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa do na 12 mí dar críoch 31 Nollaig 2010, arna cur i láthair an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha de bhun Ailt 109 agus 110 den *Acht Craolacháin 2009*.

Is í fíís RTÉ ná muintir na hÉireann a chothú mar fhoinsé eolais agus inspioráide a léiríonn agua a shaibhríonn a saol.

Is é Misean RTÉ:

- Éagsúlacht chultúrtha agus réigiúnach mhuintir na hÉireann go léir a chothú agus a léiriú
- Cláir agus seirbhísí sainiúla uailmhianacha ar shárchaighdeán a chur ar fáil, agus béim a chur ar léiriúcháin bhaile
- Muintir na hÉireann a choinneáil ar an eolas leis an tseirbhís nuachta chuimsitheach neamhspleách is fearr is féidir
- Rannpháirtíocht náisiúnta i ngach mórimeacht a éascú

Buaicphointí

Laghdaíodh Costas Bunaidh Oibríochta Bliantúil

RTÉ Lúide Dímhéas agus Amúchadh **de bhreis agus €82 milliún / -19% ó 2008.**

Bhain an líon lucht féachana is mó riamh do chraobh iománaíochta sásamh as buaíontach Thiobraid Árann ar Chill Chainnigh in 2010 ar Theilifís RTÉ, saor-go-haer; buaic de 1.24 milliún lucht féachana sna nóiméid dheireanacha.

Agus an tír i ngleic leis na toscaí artacha, bóithre ag reo, dúnadh scoileanna, agus aerfort ag tús agus ag deireadh na bliana, **d'iompaigh daoine ina mílte chuig Teilifís RTÉ, Raidió RTÉ agus RTÉ.ie le heolas agus cabhair a fháil.**


Ba mhór an t-éacht é Easnamh Glan €4.7 milliún do 2010 a bhaint amach le linn dúinn **cáilíocht ár seirbhísí a chothú agus a fheabhsú, méadú ár lucht féachana agus éisteachta agus freastal ar ár n-oibleagáidí reachtúla.**

Faoi dheireadh 2010 bhí **íoslódáil beagnach 200,000 uair** déanta ar an bhfeidhmchlár RTÉ News Now don iPhone agus don Android araon.

Bhí an **Late Late Toy Show** 2010 lena bheochan oscailte draíochta ar théama Willy Wonka ar an gclár is mó ar breathnaíodh air i rith na bliana le lucht féachana 1.32 milliún – b'shin **71.9% díobh siúd ar fad a bhí ag breathnú ar an teilifís** in Éirinn an oíche úd.

Struchtúr na hEagraíochta

Mar seo a leanas struchtúr eagraíochtúil RTÉ:



Déanann Feidhmeannacht RTÉ Rannáin Chomhtháite Gnó RTÉ (IBDanna) agus Seirbhísí Roinnte an Ghrúpa a bhainistiú ó lá go lá. Tá an Príomh-Stiúrthóir ina chomhalta ex officio de Bhord RTÉ, ar chuir Rialtas na hÉireann freagracht air maoriseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Ghrúpa RTÉ.

Cad a Dhéanaimid

Teilifís RTÉ

Feidhmíonn RTÉ dhá chainéal teilifíse comhlántacha saor-go-haer:

- RTÉ One - clúdach údarásach nuachta agus cúrsaí reatha teilifíse ar fáil anseo ar scéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirtear le raon cuimsitheach de chlár fhíorasacha, siamsaíochta, drámaíochta agus stíl mhaireachtála atá déanta sa bhaile le hábhair ar leith a cheannaítear.
- RTÉ Two - cainéal ilchineálach atá tarraingteach do shainlucht féachana feadh an sceidil. Is iad leanaí agus spórt a phríomhfhócas i rith an lae; sa tráthnóna diríonn sé ar dhaoine óga le drámaíocht nuálach, siamsaíocht agus príomhghnóthachtálacha.

Raidió RTÉ

Feidhmíonn Raidió RTÉ ceithre phríomhstáisiún náisiúnta agus seacht stáisiún atá digiteach go heisiach. Tá príomhstáisiún ar fáil ar FM, ar raidió digiteach (DAB) agus ar líne; tá stáisiún dhigiteacha ar fáil ar raidió digiteach agus ar líne. Tá RTÉ Radio 1 ar fáil freisin ar LW.

Príomhstáisiún

- RTÉ Radio 1 - nuacht agus cúrsaí reatha; snáitheanna ealaíne, drámaíochta agus clár faisnéise; siamsaíocht, spórt agus ceol
- RTÉ 2fm - caint agus siamsaíocht, ceol pobail agus ailtéarnach do dhaoine faoi 45
- RTÉ lyric fm - cainéal saincheoil agus clasaiceach
- RTÉ Raidió na Gaeltachta - seirbhís Ghaeilge a bhfuil an t-ábhar ann ar aon dul le hábhar RTÉ Radio 1 ach le haird faoi leith ar cheol traidisiúnta agus ar nuacht áitiúil sna pobail Ghaeltachta éagsúla

Stáisiún Dhigiteacha

- RTÉ 2XM - ceol rac agus pop do mhicléinn le béim ar cheol nua agus Éireannach
- RTÉ Choice - an chuid is fearr de raidió poiblí idirnáisiúnta agus de chartlanna gnéchlár RTÉ
- RTÉ Junior - an chéad stáitiún raidió do leanaí in Éirinn; ag casadh ceoil agus scéalta ó 7 a.m. go 9 i.n.
- RTÉ Chill - seirbhís cheoil chomhthimpeallach do na tráthnónta
- RTÉ Gold - ceol coitianta gan bhriseadh do dhaoine os cionn 35 bliain d'aois
- RTÉ Pulse - ceol damhsa leictreonach
- RTÉ Radio 1 Extra - seirbhís choinneáil suas agus ábhar roinnte do RTÉ Radio 1

Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Soláthraíonn RTÉ clár nuachta agus cúrsaí reatha neamhspleácha, cruinne agus neamhchlaonta, sa dá theanga, ar fud na seirbhísí go léir lena n-áirítear Raidió, Teilifís agus RTÉ.ie.

Líonra RTÉ

Soláthraíonn RTÉNL (RTÉ Transmission Network Limited) líonra tarchuir náisiúnta do Raidió agus Teilifís RTÉ, TG4, TV3 agus Today FM. Tugann sé spás túir ar a chrainn ar cíos do stáisiún raidió áitiúla agus do raon eintiteas a bhfuil baint acu le leathanbhanda, líonraí fón póca, na seirbhísí éigeandála srl.

Foilsitheoireacht RTÉ

Oibríonn Foilsitheoireacht RTÉ cúig cinn de na seirbhísí meán is mó in Éirinn:

- RTÉ.ie - láithreán gréasáin na meán is mó a bhfuil tóir air in Éirinn a chuireann raon seirbhísí ar líne láithreán-bhunaithe ar fáil saor in aisce
- RTÉ Guide - an iris sheachtainiúil is mó díol in Éirinn
- RTÉ Aertel - an phríomhsheirbhís teilitéacs saor-go-haer
- RTÉ Player - seirbhís súil siar teilifíse ar líne de chuid RTÉ
- RTÉ News Now - seirbhís nuachta beo/súil siar de chuid RTÉ

Grúpaí Oirfide RTÉ

Cuireann RTÉ go mór leis na healaíona in Éirinn agus oibríonn sé cúig ghrúpa oirfide:

- Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ
- Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ
- Ceathairéad Vanbrugh RTÉ
- Cór Fiolarmónach RTÉ
- Cór na nÓg RTÉ

Ráiteas an Chathaoirligh

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar 2010 tá an Bord sa chás go bhfuil fócas géar curtha ar bhonn mhaoiniú poiblí oibríochtaí RTÉ, go pointe nach raibh aon choinne leis. Caithfidh sé gur ábhar imní é seo, ag cur na ndúshlán agus na ngnóthachtálacha le dhá bhliain anuas san áireamh.

In 2009 bhí dúshlán tromchúiseach roimh an eagraíocht de bharr an mheatha sciobtha ar ioncam tráchtála. Tugadh aghaidh go tapa ar an mbonn costais gan cur isteach, rud a laghdaigh easnamh ioncain réamh-mheasta de €68 milliún go hEasnamh Glan €16.5 milliún don bhliain, roimh Mhír Eisceachtúil (Muirear athstruchtúrtha).

Cuireadh leis seo in 2010 trí fhreagairt eagraíochtúil ardchreidiúnaithe eile a raibh de thoradh air go raibh Easnamh deiridh, a bhí laghdaithe go mór, de níos lú ná €5 milliún ann.

Ba shuntasach an casadh é, a léirigh mórfheidhmiú bainistíochta agus disciplín eagraíochtúil fíoriomlán le linn tréimhse a bhí deacair go maith. Agus 2010 ag tarraingt chun críche, bhí gach ceart ag RTÉ a cheapadh gur iompar sí í féin go creidiúnach agus go raibh cuid mhór bainte amach aici.

Meastar go raibh éifeacht ag na cinntrí a fógraíodh i mBuiséad an Rialtais i Nollaig 2010 agus sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta ceithre bliana a bhí ina theannta, a leag ualach eile de €15 milliún in aghaidh na bliana ar a laghad in ioncam poiblí laghdaithe agus i gcostais bhreise. Is forbairt dhiúltach substaintiúil í seo. Tharla sé seo laistigh de 18 mí ó ritheadh mór Acht Craolacháin a leathnaigh téarmaí tagartha agus ceanglais thuairiscithe RTÉ agus a leag oibleagáidí seirbhíse breise uirthi, arb é a n-éifeacht dhíreach i mbliain iomlán gur leagadh ualach costais bliantúil breise uirthi in 2010 agus ina dhiaidh sin, nach lú ná €7 milliún in aghaidh na bliana. Baineann an t-ualach díreach breise seo le roinnt mhaith rudaí éagsúla, lena n-áirítear leathnú an mhuirir mhéadaithe a rinneadh i leith an Chiste Craolacháin arna riaradh ag Údarás Craolacháin na hÉireann (an BAI) in éineacht leis an dleacht a íocann RTÉ anois i leith oibríochta an BAI é féin.

Tháinig na cinntrí seo freisin tráth a raibh RTÉ in am agus laistigh de bhuiséad lena tiomantas uathúil airgeadais – circa €70 milliún in iomlán idir airgead tirim agus iasachtaí – i leith thógáil an infrastruchtúir tarchuir don ardán nua Teilifíse Trastíre Dhigití (DTT).

Tá an Bord eolach ar na brúnna leanúnacha tromchúiseacha ar gach cuid de bhuiséid phoiblí agus náisiúnta agus ar an oibleagáid atá ar gach comhlacht poiblí ranníocaíocht a dhéanamh go coibhneasach i leith téarnaimh agus roinnt dualgas. Níor loic RTÉ maidir lena dualgas ina leith seo. Is í an tsaincheist atá os comhair an Bhoird agus na heagraíochta anois go bhfuil RTÉ, tar éis di bainistiú a dhéanamh ar éifeacht an títim ioncain tráchtála is mó riamh a d'fhulaing aon chraoltóir eile dá leithéid, ag tabhairt aghaidh ar thuilleadh éifeachtaí substaintiúla ina maoiniú poiblí.

Má thug 2009 dúshlán tromchúiseach agus má bhí an chuma ar 2010 go raibh comhdhlúthú déanta ar chobhsú bainistithe, gluaiseann an eagraíocht anois ar aghaidh isteach i 2011 agus éiginnteachtaí roimpi in athuair.

Ag fillleadh ar an mbliain a bhfuil tuairisc á thabhairt uirthi faoi láthair, ba í an tosaíocht do Bhord RTÉ i 2010 an eagraíocht a stiúradh trí na dúshlán dheacra uathúla a bhí roimh a gníomhaíochtaí lárnacha eagarthóireachta, airgeadais agus teicneolaíochta.

Bhí fadhbanna na heacnamaíochta náisiúnta in uachtar, maoiniú poiblí RTÉ á laghdú ag an am céanna a raibh oibleagáidí reachtúla RTÉ á méadú. Agus diongbháilteacht nach beag á léiriú acu, dhírigh an fhoireann ar sheirbhís a chothú do lucht íochta ceadúnais Theilifíse agus í a fheabhsú nuair ab fhéidir. Mar a thuairiscíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo, ba bhliain gnóthachtála í 2010 ar roinnt príomhbhealaí. Baineadh clocha míle criticiúla amach agus ullmhú á dhéanamh do sheoladh DTT in 2011 agus do chasadh as Analóige faoi dheireadh 2012. Fuarthas cead pleanála do Thionscadal 2025, athfhorbairt chéimneach an láithreáin i nDomhnach Broc mar chroílár infrastruchtúir na meán náisiúnta. Ina dhiaidh sin chríochnaigh an bhliain mar ar thosaigh sí – aimsir chrua ag cur isteach ar an ngnáthshaol agus ag cur le haeráid na géarchéime airgeadais agus éiginnteachta.

Ba í 2010 an chéad bhliain féilire oibríochta faoi *Acht Craolacháin 2009* a leag clár gnóthach d'oibleagáidí reachtúla agus rialaithe amach. Bhí líon iomlán comhaltaí ar an mBord i mí Feabhra le ceapacháin Orlaith Carmody, Aileen O'Meara, Eunice O'Raw agus Stuart Switzer. Roghnaíodh an ceithre chomhalta seo sa chéad chomórtas poiblí a reáchtáil an Comhchoiste Oireachtais ar Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Náidúrtha faoin reachtaíocht nua. Is i mí Feabhra freisin a d'imigh Emer Finnan, a bhí tar éis freastal don chéad sé mhí ar an mBord seo tar éis ceapachán lántearma mar chomhalta d'Údarás deireanach RTÉ. Is maith liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas agus mo mheas a chur in iúl d'Emer as ucht a seirbhíse tiomanta.

Thug an *tAcht Craolacháin 2009* líon de cheanglais thuairiscithe nua isteach do RTÉ a comhlíonadh mar ba ghá le linn 2010. Go luath san earrach bhí an tAire tar éis *Ráiteas Straitéise 2010-14* de chuid RTÉ a fháil, léiriú lárnach ar na cuspóirí, na príonsabail agus na luachanna a mhúnlóidh seilbh an Bhoird seo. I mí Feabhra, ullmhaíodh an *Ráiteas Bliantúil ar Thiomantais Feidhme do 2010*, agus cuireadh i láthair an Aire é. Bhunaigh an Bord ansin an chéad Chomhairle Lucht Féachana reachtúil agus cheap an Bord comhairle chomhairleach do RTÉ Raidió na Gaeltachta. I mí Aibreáin comhlíonadh dhá cheanglas reachtúla eile. Ba iad sin an *Tuarascáil ar Sheirbhísí Craolacháin Teilifíse agus Fuaimne do Phobail Éireannacha lasmuigh d'oileán na hÉireann* agus ullmhú *Scéim na Gaeilge do RTÉ, 2010-13*. In Iúil, chuir an Bord a chéad *Ráiteas Seirbhíse Poiblí* i láthair an Aire.



Ba í an tosaíocht do Bhord RTÉ i 2010 an eagraíocht a stiúradh trí na dúshláin dheacra uathúla a bhí roimh a gníomhaíochtaí lárnacha eagarthóireachta, airgeadais agus teicneolaíochta.

Bhí tosaí móréiginnteachta ag baint le huailmhianta buiséadacha RTÉ do 2010. I rith na bliana bhí leas airgeadais faoi bhagairt ag luaineacht agus suaiteacht, rud a chuir leis an bhfadhb chun ioncam a thuar. Ba é an bealach stuama ná spríoc oibríochta meá ar mheá a ghlacadh do 2010. Glacadh leis go bhfanfadh príomhfhoinsí ioncaim na heagraíochta agus a cuid tuarastal ag leibhéil 2009. Ní raibh aon dabht ariamh ann faoin tábhacht sháraitheach a bhain le huasmhéadú cistí do na cláir agus do na seirbhísí a raibh meas ag an bpobal orthu. Mar gheall air seo d'ullmhaigh an Bord gníomhaíochtaí teagmhasacha le costas a shábháil chun feidhmiú in éadan cailteanas ioncaim nach bhféadfaí a thuar agus chun ciste a chruthú le hinfheistíocht a dhéanamh i gclársceidealú iomaíoch. Is maith liom a thuairisciú go raibh Easnamh Glan de €4.7 milliún ag RTÉ ag deireadh 2010, toradh inchurtha i leith fadhbreathnaitheachta stuama, srianadh costais tiomanta, tóir chruthaitheach agus fuinniúil ar ioncam agus braistint freagrachta a bhí ag gach duine a d'oibrigh i RTÉ.

I mbliain a bhí éilitheach go maith tharla athruithe ag na leibhéil bhainistíochta is sinsearaí i RTÉ. I mí Bealtaine tháinig Glen Killane, a bhí ina Ghrúpcheannasaí ar Spórt roimhe sin, i gcomharbacht ar Noel Curran mar Bhainisteoir Stiúrtha Teilifíse. Dhá mhí ina dhiaidh sin ghlac an Bord go drogallach le cinneadh Chathal Goan

éirí as a phost mar Phríomh-Stiúrthóir ar chríochnú a chonradh seacht mbliana dó. Níl a chomhionann le fáil ar chion Chathail i leith na meán in Éirinn. Tar éis dó TG4 a bhunú i lár na 90aidí, d'fhill sé ar RTÉ le post an chéad Bhainisteoir Stiúrtha Teilifíse a ghlacadh sular ceapadh ina Phríomh-Stiúrthóir é in 2003. Threoraigh sé an eagraíocht trí na blianta is rathúla a bhí aici agus shuaimhnigh sé a cúrsa sna tosaí deacra ó 2008 i leith. Bhí sárcheannaireacht Chathail ceannasach ó thaobh cultúir, fiontair agus nuála. Beidh a thionchar múnlaith ina fhórsa deimhneach sna blianta amach romhainn. Guímid gach rath air agus muid ag cur fáilte roimh a chomharba, Noel Curran, a ceapadh i Samhain tar éis cuardaigh idirnáisiúnta agus comórtas poiblí. Cuireann an Tuarascáil seo síos ar na dúshláin líonmhara atá roimh Noel agus é ag dul i mbun oifige. Léiríonn sé freisin láidreacht eagraíocht seirbhíse poiblí na meán atá tiomanta don sármaithreas, do luach ar airgead agus do neamhspleáchas eagarthóireachta. Sin iad na cáilíochtaí inspioráideacha a chuireann ar chumas RTÉ breathnú thar a dheacrachtaí reatha agus todhchaí na mheán seirbhíse poiblí in Éirinn á múnú aige.

Tagann Bord RTÉ le chéile aon uair déag in aghaidh na bliana de ghnáth (dhá uair déag sa bhliain reatha) agus anuas air sin leanann a bhfochoistí lena gcláir oibre a dhéileáil le hlniúchadh agus Riosca, Cláir, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht,

Tionscadal 2025, Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta agus an Chomhairle Lucht Féachana. Tugann na comhaltaí uile a gcuid ama, a dtalainn agus a dtaithí go fial. Is mian liom mo bhuíochas agus mo mheas a chur in iúl as ucht a gcríonnachta, a gcomhghleacaíocht, a dtiomantas agus – ní ar an gcuid is lú – a ndea-ghiúmar.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Eamonn Ryan, a thug a thréimhse mar Aire Cumarsáide, Fuinnmh agus Acmhainní Nádúrtha chun críche le deireanaí. Ba mhaith liom féin agus leis an mBord aitheantas a thabhairt dá thacaíocht agus guímid gach rath air sa todhchaí. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis na hoifigigh sa Roinn agus sa BAI as a gcuirteis agus a ndúthracht i rith na bliana. Ba bhliain dheacair í 2010, ach is maith liom a thuairisciú gur leanamar orainn ag díriú ar ár seirbhís phoiblí riachtanach a sheachadadh. Leanfaimid orainn ag tabhairt tosaíochta don bheart seo sna tréimhsí éiginnte atá romhainn.

Tom Savage

Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra

Lean éiginnteacht eacnamaíoch dhomhain gan staonadh le linn 2010. Tar éis 18 mí de dhianmheath eacnamaíochta inar thit ioncaim RTÉ go tobann agus ina mb'éigean bonn costais na heagraíochta a laghdú go géar ach go cúramach, níor tháinig aon fheabhas bríoch ar an timpeallacht trádála. Choinnigh Éire uirthi teannta ag géarchéim airgeadais náisiúnta agus domhanda a chuaigh i bhfeidhm ar bheagnach gach cuid den tsochaí.

Ag tráth suaiteachta agus athraithe, is annamh cuspóir poiblí lánach RTÉ níos iomchuí nó níos tábhachtaí.

Tá ról lánach ag dualgas forordaithe RTÉ - a bheith cruinn, cóir agus neamhchlaonta, míniú agus dúshlán a thabhairt agus éalú agus siamsaíocht a sholáthar - chun cuidiú le daoine tuiscint níos fearr a fháil ar na himeachtaí casta agus neamhthuartha atá ag dul i gcionn ar a saol laethúil agus chun déileáil níos fearr leo. Ag an am céanna, éilíonn na brúnna airgeadais an-réadúla atá ag dul i bhfeidhm ar gach earnáil den tsochaí agus den rialtas ceistiú dlísteach dosheachanta faoi luach agus cuspóir gach caiteachas poiblí, lena n-áirítear meáin na seirbhíse poiblí.

Laistigh den chomhthéacs seo bhí ar RTÉ aghaidh a thabhairt ar a dúshlán airgeadais féin le linn 2010 tráth a raibh laghdúithe i maoiniú poiblí mar aon le freagrachtaí reachtúla troma nua. Bhí ar RTÉ an gá soiléir chun gearradh siar ar chostais oibríochta a chomhardú leis an ngá gan damáiste rómhór a dhéanamh dár gcumas chun freastal ar ár bhfreagrachtaí reachtúla agus ionchais éagsúla ár lucht féachana.

Is maith liom a rá gur éirigh le RTÉ an chothromaíocht dheacair cheart seo a bhaint amach le linn 2010. Ba mhóréacht é Easnamh Glan de €4.7 milliún a bhaint amach do 2010 sa timpeallacht eacnamaíochta reatha. Is creidiúint do gach duine atá ag obair i RTÉ é gur éirigh linn é sin a dhéanamh le linn dúinn cáilíocht ár seirbhísí a chothú agus a fheabhsú, ár lucht féachana a mhéadú agus freastal ar ár n-oibleagáidí reachtúla.

Bhí tosaíocht i gcónaí ag aschur agus ag seirbhís agus b'shin mar a bhí go daingean le linn 2010. Le linn na bliana thug RTÉ ceannródaíocht sa díospóireacht náisiúnta ar an ngéarchéim eacnamaíochta agus ar na hiarmhairtí treascracha ar theaghlach agus ar phobail ar fud na tíre tríd ár dtuairisciú laethúil ar Theilifís RTÉ, Raidió RTÉ agus RTÉ.ie.

Sna tréimhsí ag tús agus ag deireadh na bliana nuair a bhí aimsir sheaca againn agus le linn an cur isteach ar aerthaisteal de bharr an scamail de luathreamhán bolcánach, foinsí muiníneacha nach bhféadfaí déanamh dá

n-uireasa a bhí i seirbhísí RTÉ, go háirithe ár seirbhísí soghluaiste agus Ar Líne chun eolas cothrom le dáta a fháil.

Ní deacrachtaí ar fad a bhí i gceist: thug mórimeachtaí spóirt idirnáisiúnta agus náisiúnta le chéile muid trí sheirbhísí RTÉ. Ag buaicphointí, d'fhéach breis agus milliún duine ar Chraobh na hÉireann san Iomáint agus sa Pheil ar aon ar Theilifís RTÉ, ag ceiliúradh ár gcluichí náisiúnta le chéile. Rinne RTÉ freisin an clúdach cuimsitheach tras-ardán den Chorn Domhanda is mó riamh a sholáthar, ag sroicheadh breis agus trí mhilíúin duine le linn an ilchomórtais.

Bhí amhlaidh sa tSiamsaíocht, áit ar léirigh *The Late Late Toy Show* an mealladh gan chuimse a bhí aige do leanaí agus dá dteaghlach, agus bhain sé an lucht féachana ba mhó le scór bliain anuas i 2010. Lean Teilifís RTÉ uirthi ag léiriú scoth na gclár i ndrámáíocht na hÉireann, i gclár do dhaoine óga, clár siamsaíochta agus clár fhíorasacha thar na seánraí.

Tháinig athrú mór ar Raidió RTÉ le linn 2010. D'fhág bás tragóideach Gerry Ryan gur tháinig deireadh lena ré sonraíoch sa chraolachán. Bhí a chion tairbhe don eagraíocht seo agus, níos tábhachtaí fós, do shaolta a lucht éisteachta, ollmhór. Airímid uainn é taobh istigh agus lasmuigh de RTÉ. Ag freagairt dó seo lean a chomhghleacaithe ag cur siamsaíochta ar fáil, ag cur daoine ar an eolas agus ag cur fóram don phlé ar fáil gach lá thar seirbhísí raidió RTÉ. Tá ag éirí go maith le sceidil nua agus le glórtha nua agus leanann Raidió RTÉ air ag seachadadh na seirbhísí raidió "is mó a n-éistear leo" sa tír.

Chomh maith lenár bhfócas ar chláir agus ar ábhar den scoth a chothú, rinne RTÉ dul chun cinn suntasach ar roinnt príomhthionscadal le linn 2010. Tá na príomhthionscadal sin lánach do sholáthar ardchaighdeán meán na seirbhíse poiblí do lucht féachana na hÉireann agus sin ag dul romhainn amach. Tá bonn simplí mar thaca lenár gcur chuige, is é sin go bhfuil oibleagáid orainn agus an teicneolaíocht ag dul chun cinn, a chinntiú go mbíonn rochtain ag ár lucht féachana ar chláir RTÉ, gur féidir leo taitneamh agus úsáid a bhaint astu, uair ar bith, ar chaoi ar bith agus in áit ar bith gur mian leo.

Le linn 2010 lean RTÉ air ag forbairt seirbhísí nua soghluaiste agus ar líne; fuair sé cead pleanála d'athfhorbairt bhunáit RTÉ i nDomhnach Broc; agus lean RTÉNL leis an uasghrádú riachtanach ar infrastruchtúr tarchurtha chun seoladh náisiúnta an ardáin don Teilifís Trastíre Dhigití (DTT) i 2011 a chumasú.

Rinneadh uasghrádú suntasach ar RTÉ.ie agus athdheadh déanta ar an leathanach baile agus ar roinnt codanna eile chun cur le heispéireas an úsáideora agus rochtain níos éasca ar ábhar lánach agus ar sheirbhísí a chur ar fáil. Chuir na feabhsaithe le méadú 37% ar imprisin leathanach ar an láthair agus shroich meánmhéid de 85.4 milliún in aghaidh na míosa thar an bhliain. Lean an t-éileamh ar an RTÉ Player agus shroich meánruthanna clár 1.8 milliún in aghaidh na míosa.

Sheol Foilsitheoireacht RTÉ leaganacha iPhone agus Android dá seirbhís ar líne RTÉ News Now le linn 2010 a chuir ar chumas daoine a bheith cothrom le dáta leis an nuacht is deireanaí agus iad i mbun a ngnó. Faoi dheireadh na bliana bhí íoslódáil beagnach 200,000 uair déanta ar an bhfeidhmiúchán. I Lúnasa sheol Raidió RTÉ an feidhmiúchán digiteach nuálach RTÉ Radio Pocket Player don iPhone. Ceadaíonn an feidhmiúchán rochtain ar gach ceann de aon stáisiún déag de chuid Raidió RTÉ óna iPhone agus bhí íoslódáil déanta ag breis agus 40,000 úsáideoir air roimh dheireadh na bliana.

Tá craolachán teilifíse in Éirinn ag athrú ó tharchur analógach go digiteach. Tá sainordú tugtha ag an AE gur deireadh 2012 an dáta deireanach don Chasadh As Analóige (ASO) san Eoraip, agus faoin am sin ní mór córas tarchurtha digiteach ionadaíoch a bheidh seolta in Éirinn lena chinntiú gur féidir le lucht féachana na hÉireann uile leanúint lena rochtain ar theilifís saor-go-haer.

Tugann an *tAcht Craolacháin 2009* le fios go soiléir gur ar RTÉ atá an príomhfhreagracht an tseirbhís dhigiteach saor-go-haer nua a sholáthar. Faoin ASO, beidh €70 milliún infheistithe ag RTÉNL ag tógáil an infrastruchtúir atá riachtanach chun a chur ar chumas na hÉireann an t-aistriú rathúil a dhéanamh go DTT saor-go-haer. Is cuid



Ag tráth suaiteachta agus athraithe, is annamh cuspóir poiblí lárnach RTÉ níos iomchuí nó níos tábhachtaí.

shuntasach d'infrastruchtúr cumarsáide náisiúnta é seo agus tá sé á mhaoiniú ag RTÉNL amháin óna cuid acmhainní féin agus ó iasachtaí bainc.

Ó pheirspíocht eacnamaíochta náisiúnta, fágfaidh tarchur digiteach go mbeidh speictream raidió saor chun go mbainfidh seirbhísí cumarsáide tábhachtacha eile úsáid as mar shampla leathanbhanda, TV soghluaiste agus eile. Tá an Rialtas féin tar éis meastachán a dhéanamh go mbainfidh eacnamaíocht na hÉireann tairbhe suas le €500 milliún thar na deich mbliana atá romhainn as an gcasadh go teilifís dhigiteach. Is ranníocaíocht an-suntasach é seo de chuid RTÉ isteach sa chiste náisiúnta.

Saorview an t-ainm atá ar an tseirbhís dhigiteach nua saor-go-haer atá á seoladh ag RTÉ in ionad an chórais analóige. Beidh na seirbhísí teilifíse trastíre Éireannacha reatha uile ar an tseirbhís nua Saorview mar aon le roinnt seirbhísí nua. Beidh Saorview inrochtana ag cách agus cinnteoidh sé todhchaí teilifíse saor-go-haer na hÉireann. Cuireadh an tseirbhís thrialach ar siúl i ndeireadh Dheireadh Fómhair 2010. Seolfar an tseirbhís iomlán do thomhaltóirí i Samhradh 2011.

Tharla an ghníomhaíocht agus an t-infheistiú seo go léir agus an eagraíocht ag obair lena cúrsaí airgeadais a thabhairt ar ais go dtí pointe meá ar mheá ainneoin cúlra de leibhéil ioncain thráchtála a bhí tite go mór, leibhéil a bhí i bhfeidhm ó 2008-9. Tharla laghdú freisin thar 2010 san ioncam poiblí ó bhailiú an táille ceadúnais a bhain le toscaí éagsúla, lena n-áirítear laghdú €4 milliún ag éirí as bhaint mhéadaithe i leith an Chiste Chraolacháin arna riaradh ag an BAI, a tugadh

isteach san *Acht Craolacháin 2009*. Meastar go raibh éifeacht costais dhíreach de thart ar €7 milliún in aghaidh na bliana aige seo agus ag athruithe eile a tugadh isteach faoin Acht. Sa chomhthéacs seo is ualach suntasach iad na hiarmhairtí eile ar ioncain RTÉ atá cuimsithe sa ghearradh siar ar mhaoiniú poiblí a fógraíodh i mBuiséad an Rialtais i Nollaig 2010, ar ionann agus ualach costais breise iad de €15 milliún ar a laghad i mbliain iomlán, anuas ar na hathruithe a tugadh isteach san *Acht Craolacháin 2009*.

Cuirfidh an laghdú ar ioncam ón táille teilifíse a raibh athruithe ar mhaoiniú TG4 de thoradh air, costas díreach €10 milliún ar RTÉ, agus meastar go gcosnóidh uasteorannú mhaoiniú leasa shóisialaigh in ionad táillí ceadúnais lucht an phinsin €3 milliún in aon bhliain amháin, agus fágfar ann é. Áirítear go gcosnóidh athruithe eile i dtobhaigh fostóra/PRSI €2 milliún breise in aghaidh na bliana. Is ionann an €22 milliún seo le chéile d'iarmhairtí diúltacha agus ceithre oiread an Easnamh Ghlan a tuairiscítear anois ag deireadh na bliana, rud a thugann léargas soiléir ar scála an dúshláin úir atá roimh RTÉ.

Is cuid de thimpeallacht oibríochta RTÉ anois iad na hathruithe seo agus ní mór iad a thógáil ar bord leis an disciplín agus an solúbthacht a léiríodh go dtí seo i mbainistiú an titim in ioncam tráchtála. Caithfidh sé go mbeidh sé níos dochraidí ag an eagraíocht, tar éis di méideanna suntasacha costais a bhaint dá hoibríochtaí le dhá bhliain anuas agus leibhéil seirbhíse á gcothú, tuilleadh coigiltí suntasacha a bhaint amach. Rachaimid sa tóir ar na coigiltí riachtanacha agus bainfidimid amach iad, agus muid ag déanamh ar an bpointe ina gcuireann gníomhaíochtaí beartais a laghdaíonn

ioncam RTÉ brú ar théarmaí tagartha agus ar dhualgais RTÉ. Déanfaidh RTÉ a mhíle dícheall freagairt dheimhneach a thabhairt do na brúnna agus na dúshláin uile agus freastal ar an bpobal agus ar an bpobal náisiúnta ar an mbealach is leithne agus is iomláine agus is féidir.

Mar Phríomh-Stiúrthóir nuacheaptha, tuigim go maith go bhfuil staid phribhléide ag RTÉ. Agus oibleagáidí reachtúla soiléire aige, faigheann RTÉ maoiniú poiblí chun cuspóir poiblí leathan a chomhlíonadh laistigh de thimpeallacht meán atá beo fuinniúil agus éagsúil. Is rogha beartais poiblí é seo, a athdheimhníodh le fíordheireanaí san *Acht Craolacháin 2009*. Creidim anois níos mó ná riamh, i dtimpeallacht na meán digiteach ina bhfuil rogha níos mó agus níos mó, gurb é is fearr a chinntíonn gur féidir le lucht éisteachta na hÉireann leanúint lena rochtain saor-go-haer ar raon éagsúil de nuacht, de chúrsaí reatha agus d'ábhar sainiúil Éireannach ardchaighdeán gur féidir leo muintín a bheith acu as.

Is iomaí dúshlán atá amach roimh RTÉ – dúshlán airgeadais, reachtúla, teicneolaíochta agus chruithaitheacha. Táimid suite go maith agus réidh le haghaidh a thabhairt orthu.

Ar deireadh ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don té a tháinig romham, Cathal Goan. Beidh a chion ollmhór i leith chraoltóireacht na hÉireann agus saol cultúrtha na hÉireann le brath as seo go ceann roinnt mhaith blianta. Guím rath air sa todhchaí thar ceann an uile dhuine in RTÉ.

Noel Curran

sin a
chaoi leis
an gcúigiú
ceann
a cheilt
orthu



Lean RTÉ Spórt ag cur caithréimeanna móra saor-go-haer ar fáil ar RTÉ Two i rith 2010, gach ceann de na deich n-imeacht spóirt is mó a raibh tóir orthu i rith na bliana á chraoladh acu. Is iad Craobhchluichí Chumann Lúthchleas Gael i Meán Fómhair, idir pheil agus iomáint, buaicphointe na bliana spóirt na hÉireann. Ba rud ar leith ar fad é craobh na hiomána in 2010, le Cill Chainnigh ag iarraidh an chraobh a bhaint don chúigiú uair as a chéile. Cluiche den scoth a bhí ann agus bhain an lucht féachana is mó riamh do chraobh iomána, sásamh as ar Theilifís RTÉ, buaic de 1.24 milliún sna nóiméid dheireanacha nuair a d'éirigh le Tiobraid Árann an chraobh a sciobadh leo.



Athbhreithniú Oibriúcháin

Teilifís RTÉ



Coming of Age



The School - Eamon Gaffney Príomhoide
Choláiste Naomh Peadar Dún Búinne

Ba bhliain í 2010 arb iad a príomhthréithe ná dúshláin leanúnacha airgeadais agus ghiniúnt ioncaim do Theilifís RTÉ. Ba ghá, dá dhroim sin, tiomáint níos mó fós i dtreo nuála agus cruthaitheachta i samhailteacha léirithe agus tráchtála, chun seachadadh cláir theilifíse iomchuí agus ilchineálach d'ardchaighdeán don phobal féachana a chinntiú.

Bhí tosaíocht ag cláir bhaile, mar a bhíonn i gcónaí, agus i 2010 craoladh 5,030 uair an chloig de chláir dhúchasacha shainiúla thar na seánraí go léir. Is léir mealladh agus ábharthacht na gclár seo don lucht féachana sa mhéadú ar bhuaicscar ilchainéal Theilifís RTÉ go 36.3% faoi dheireadh na bliana. Is éacht agus cúis mhaote é seo ag cur an mhóréilimh atá ag lucht féachana in Éirinn ar fhormáidí theilifíse

idirnáisiunta san áireamh, an líon de chainéil theilifíse nideoige atá ag méadú agus dul i bhfód na theilifíse digití i measc teaghlaigh na hÉireann – atá anois ag 70%. Sheas cláir leathana il-seánra RTÉ One agus RTÉ Two an fód in aghaidh an dúshláin agus ba chlár bhaile a chraol Theilifís RTÉ 17 den 20 clár is mó a raibh éileamh orthu in 2010.

Rinneadh uasmhéadú ar na sraitheanna ioncaim laistigh den chreat reachtúil a leag an BAI síos. Chuidigh comhpháirtíochtaí tráchtála iontaofa chun tionscadail nua a chur ar an aer narbh fhéadfaí acmhainní a fháil dóibh ar aon bhealach eile, lena n-áirítear *Fame The Musical* agus *The Festival Roadshow*. Tairgíodh deiseanna tráchtála trasmeán do lucht fógraíochta chun láithriú branda a chomhdhlúthú agus díriú ar lucht féachana iolracha, a raibh

feachtais rathúla mar thionscnamh *Kellogg's Field of Dreams* mar thoradh orthu.

RTÉ Tras-Ardáin

Tugadh faoi líon de thionscnaimh trasardáin thábhachtacha agus chuaigh siad i bhfeidhm ar an bpobal féachana. Ba sheachtain de chlár ar théama é *Aftershock* a dhírigh ar Éirinn tar éis an tobchliste eacnamaíoch: an chaoi a raibh daoine ag déileáil leis, cad iad na ceachtanna ar ghá a fhoghlaim agus cé na treonna as a thiocthadh téarnamh. Bhí bá ar leith ag an lucht féachana leis seo. Léirigh taighde go raibh breis agus 60% do dhaoine fásta eolach ar théama na seachtaine sin. Dóibh siúd a chuala trácht ar *Aftershock*, áitíodh ar dhuine as cúigear breathnú ar cheann de na cláir.

Chuir RTÉ *Coming of Age* i láthair, séasúr i gcomhthráth le Seachtain an Aosaigh Dhearfaigh, a scrúdaigh an t-eispéreas de dhul in aois in Éirinn. Thar gach ceann dár n-ardáin, bhí an séasúr dírithe ar lucht féachana de gach aois ó faoi bhun a 14 ar aghaidh. Ba shampla é den togra uathúil a thairscíonn RTÉ – béim á leagan ar théamaí agus ar ábhair imní do mhuintir an oileáin seo thar na hardáin go léir ag an aon am amháin a chumasaíonn dul i ngleic domhain le hábhair suime. Ar chlár de chuid Theilifís RTÉ bhí an clár faisnéise breathnadóireachta dhá pháirt *The Home*, ar tugadh moladh criticiuil sonrath dó.

Scar na gcainéal do dhaoine aonair 4+ go náisiúnta don lá ar fad - Beo

	2010	2009
RTÉ One	23.2	24.2
RTÉ Two	10.2	10.2
TG4	2.1	2.6
TV3	12.2	11.9
BBC1	4.5	5.1
UTV	3.8	4.4
Channel 4	2.8	3.6
BBC2	2.6	2.9
Sky One	1.4	2.2
Sky Sports 1 agus 2	1.2	1.4
E4	1.0	1.2
Sky News	0.9	1.1
Nickelodeon	0.7	0.8
Eile	33.7	28.6

Foinse: TAM Ireland Limited/Nielsen TAM

Scar na gcainéal do dhaoine aonair 4+ go náisiúnta ag buaicamanna - Beo

	2010	2009
RTÉ One	30.3	30.5
RTÉ Two	10.6	10.7
TG4	2.0	2.3
TV3	13.1	12.8
BBC1	4.1	4.8
UTV	3.9	4.3
Channel 4	2.6	3.3
BBC2	2.3	3.0
Sky One	1.5	2.0
Sky Sports 1 agus 2	1.0	1.1
E4	0.9	1.0
Sky News	0.5	0.7
Nickelodeon	0.2	0.4
Eile	27.1	23.2

Foinse: TAM Ireland Limited/Nielsen TAM



Hardy Bucks - Eddie agus Buzz



Arts Lives - John Connolly

Fíorasach RTÉ

Chuaigh dhá shraith de chlár fhaisnéise i bhfeidhm ar dhaoine ag tús na bliana agus léirigh ceann de phríomhchuspóirí RTÉ: saolta lucht féachana teilifíse a shuibhriú. Chuir mic léinn agus múinteoirí meánscoil Naomh Peadair i nDún Búinne, rochtain shonraíoch ar fáil trí chuireadh a thabhairt do lucht féachana teilifíse isteach sa sraith *The School*. Tugadh léirmheasanna dearfacha don tsraith agus mheall sí lucht féachana mór nuair a craoladh í in Eanáir.

Music Changes Lives, sraith faisnéise breathnadóireachta úrnuá ceithre pháirt faoi chumhacht athraíoch an cheoil a thairg léargas freisin ar chleachtadh oideachasúil comhaimseartha agus tairgí oideachasóirí agus mac léinn araon.

Rinne sraith de chlár fhaisnéise *Arts Lives* cur síos ar shaoilta ealaíontóirí ó Gavin Friday go John Connolly; Sean Scully go Gilbert O'Sullivan agus dhírigh *Wild Journeys* isteach ar na taistealaithe fiabheatha is gaisciúla in Éirinn agus ar na turais dhochreidthe a dhéanann siad gach uile bhliain.

Tháinig an bhliain chun críche le sraith eile de chlár fhaisnéise a rinne iniúchadh ar ghnéithe de shaol daoine óga nach bhfeictear go minic: thairg *Bright Young Things* léiriú ar shaoilta leanaí an-éirimiúla sa tír seo; nocht *Child Carers* na dúshlán a bhíonn roimh cuid mhór leanaí Éireannacha amach a oibríonn mar phríomhchúramóirí dá dtuismitheoirí agus rinne *The Last Days of Phoebe Prince* cur síos ar scéal tragóideach an chailín scoile cúig bhliana déag ó Chontae an Chláir a chuir lámh ina bás féin tar éis feachtas bullaíochta i meánscoil in Massachusetts. Lean *An Cór* sé chór agus iad á dtumadh féin i gcultúr, i dteanga agus i stair amhrán traidisiúnta Gaeilge mar Báidín Fheilimí, agus ba shraith de chlár fhaisnéise bhreathnadóireachta eile a bhí i *Teens in the Wild* á cur i láthair ag an siceolaí cliniciúil, an Dr David Coleman, iad dírithe ar chailíní sna déaga an babhta seo.

Na 10 gclár ba mhó a raibh tóir orthu 1 Eanáir – 31 Nollaig 2010 – Gach Cainéal Beo Náisiúnta, Daoine 4 bliana d'aois +

Rang	Clár	Cainéal	Lá	Dáta	Am	TVR	000aidí	Sciar
1	The Late Late Toy Show	RTÉ One	Aoine	26/11/2010	21:36 - 23:54	32.21	1,318	71.9
2	The Sunday Game Live Hurling Final - Kilkenny v Tipperary	RTÉ Two	Domh	05/09/2010	15:23 - 17:26	23.93	979	68.8
3	The Rose of Tralee 2010	RTÉ One	Máirt	24/08/2010	21:36 - 23:20	22.21	916	54.0
4	RTÉ News: Nine o'clock	RTÉ One	Máirt	21/12/2010	21:01 - 21:29	21.75	890	46.6
5	RTÉ News: Six One	RTÉ One	Céad	01/12/2010	18:01 - 18:53	21.32	872	55.2
6	The X Factor: The Results	TV3	Domh	12/12/2010	19:29 - 21:30	20.15	824	43.8
7	The Eurovision Song Contest	RTÉ One	Sath	29/05/2010	20:00 - 23:20	19.35	798	52.4
8	Prime Time Investigates: Carry on Regardless	RTÉ One	Luan	20/12/2010	21:34 - 22:30	19.15	783	43.8
9	Fair City	RTÉ One	Máirt	30/11/2010	20:04 - 20:31	19.04	779	42.2
10	The Sunday Game Live Football Final - Cork v Down	RTÉ Two	Domh	19/09/2010	14:47 - 17:36	18.83	770	60.0

Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM

Aon Lá Aon Am - An Eipeasóid is Fearr. Clár rangaithe de réir TVR, athraíonn uilephobal trí huair in aghaidh na bliana. An t-achar clár is lú 15 nóiméad

In 2010 chraol Teilifís RTÉ 5,030 uair an chloig de chlár dhúchasacha shainiúla thar na seánraí go léir

Athbhreithniú Oibriúcháin

Teilifís RTÉ (ar lean)




When Harvey Met Bob - Domhnall Gleeson i bpáirt Bob Geldof




The Sunday Game Live - láithreoir Michael Lyster

Uaireanta dúchasacha a craoladh ar Theilifís RTÉ le linn Buaicuaire do réir seánraí




Foinse: RTÉ

Anailís ar ábharbuaicamanna Theilifís RTÉ



Foinse: RTÉ

Uaire fotheidealaithe Theilifís RTÉ



Foinse: RTÉ

Bhí *Fair City* an sobaldráma ba mhó a raibh éileamh air i measc na sobaldramaí go léir a bhí ar fáil ar aon chainéal in Éirinn le linn 2010.

Siamsaíocht RTÉ

Ba bhliain ghnóthach eile í sa tsiamsaíocht agus *The Late Late Toy Show* sa chéad áit arís i measc na gclár ba mhó a raibh tóir orthu agus meán de 1.32 milliún lucht féachana aige; mheall an chéad eipeasóid eile den *Late Late Show* ba mhó a raibh tóir air breis agus 904,000 lucht féachana. D'éirigh le céad láithriú Dhaithí Uí Shé mar láithreoir *Rose of Tralee* an lucht féachana ba mhó le breis agus deich mbliana a bhaint amach d'fhéile na Rós (buaic 1.07 milliún); d'éirigh leis an *Eurovision Song Contest* meán de 800,000 lucht féachana a tharraingt. Bhí *The All Ireland Talent Show* i measc an 20 clár ba mhó a raibh tóir orthu, mar a bhí *Winning Streak* agus an clár faisnéise eapainmneach brónach, Gerry, a rinne cur síos ar an gcaoltóir a bhí conspóideach ar uairibh nó bréagnaitheach ar uairibh eile, ach é i gcónaí ina steillebheatha, an bhliain in ar cailleadh é. Bhain Brendan O'Connor ina chéad shéasúr de *The Saturday Night Show* lucht féachana suntasach amach dó féin oícheanta Shathairn, meascán mealltach de ghreannaíocht, de chaint bhriomhar agus den cheol á chinntiú don lucht féachana. Ar chlár nua siamsaíochta ar RTÉ Two áirítear *The Savage Eye*, a thairg aoir ghéar agus a raibh glacadh criticiúil aige den chuid is mó. Chruaigh *ICA Bootcamp* agus *Don't Tell The Bride* go maith nuair a craoladh mar chlár píolóta iad. Rinneadh athchoimisíniú ar na trí chlár do shraithanna ina dhiaidh sin i 2011.

Drámaíocht RTÉ

Chraol RTÉ 139 uair an chloig de dhrámaíocht na hÉireann ag buaicuaire in 2010 a chlúdaigh raon téamaí agus a d'fhreastal ar lucht féachana éagsúla. Ar an drámaíocht nua áiríodh *Love/Hate*, sraith cheithre pháirt a bhain gradam IFTA, suite i gceantar drongchoirpeachta Bhaile

Átha Cliath a raibh príomhpháirteanna ag Robert Sheehan, Aidan Gillen, Ruth Negga agus Ruth Bradley inti; dráma gnéfhad *When Harvey Met Bob*, athsint ar an ngaol idir Bob Geldof agus Harvey Goldsmith (Domhnall Gleeson agus Ian Hart sna príomhpháirteanna) agus *Live Aid* á eagrú; *Wild Decembers* leis an scríbhneoir clúiteach Éireannach Edna O'Brien, agus sraithchlár nua trí pháirt ag díriú ar buaiteoirí chomórtais *StoryLand RTÉ*, *Hardy Bucks*. Bhain an dara sraith de *Raw* dhá oiread de lucht féachana amach nuair a d'aistirigh sí go RTÉ One ó RTÉ Two le haghaidh sé eipeasóid nua. D'fhill *Single-Handed*, a craoladh mar shraithchlár dhá pháirt roimhe seo, mar shraith de sé chlár ar chomhléiriú í le ITV i 2010. D'fhág an maoiniú a fuarthas do chomhléiriú go rabhtas ábalta níos mó uaireanta an chloig den dráma seanbhunaithe a raibh éileamh air a chur ar fáil do lucht féachana na hÉireann gan aon chostas breise. Leanadh le *Fair City* RTÉ le ceithre eipeasóid in aghaidh na seachtaine agus scéalta tarraingteacha ann a d'fhág gurb é an sobaldráma ba mhó a raibh éileamh air i measc na sobaldramaí go léir a bhí ar fáil ar aon chainéal in Éirinn le linn 2010 – éacht iomaíoch nach beag.

Stíl Mhaireachtála RTÉ

Rinneadh dhá chlár nua lae a sheachadadh le linn 2010: *Four Live*, á chur i láthair ag Maura Derrane, ag díriú ar leidí agus ar eolas faoi ábhair ar nós sláinte, faisean, bia agus cócaireacht, agus chuir *The Daily Show*, á láithriú ag Clare Byrne agus Daithí Ó Sé, coimriú de scéalta nuachta agus siamsaíochta a bhí go mór sa nuacht ar fáil. Mheall cócairí mar Richard Corrigan, Rachel Allen, Catherine Fulvio agus Nevin Maguire an lucht féachana le sóláistí agus le hoidis shláintiúla agus chuir saineolaithe mar Feargal Quinn, Eddie Hobbs agus Keelin Shanley comhairle ar fáil d'úinéirí gnólachtaí



The Daily Show láithreoirí Claire Byrne agus Daithí Ó Sé le láithreoir Four Live Maura Derrane



Láithreoirí RTÉjr Reuben, Óige agus Emma le Ezra Oolaoya, Daniel Oolaoya, Ella Nevin agus Mia Barry

agus do thomhaltóirí ar an gcaoi is fearr le luach níos fearr a fháil ar a gcuid airgid.

Daoine Óga RTÉ

Ba bhliain an-suntasach í 2010 d'aschur Dhaoine Óga ar RTÉ le seoladh dhá bhlocbhanda cainéil nua thar Theilifís, Raidio agus RTÉ.ie i Meán Fómhair: B'shin iad RTÉjr, do leanaí sé bliana d'aois agus níos óige agus TRTÉ do leanaí ó 7-15 bliain d'aois. Ghlac an dá bhloc seo le chéile áit The Den a raibh 20 bliain slánaithe aige. Cinntíonn na sceidil seo nach mbíonn lucht féachana óg na hÉireann níos mó ná tríocha nóiméad ar shiúl ariamh ó léiriú Éireannach; ó scéalta agus ó aschur a léiríonn an domhan láithreach ina bhfuil siad agus a saolta féin.

Spórt RTÉ

Is í RTÉ Sport an tseirbhís is mó i gcónaí a n-iompaíonn lucht tacaíochta agus lucht leanúna spóirt sa tír seo chuici, cuma an d'imeachtaí spóirt idirnáisiúnta nó náisiúnta é. Chraol RTÉ Two gach ceann de na 10 imeacht spóirt is mó ar breathnaíodh orthu ar an teilifís sa tír seo le linn 2010. Rinneadh clúdach cuimsitheach ar Chraobhchluichí CLG, Sé Náisiún RBS, cluichí cáilíochta Euro 2012, Cluichí rugbaí idirnáisiúnta an Fhómhair, Magners League (den chéad uair), Sraithchomórtas Airtricity, mar aon le Sraithchomórtas Seaimpíní UEFA, an Premiership, rásaíocht chapall, dornálaíocht, lúthchleasaíocht agus ar ndóigh Corn Domhanda FIFA, a sheachadadh saor-go-haer ar Theilifís RTÉ.

Cuireann cláir spóirt deis annamh ar fáil chun tagarmharcáil a dhéanamh ar sheirbhís agus ar éifeacht RTÉ i gcomparáid le soláthróirí eile. Bhí cluichí an Chorn Domhanda á dtairiscint do lucht féachana na hÉireann ag RTÉ agus ag craoltóirí ón Ríocht Aontaithe a bhí in iomaíocht linn. Tháinig anailís agus clúdach painéil RTÉ ó Bhaile Átha Cliath agus foireann 11 duine a thaisteal chun na hAfraice Theas le linn do chraoltóirí na RA stiúideonna costasacha ar an láthair a úsáid agus na céadta foirne ar an láthair san Afraic Theas leis na cluichí a chlúdach. Ina dhiaidh sin thairg RTÉ lear níos cuimsithí cluichí ná mar a rinne an

D'fhéach 3.1 milliún duine ar chlúdach RTÉ Two ar Chorn an Domhain – sin triúr as gach ceathrar in Éirinn – ar chodán den chostas a chaith craoltóirí eile de réir mar a tuairiscíodh

lucht iomaíochta, agus mheall níos mó de lucht féachana na hÉireann: bhreathnaigh 3 as gach 4 duine in Éirinn ar an gCorn Domhanda ar RTÉ Two – sroicheadh suas le 3.1 milliún de lucht féachana ar a laghad thar an ilchomórtas.

Sa mbaile, bhí an lucht féachana is mó riamh do chraobhchluiche iomána ag Craobh na hÉireann san Iomáint agus buaicphointe nóiméad amháin le 1.24 milliún lucht féachana sna nóiméid dheiridh nuair a bhuail Tiobraid Árann Cill Chainnigh ar bhealach an-suntasach i gcoimhlint a mbeidh cuimhneamh air. Bhí an lucht féachana is mó le cúig bliana ag Craobh na hÉireann sa Pheil – le buaic de 1.06 milliún.

Gníomhaíocht agus Feidhmíocht Tráchtála

D'fheidhmigh ioncam fógraíochta teilifíse measartha maith i 2010, fás 1% in aghaidh na bliana. Tháinig an príomhfheabhas ar ghníomhaíocht tráchtála i 2010 thart ar Chorn Domhanda FIFA sa Mheitheamh. Cé nach raibh na leibhéil fáis tar éis an Chorn Domhnada chomh maith agus a bhí le linn míonna an tsamhraidh, baineadh ardaíthe foriomlána bliain ar bhliain ar ioncam amach thar míonna na bliana a bhí fanta.

Bhí éiginnteacht agus cinnteoireacht mhall in uachtar sa mhargadh fógraíochta i 2010 agus an aeráid eacnamaíochta ag dul i bhfeidhm i gcónaí ar lucht fógraíochta. D'fhág réasúnú laistigh de chuideachtaí cliant go raibh treocht mhéadaithe ann an chinnteoireacht maidir le pleananna margaíochta Phoblacht na hÉireann a bhogadh go dtí an Ríocht Aontaithe agus go dtí ceanncheathrúna idirnáisiúnta eile lasmuigh d'Éirinn.

Lean RTÉ uirthi ag forbairt a tairscintí tráchtála le linn 2010 agus cur chuige trasmheán níos comhtháite a thairscint do chliant agus do ghníomhaireachtaí tríd an Fhoireann Díolacháin Cliant, ag baint barrfheabhais as cumais ilardáin uathúil RTÉ. Bhí Kellogg's Field Of Dreams, Summer of Discovery agus Best Of Real Food de chuid SuperValu ar chuid de na príomhthionscadail trasmheán i rith na bliana. D'aithin tionscal na Margaíochta ról RTÉ mar pháirtí na meán agus mar léiritheoir ábhair do na feachtais seo a thug an lá leo agus ainmníodh na tionscainmh do ghradaim mhargaíochta agus na meán.

D'fheidhmigh teacht isteach ó Urraíocht Theilifíse go sásúil le linn 2010. Bhí roinnt rathúlachtaí mór le rá a bhain le cláir a bhí maoinithe ag fógróirí mar an dara séasúr de Dragons' Den (Banc na hÉireann), Fame The Musical (Spar), Supergarden (Woodie's DIY agus Bord na Móna) agus Festivals Roadshow (Fáilte Ireland).



Tar liomsa go dtú tír na n-óg, domhan na samhláíochta



Is rud ar leith é *The Late Late Toy Show*. Níl clár díreach mar é in áit ar bith eile ar domhan. Meallann sé leanaí agus daoine fásta araon agus is oíche speisialta teilifíse don teaghlach ar fad é. Bhí an *Late Late Toy Show 2010* lena bheochan oscailte draíochta ar théama Willy Wonka ar an gclár is mó ar breathnaíodh air i rith na bliana le lucht féachana de 1.32 milliún – b'shin 71.9% díobh siúd ar fad a bhí ag breathnú ar an teilifís in Éirinn an oíche úd.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Raidió RTÉ



RTÉ Radio Pocket Player



Veain Campála Tubridy

Na 10 gClár Raidió Náisiúnta Lán-Seachtainiúla is Mó Tóir – Daoine Fásta 15+ Sroicheadh Bloc-Ama do Stáisiún Tráchtála Náisiúnta Eanáir – Nollag 2010

Rang	Clár	Stáisiún	Bloc-Ama	Tréimhse	% Lón Daoine Fásta	
					Aimsiú	15+ (000idí)
1	Morning Ireland	RTÉ Radio 1	07:00-09:00	Luan-Aoine	13%	449
2	Marian Finucane	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Satharn	11%	400
3	Liveline with Joe Duffy	RTÉ Radio 1	13:45-15:00	Luan-Aoine	11%	392
4	Marian Finucane	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Domhnach	11%	369
5	The Business	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Satharn	10%	351
6	News at One	RTÉ Radio 1	13:00-13:45	Luan-Aoine	10%	335
7	The Tubridy Show/The John Murray Show	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Luan-Aoine	9%	332
8	Playback	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Satharn	9%	326
9	Today with Pat Kenny	RTÉ Radio 1	10:00-12:00	Luan-Aoine	9%	324
10	Miriam Meets	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Domhnach	7%	262

Foinse: JNLR/Ipsos MRBI 2010/4

Bhí dúshlán agus athruithe ag baint leis an mbliain 2010 do Raidió RTÉ.

Rinne Raidió RTÉ na harduithe i dtreochtaí 2007 agus 2008 maidir le lucht éisteachta a chothabháil go leanúnach agus léiríodh méadú i lucht éisteachta RTÉ lyric fm ar an deireadh seachtaine agus i mBaile Átha Cliath. Cuireadh aghaidh nua Raidió RTÉ i láthair an lucht éisteachta in 2010. Cuireadh sceidil ilghnéitheacha chun cinn i measc an lucht éisteachta le cuma nua ghlan agus tras-fheachtais chur chun cinn; rinneadh na feabhsuithe in ainneoin cúlra fioscach dúshlánach a raibh tionchar aige ar eagraíochtaí uile na meán, cúlra a d'éirigh níos dúshlánaí i gcaitheamh na bliana.

Bhí bliain dheacair agus bliain chrua ag RTÉ 2fm, agus an fhoireann agus na bainisteoirí ag déileáil le hathruithe beartaithe agus dúshlán mhóra narbh fhéidir a thuar. Leagadh bonnchloch le haghaidh athfháis ag an gcainéal i gcaitheamh 2010 le sceideal láidir don mhaidin a bhí tarraingteach do lucht fógraíochta agus lucht éisteachta araon. Ag an am céanna, lean RTÉ Raidió na Gaeltachta le pobail ilghnéitheacha a aontú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, rud a léirigh an chúis gur tháifead an stáisiún an sroicheadh ab airde ó cuireadh tús le suirbhéanna.


Lean Raidió RTÉ le pleananna a chur chun cinn maidir le raidió ar an ngréasán agus ar ardáin digiteacha eile i gcaitheamh 2010, le seoladh an *RTÉ Radio Pocket Player* le haghaidh an iPhone in 2010 a ndearnadh breis agus 40,000 mír a íoslódáil air faoi dheireadh na bliana. Tá sé beartaithe é a fhorbairt le haghaidh na n-ardán Android agus tá nuamhaisiú beartaithe le haghaidh seirbhísí gréasáin Raidió RTÉ le haghaidh 2011. Idir an dá linn, seoladh Aonad Léiriúcháin Neamhspleách Raidió RTÉ, a dhéanann cláir a choimisiúnú ón earráil neamhspleách le haghaidh RTÉ.

RTÉ Radio 1

Leanadh le cláir den chaighdeán is airde a léiriú in RTÉ Radio 1 i gcaitheamh 2010. Léiríonn na figiúirí JNLR is déanaí go ndearnadh seasamh RTÉ Radio 1 a chomhdhlúthú tuilleadh mar an stáisiún raidió is mó tóir in Éirinn, agus na deich gclár is mó a mbíonn daoine ag éisteacht leo in Éirinn á gcaoladh ar RTÉ Radio 1. Bhí clúdach RTÉ Radio 1 ag croílár na drochbhliana a bhí againn. Rinneadh clúdach mór ar an sneachta i mí Eanáir, an t-anord a bhain leis an luathreamhán bolcánach, an tarrtháil IMF/AE agus an Plean Ceithre Bliana; an Buiséad agus fillleadh an tsneachta i mí na Nollag. Clúdaíodh na cluichí go léir san Heineken Cup agus i gCraobhchomórtas na Sé Náisiún ar RTÉ Radio 1, chomh maith le

Sciar den Lucht Éisteachta Náisiúnta Raidió 2010 Laetha na Seachtaine/Buicaire

RTÉ Radio 1	22.7%
RTÉ 2fm	8.2%
RTÉ lyric fm	1.7%
RTÉ Raidió na Gaeltachta	0.5%
Today FM	9.3%
Newstalk 106 - 108fm	4.0%
Stáisiún Réigiúnacha/áitiúla	53.6%



Foinse: JNLR/Ipsos MRBI Eanáir - Nollag 2010

Rinne RTÉ Radio 1 a sheasamh a chomhdhlúthú tuilleadh mar an stáisiún raidió is mó tóir in Éirinn



Smells like Saturday le Zig agus Zag



Big Music Week



Gerry Ryan

gach babhta de na Craobhchomórtais Iomána agus Peile CLG. Baineadh méadú mór amach maidir le haschur laistigh le hacmhainní a bhí ann cheana féin.

Le *Documentary on One*, de chuid RTÉ Radio 1, a bhfuil gradaim bainte amach aige, craoladh 47 clár faisnéise raidió nua in 2010, rud a léirigh ardú de bheagnach 40% in aschur bliain ar bhliain. Tá 29 gradam, idir ghradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta, faighte ag an snáithe *Documentary on One* ó mhí Mheán Fómhair 2008, rud a chiallaíonn gurb é an t-aonad clár faisnéise raidió is rathúla ar domhan é san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach.

Leanadh ag tabhairt drámaíocht, foirm ealaíne atá ag éirí níos neamhchoitianta, chuig an lucht éisteachta, le *Drama on One* de chuid Raidió RTÉ. Bhí tríológ *Alice* de chuid Tom Murphy, dráma nua de chuid an stiúrthóra ardmholta, John Boorman agus an léiriúchán le haghaidh an raidió de *The Burial at Thebes* le Seamus Heaney i measc na mbuaicphointí.

Ba in 2010 freisin, a d'imigh an Tráchtair Spóirt cáiliúil, Mícheál Ó Muircheartaigh ar scor, tar éis réise de os cionn seasca bliain a chaitheamh i mbun na hoibre. Nuair a bhásaigh Gerry Ryan go tobann, d'fhág Ryan Tubridy RTÉ Radio 1 le háit *The Gerry Ryan Show* ag 9.00 r.n. a thógáil ar RTÉ 2fm. Thóg John Murray áit Ryan Tubridy ag 9.00 r.n. ar RTÉ Radio 1, agus tá an-tóir ar a mheascán de ghreann agus d'ionbhá, mar is léir trí aiseolas iniúchta ón lucht éisteachta. Rinneadh láithreoir buan de Rachael English, láithreoir fadbhunaithe i gcúrsaí reatha, ar *Morning Ireland*. Léiríodh chomh maith is a bhí ag éirí le Ruth Buchanan mar láithreoir *Playback* sna figiúirí JNLR agus nuair a d'imigh sí ar scor i mí na Samhna, tháinig Marian Richardson in háit ar an gclár.

In 2010, d'oibrigh RTÉ Radio 1 i gcomhar le Teilifís RTÉ agus Foilsitheoireacht RTÉ in dhá imeacht Trasmheán, *Coming of Age Week* agus *RTÉ Big Music Week*. Idir an dá linn, seoladh an rannán nua Léiriúcháin Raidió Neamhspleách; craoladh clár ón

Socraíodh in RTÉ 2fm dul i mbun feachtais athshuite lucht éisteachta ardfhorbartha in 2010 ag díriú ar chroí-lucht éisteachta nua RTÉ 2fm de dhaoine in aois 20-44 bliain d'aois

earnáil neamhspleách ar RTÉ Radio 1 tar éis dhá bhabhta coimisiúnaithe, lena n-áirítear *The Business*, agus roinnt clár nua le haghaidh sceideal RTÉ Radio 1 le haghaidh na Nollag 2010.

Leanadh le clár a chraoladh feadh an sceidil ar RTÉ Radio 1 as áiteanna éagsúla timpeall na tíre. Chuaigh *Morning Ireland*, *Today with Pat Kenny* agus *Drivetime* timpeall na tíre, ag clúdach Toghchán Thuaisceart Éireann, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Féile *Kilkenomics*, Fo-Thoghchán Dhún na Gall agus *Electric Picnic*. Chuaigh *The Tubridy Show* chun bóthair le haghaidh an *Bucket and Spade Tour*, rud a tharraing an-aird ó na meáin áitiúla. Lean *Liveline* ag ardú meanma an phobail leis na clár *Funny Friday*, agus thug *Sunday Miscellany* meascán ceoil agus litríochta chuig an bpobal le clár a bhí á dtaifeadh beo i stiúideoanna timpeall na tíre os comhair lucht féachana.

RTÉ 2fm

Ba é an scéal ba mhó a bhain le RTÉ 2fm in 2010 ná bás Gerry Ryan i mí Aibreán. Ba bhuille náisiúnta a bhí ann nuair a chaill RTÉ 2fm an craoltóir ba mhó a raibh tóir air, chomh maith le buille fíor phearsanta do go leor den fhoireann a raibh sé mar chomhghleacaí agus cara acu. Rinne RTÉ 2fm Gerry a chomórath le sraith de chlár ómóis chráite; craoladh aifreann sochraide ar an gcainéal, rud a bhí uathúil mar aon le mothúcháinach.

Nuair a bhásaigh Gerry Ryan, athdhírigh láithreoir agus foireann RTÉ 2fm ar chlár uailmhianach maidir le hathshuí an stáisiúin, ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2010. Tháinig daoine nua ar an aer sa stáisiún i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear Ryan Tubridy, Hector Ó hEoghaigáin, Baz

Ashmawy agus Lucy Kennedy, Zig & Zag agus roinnt aoi-láithreoirí speisialta eile.

Lean RTÉ 2fm ag tacú le ceol nua le clúdach ceoil den scoth de Oxygen agus Electric Picnic. Freisin, rinneadh na dosaenacha seisiún ceoil beo agus ceol tacaíochta a thairfeadh ag an bhFéile Ceoil Eurosonic. Bhí RTÉ 2fm níos rannpháirtí freisin i stáisiúin dhigiteacha RTÉ, RTÉ 2XM agus RTÉ Pulse; tá na stáisiúin dhigiteacha anois mar chuid den sceideal oíche ar RTÉ 2fm ar an deireadh seachtaine.

Socraíodh in RTÉ 2fm in 2010 dul i mbun plean athshuite lucht éisteachta spriocdhírthe agus ardfhorbartha. Seoladh dhá fheachtas eolais ar leithligh don lucht éisteacht in earrach agus fómhár na bliana 2010 faoi seach agus díriodh ar chroí-lucht éisteachta nua RTÉ 2fm de dhaoine in aois 20-44 bliain d'aois.

Bhí feachtas *The Tubridy Show's Toys for Tubs* ar mhaithe le Cumann Naomh Uinseann de Pól, rosc catha *Breakfast with Hector - Keep Her Lit*, agus imeacht Colm Hayes ó láithreoir chlár maidine go láithreoir cáiliúil náisiúnta clár fónáil isteach san áireamh ar phríomh-bhuaicphointí eagarthóireachta don stáisiún.

Láimhseáil RTÉ 2fm leathnú na meán sóisialta go héifeachtach in 2010, ag úsáid Twitter agus Facebook feadh an stáisiúin. Leanfar le hathshuí an stáisiúin chun lucht éisteachta de dhaoine 20-44 bliain d'aois a mhealladh gcaitheamh na bliana 2011. Tá sé mar aidhm le tuilleadh feabhsuithe sa sceideal agus comhpháirtíochtaí tráchtála an cainéal a neartú agus méadú an lucht éisteachta a athbhunú.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Raidió RTÉ (ar lean)



Dúchas agus Daonnacht - Peig



Paul Herriott In Tempo ar RTÉ lyric fm

RTÉ lyric fm

Lean RTÉ lyric fm ar aghaidh in 2010 le ról lárnach a chomhlíonadh maidir le haschur foriomlán Raidió RTÉ; bhí bua RTÉ lyric fm mar Stáisiún Ceoil na Bliana PPI 2010 tuillte go maith ag an stáisiún.

Thug RTÉ lyric fm sceideal nua isteach ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2010. Cuireadh tús le clár nua, *Marty in the Morning*, clár nua maidine seachtaine; tá an clár anois le taobh cláir shonracha RTÉ lyric fm de chuid Paul Herriott, Liz Nolan, John Kelly agus Niall Carroll.

Rinne RTÉ lyric fm lucht éisteachta idirnáisiúnta sna milliúin a cheiliúradh lena comhchraoltaí óstáilte ó Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman. Áiríodh buaicphointí craolacháin beo eile ar an aer ón Áras Ceoldrámaíochta Uirbeach i Nua Eabhrac, ceolchoirmeacha an European Broadcasting Union (EBU) ó cheolárais agus ionaid mhóra timpeall na hEorpa, agus ceolchoirmeacha beo ó Fhéile Ceoil Aireagail Iarthar Chorcaí i mBeanntraí. Rinneadh ceolchoirmeacha na Féile Ceoil Aireagail a chraoladh tríd an EBU freisin chuig tíortha, lena n-áirítear, an Rómáin, an Ghearmáin, an Laitvia, an Pholainn, an Danmhairg, an Ísiltír, an Íoslainn agus an Fhrainc. Ba bhuaicphointe ar fiú a thabhairt ar aird é freisin an tseachtain a ndearnadh ceiliúradh ar chomórachd 200 bliain den chumadóir Chopin ar RTÉ lyric fm. Bhí tionchar mór ag RTÉ lyric fm mar chomhpháirtí meáin in éineacht le Féile Dhún Laoghaire de Chultúir Dhomhanda agus bhí chlár oideachais for-rochtana RTÉ lyric fm ina dhíol spéise seasta ag an bhFéile Raidió Making Connections i mBéal Feirste, áit ar oibrigh RTÉ i gcomhar leis an BBC le raidió a chomórachd.

D'eisigh an cumadóir Éireannach, Deirdre Gribben, *Venus Blazing*, comhar le Grúpaí Oirfide RTÉ, i mbliana chomh maith. Cumadóirí Éireannacha mór le rá eile a bhí ag ceiliúradh le heisiúintí dlúthdhioscaí ar an lipéad RTÉ lyric fm ab iad Aloys Fleischmann agus Ian Wilson. D'eisigh RTÉ lyric fm an chéad CD de chuid Celine Byrne, sopráin Éireannach, dar teideal, For Eternity,

i mí Dheireadh Fómhair, chomh maith le dhá chomhar for-rochtana leis an *RTÉ Guide*, lena n-áirítear CD *Classics for Children*, i mí Dheireadh Fómhair. Tá dlúthchaidreamh fós ag an stáisiún le Scéim Fuaime agus Físe an BAI, lena n-áirítear craoladh an ghné-chláir *The Blue Tar Road* in 2010 a bhuaiigh gradam PPI. I measc na gcomórtas a reáchtáladh i rith na bliana bhí Múinteoir Ceoil Bunscoile na Bliana, comórtas le haghaidh pianó a bhuachan i gcomhar le Pianos Plus agus comórtas bliantúil RTÉ lyric fm Choirs for Christmas, ar chuir 55 cór isteach air, in 2010, níos mó ná riamh cheana, ó Bhaile Átha Cliath, Uíbh Fhailí, Loch Garman, Corcaigh, Ciarraí, an Iarmhí, an Clár, Port Láirge, Maigh Eo, Dún na nGall, Ceatharlach, Cill Dara, Cill Mhantáin, Tiobraid Árann, Béal Feirste, Sligeach, Luimneach agus Gaillimh.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Lean RTÉ Raidió na Gaeltachta ar aghaidh ag léiriú ilghnéitheacht ó thaobh réigiúin, cultúr agus polaitíocht de le sceideal de chlár inar cuimsíodh gach sraith den saol sóisialta in Éirinn agus béim faoi leith á cur ar phobail iargúlta agus tuaithe. Leis an tseirbhís, cuireadh clúdach agus anailís chuimsitheach ar fáil de nuacht náisiúnta, idirnáisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear foilsíú Thuarascáil Saville maidir le Domhnach na Fola agus Fo-Thoghchán Dhún na nGall Thiar, chomh maith le clár beo ó Theach Laighean Lá an Bhuiséid i mí na Nollag. Ba bhliain ghnóthach a bhí ann don Roinn Spóirt, a chlúdaigh an tSraith Náisiúnta agus Craobhchomórtas CLG ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta chomh maith le clúdach iomlán a dhéanamh ar Chluichí Ceannais Chomórtas Peile na Gaeltachta i Maigh Eo. Craoladh clár speisialta, *Mícheál – Tráchtair Ár Linne*, i mí Mheán Fómhair, chun lá breithe

an tráchtair spóirt cáiliúil, Mícheál Ó Muircheartaigh, a cheiliúradh ar a 80ú bliain.

Bhí ceol chun tosaigh i sceideal RTÉ Raidió na Gaeltachta i rith 2010 agus clár speisialta á gcráladh chun *RTÉ Big Music Week*, Scoil Samhraidh Willie Clancy, comórtais Sean-nóis ag Oireachtas na Gaeilge a chomórachd agus bhí *Aocht fm* ag craoladh don chéad uair riamh ón Electric Picnic. Rinne *Aocht fm*, an snáithe dírithe ar dhaoine óga ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, é féin a athshuí le clár nua le réimse níos leithe a thabhairt isteach, *An Cailifé Ceoil*, ina mbíonn rac-cheol, ceoltíre, ceol Cajun, ceol gormacha agus reggae. Craoladh ceol ón earnáil Léiriúcháin Raidió Neamhspleách i rith na bliana freisin, chomh maith le clár a fuair maoiniú ó Chiste Fuaime agus Físe an BAI. Rinne ceann de na clár sin, *Dúchas agus Daonnacht*, comórachd ar obair Choimisiún Béaloidis na hÉireann ó bunaíodh é 75 bliain ó shin.

Uaire Raidió RTÉ de réir Seánra

	2010	2009
Ealaíona	678	787
Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	6,738	7,829
Spórt	1,378	1,258
Ceol	19,363	19,886
Fiorasach	1,417	1,650
Siamsaíocht	4,768	2,948
Eile	835	847

Foinse: RTÉ
Nóta: Áirítear Reiligiún, Clár do Dhaoine Óga, Oideachas agus Drámaíocht sa chatagóir "Eile"

Rinne RTÉ lyric fm lucht éisteachta idirnáisiúnta sna milliúin a cheiliúradh lena comhchraoltaí óstáilte ó Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman.



Come Together - ag an Electric Picnic 2010



Micheál Ó Muircheartaigh - Micheál - Tráchttaire ár Linne

Bhí deis ag an lucht éisteachta roinnt de na taifeadtaí luachmhara sa bhailiúchán a chloisteáil i rith na sraithe. Dhírigh sraith nua eolaíochta ar théamh domhanda, gaschealla, mata, galair, eolaíocht spóirt agus seachtain na heolaíochta.

D'fháiltigh go leor éisteoirí ar ais roimh chraoladh seachtainiúil den Airfeann beo ar maidin Dé Domhnaigh.

Gníomhaíocht agus Feidhmíocht Tráchtála

Tá raidió fós mar mheán fógraíochta cumhachtach agus tá Raidió RTÉ chun tosaigh sa mhargadh tráchtála; ach mar sin féin, níorbh fhéidir díolacháin Raidió RTÉ a shábháil ó na deacrachtaí a bhí ag margadh na meán. Bhí ráithí trí agus ceathair níos láidre, agus léirigh siad go luath go bhfuil na tréan-iarrachtaí a ndeachthas ina mbun chun feabhas a chur ar an soláthar tráchtála ar RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus ar RTÉ lyric fm agus é a fhorbairt ag oibriú go maith. D'úsáid na hearnálacha miondíola, airgeadais, cumarsáide, siamsaíochta, mótaí, taistil, bia, fuinnimh agus carthanachta go léir cumas Raidió RTÉ toradh a bhaint amach ar infheistíocht fiú san am is dúshlánaf.

Bhí aschur spóirt, ceoil agus réigiúnach Raidió RTÉ a phacáistiú chun luach breise a sheachadadh chuig ár gcliaint san áireamh i dtionscnaimh tras-mheáin in 2010. Mar shampla, le hacmhainní tiomanta a úsáideadh chun feidhm a bhaint as neart agus éagsúlacht ár gclúdach Spóirt, fuarthas deiseanna le haghaidh tuilleadh urraíochta tras-mheáin in 2010 mar Phríomhroinn Sacair Shasana le News International, Sraith Magners le Volkswagen agus Comórtas Oscailte Gailf na hÉireann le 3 Mobile.

Bhí bliain mhaith ag Urraíochtaí agus Promóisín in 2010. I measc na mór-urraíochtaí nua in 2010 bhí Kia Motors le *The John Murray Show*, chomh maith le Irish Pride le *Breakfast with Hector*. D'éirigh go maith le Promóisín mar aon le hUrraíochtaí freisin trí Dhíolacháin Tras-Mheáin; d'éirigh go maith go háirithe le promóisín le Lidl agus le Bridgestone Tyres. Glacadh leis

Ghlac Raidió RTÉ go mór le réabhlóid na meán sóisialta in 2010 agus cuntais Twitter agus Facebook le haghaidh formhór na gclár agus seirbhísí ag spreagadh úsáideoirí páirt a ghlacadh sa chómhraí raidió

feadh an tionscail gur éirigh thar barr leis an ngníomhaíocht *Kellogg's Field of Dreams*.

Ghlac Díolacháin Raidió RTÉ le meáin nua in 2010. Osclaíodh suas sruth nua ioncaim ónár bhFeidhmchláir Raidió iPhone; tá Díolacháin Raidió chun tosaigh sa mhargadh Raidió freisin tríd an chéad Fheidhmchlár Díolacháin Raidió a sheoladh atá le húsáid ag cliant agus gníomhaireachtaí. Tá roinnt tionscadal tionscal tras-raidió ar bun cheana féin le haghaidh 2011 i gcomhar le Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann (IBI).

Oibríochtaí Raidió agus Meáin Nua

Tháinig RTÉ agus BBC Thuaisceart Éireann le chéile ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair chun imeacht poiblí *Making Connections: A Festival of Radio* agus an t-imeacht EBU, *Comhdháil Raidió Dhigitigh 2010* a óstáil. D'éirigh les an dá imeacht feasacht a chur chun cinn maidir le raidió digiteach agus mar chomharthaí eolais do chomhoibriú níos fearr ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal Eorpach araon.

Seoladh feidhmchlár an RTÉ Radio Pocket Player le haghaidh an iPhone i mí Lúnasa. Leis an bhfeidhmchlár sin, is féidir rochtain a fháil ar na 11 stáisiún Raidió de chuid RTÉ go léir, lena n-áirítear na seirbhísí digiteacha. D'éirigh thar barr leis láithreach, agus rinneadh breis agus 40,000 mír a íoslódáil roimh dheireadh na bliana.

Chuir Raidió RTÉ tús lena seirbhísí raidió digiteacha a chur chun cinn ar a stáisiún FM i mí Mheán Fómhair. Tá curtha go mór ag an tionscadal le feasacht an phobail maidir le raidió digiteach. I rith na míosa sin freisin, chomhoibrigh Raidió RTÉ le Teilifís

RTÉ agus Foilsitheoireacht RTÉ chun RTÉjr agus TRTÉ, dhá sheirbhís tras-mheán nua le haghaidh páistí, a chruthú.

Is ionann Raidió Digiteach RTÉ agus foinse láidir de chlár úrnua, nuálacha. Léirigh na seirbhísí RTÉjr agus TRTÉ, atá dírithe ar pháistí, níos mó ná 200 uair an chloig de dhrámaíocht, scéalta agus clár cheoil in 2010. Tá na stáisiúin cheoil, RTÉ 2XM agus RTÉ pulse fós ag feidhmiú chun tosaigh i réimse an cheoil ailtéarnaigh agus damhsa agus i mbliana chuir siad tús le craoladh go deireanach san oíche ar an deireadh seachtaine ar RTÉ 2fm.

Cumarsáid

I Raidió RTÉ, leathadh amach córas cumarsáide athnuaithe in 2010, le córais faisnéise nuálacha ar RTÉ.ie, ar an aer agus ar mhoil na meán sóisialta nua-sheolta dá chuid. Mar chuid den phlean, chuaigh córas tras-chur chun cinn ar an aer beo i mí an Mheithimh 2010. Don chéad uair, cuireadh lucht éisteachta Raidió RTÉ ar an eolas maidir le clár seirbhísí poiblí ar díol spéise dóibh iad ar gach ceann de 11 seirbhís de Raidió RTÉ. Ghlac Raidió RTÉ go mór le réabhlóid na meán sóisialta in 2010 agus cuntais Twitter agus Facebook le haghaidh formhór na gclár agus seirbhísí ag spreagadh na céadta mílte úsáideoir páirt a ghlacadh sa chómhraí raidió cibé áit a raibh siad. Nuamhaisigh Raidió RTÉ a fhardal brandála poiblí, seoladh cuma athdheartha dá stáisiúin ag imeachtaí mar *Electric Picnic*, Féile Scannán na Gaillimhe, *Taste of Dublin*, an *Food and Wine Fair*, agus *BT Young Scientist and Technology Exhibition*.

beidh tuilleadh ceathanna sneachta ann ar fud na tíre

Thosaigh agus chríochnaigh 2010 le teochtaí faoi bhun an reophointe agus titim sneachta eisceachtúil. Agus an tír i ngleic leis na toiscaí artacha, bóithre ag reo, dúnadh scoileanna agus aerfort d'iompaigh daoine ina mílte chuig Teilifís RTÉ, Raidió RTÉ agus RTÉ.ie le heolas agus cabhair a fháil. Bhí ceann den lucht féachana ba mhó riamh ag an **Six One News** ar an gCéadaoin, 6 Eanáir, tráth ar bhreathnaigh 865,000 duine air ar an meán agus sciar 56%. Bhí beagnach milliún duine ag breathnú air ag an mbuaicphointe. An oíche dár gcionn bhí 762,000 duine ar an meán ag féachaint ar an **Nine O'Clock News**, sciar 41% den lucht féachana agus buaic de 857,000. Chuir láithreán gréasáin RTÉ blaganna laethúla beo ar fáil le heolas cothrom le dáta ar sheirbhísí taistil a bhí curtha ar ceal, ar staid na mbóithre, dúnadh scoileanna, ganntanas uisce agus ar neart rudaí eile. Bhí an pobal ábalta dul i bhfeidhm ar chlúdach RTÉ.ie trí aiseolas a chur isteach chuig an roinn nótaí tráchta idirghníomhach, agus trí ghrianghraif shuntasacha d'Éirinn faoi bhrat sneachta agus oighir a chur isteach freisin.





Grianghraf: Darach Glennon – Comórtas Grianghraif Aimsir RTÉ 2010

Athbhreithniú Oibriúcháin

Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Láithreoir *Prime Time* Richard CrowleyBuaitheoirí an *All Island School Choir Competition*, Scoil na Toirbhearta, Baile Féitheáin, Corcaigh*The Frontline* - Pat Kenny

I mí Eanáir agus arís i mí na Nollag, shocraigh líon mór den lucht féachana féachaint ar na cláir *RTÉ Six One News*, *RTÉ Nine O'Clock News* agus *Prime Time* agus an tír ag dul i mgleic le sneachta agus oighear, scoileanna á ndúnadh agus ganntanas sna soláthairtí salainn. Bhí siad ag brath ar Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ don eolas agus anailís ba dhéanaí maidir leis an ngéarchéim. Bhí lucht féachana an *Six One News* Dé Céadaoin an 6 Eanáir ar an gceann ab airde riamh le 865,000 duine ar an meán agus sciar de 56%. Bhí lucht féachana de bheagnach milliún duine ag féachaint air ag a bhuaic. Bhí 762,000 duine ar an meán ag féachaint ar an *Nine O'Clock News* an oíche dar gcionn agus bhí sciar de 41% den lucht féachana le buaic de 857,000 duine ag an gclár. An 7 Eanáir, bhí lucht féachana an-ard de 721,000 ar an meán agus sciar de 41% ag féachaint ar *Prime Time*, inar caitheadh súil ar an éigeandáil a bhain leis an drochairsir agus ar thionchar na dtuille roimh an Nollaig. Ag a bhuaic d'fhéach beagnach 800,000 (790,000) duine ar an gclár.

Clúdaíodh Olltoghchán na Breataine i mí na Bealtaine feadh na n-ardán go léir: teilifís, raidió, ar líne, seirbhísí soghluaiste agus Aertel, agus bhí tuairisceoirí ag clúdach imeachtaí de réir mar a tharla siad i ngach ionad comhairimh i dTuaisceart Éireann. Bhí clár níos faide de *Prime Time* ar siúl Lá an Toghcháin, Déardaoin an 6 Bealtaine, á chomhláithriú ag Miriam O'Callaghan i mBéal Feirste. Bhí clúdach ar feadh tréimhse níos faide i gceist níos déanaí an oíche sin agus amach go luath an mhaidin dar gcion leis an *Election Special: Westminster 2010*, á chur i láthair ag Miriam O'Callaghan i mBéal Feirste agus Bryan Dobson i Londain. Agus maidin Dé hAoine, an 7 Bealtaine, craoladh clár *RTÉ News Special: Westminster* le clúdach beo ar na torthaí.

Choinnigh Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ súil ar na príomhscéalta a tháinig chun cinn i réimse na polaitíochta i gcaitheamh 2010, ag coinneáil an pobail cothrom le dáta agus ar an eolas trí na hardáin go léir. Áirítear

George Lee, Willie O'Dea, Trevor Sargent agus Martin Cullen i bhFeabhra/Márta agus Jim McDaid i mí na Samhna ar na polaiteoirí ardhphróifíle a d'éirigh as oifig. Léiríodh go raibh an Rialtas faoi strus ag am an athrú airí i mí an Mhárta, nuair a ritheadh an reachtaíocht lenar cuireadh deireadh le fianna a fhiach i mí an Mheithimh agus nuair a d'fhógair an Comhaontas Glas i mí na Samhna nach bhfanadh siad sa Rialtas tar éis mhí Eanáir. Phléasc an teannas i bpáirtí Fhine Gael le coimhlint ceannaireachta a bhí ar siúl cuid mhór ar an aer agus a bhuaigh Enda Kenny an 17 Meitheamh.

De réir mar a chuaigh imeachtaí urghnácha na seachtaine an 21 – 25 Samhain ar aghaidh, nuair a tháinig foireann de chuid an IMF go hÉirinn le haghaidh comhráite agus nuair a rinneadh socrúithe iasachta leis an ECB, bhí líon mór de lucht féachana na hÉireann ag féachaint chuig Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ chun eolas a fháil ar na forbairtí, tuairimí agus anailís ba dhéanaí maidir leis na cúrsaí polaitíochta agus eacnamaíochta. Chuir agallamh an Aire Airgeadais, Brian Lenihan ar *This Week* ar RTÉ Radio 1 ag am Lóin Dé Domhnaigh, tús le sraith imeachtaí a bhí chun tosaigh ar an gclár oibre nuachta an chuid eile den tseachtain, nuair a dheimhnigh sé go raibh cabhair airgid ag teastáil ó Eirinn ón taobh amuigh.

Bhí clár bhreise agus clár Nuachta níos faide ar siúl ag RTÉ i rith na seachtaine agus bhí breis agus milliún imprisean leathanach ar an meán ag láithreán Nuacht RTÉ in aghaidh an lae.

D'fhéach níos mó ná leathmhilliún duine clúdach an Bhuiséid ar RTÉ One ar Lá an Bhuiséid i mí na Nollag, bhí breisi agus 2.5 milliún imprisean leathanach ar RTÉ.ie/news - an ráta is airde go mór i mbliana.

Chríochnaigh an bhliain mar a thosaigh sí, le teocht faoin reo-phointe, sneachta go forleathan, scoileanna dúnta agus ganntanas uisce - agus an méid sin go léir á chlúdach go forleathan ag Nuacht RTÉ.

De réir mar a chuaigh imeachtaí urghnácha na seachtaine an 21 – 25 Samhain ar aghaidh, bhí líon mór de lucht féachana na hÉireann ag féachaint chuig Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ chun eolas a fháil ar na forbairtí, tuairimí agus anailís ba dhéanaí



Prime Time Investigates - Tyres - A Dirty Business



Bryan Dobson agus Sharon Ní Bheoláin ar seit Six One News



Foirgneamh na Náisiún Aontaithe i Háití

Ó cuireadh tús leis an tsraith a bhfuil gradaim bainte amach aici, in 2003, d'fhéach an líon is mó daoine riamh ar *Prime Time Investigates - Carry on Regardless* an 20 Nollaig, clár faoi fhorbróirí maoinne, ag baint buaic amach ag 874,000.

Clúdach Eachtrach

Ba ar chlúdach RTÉ ar nuacht eachtrach ba mhó ba léir tionchar na sriantachtaí airgid ach bhí an Seomra Nuachta fós in ann a chinntiú gur thaisteal tuairisceoir chun roinnt de scéalta móra na bliana a chlúdach.

Chlúdaigh Charlie Bird, Cian McCormack agus Tomás Ó Mainín as TG4 tionchar láithreach chrith talún Háití i mí Eanáir agus chuaigh Cian ar ais chun sraith tuairiscí raidió a thabhairt sé mhí ina dhiaidh sin. Chuaigh Charlie Bird chuig na stáit sna Stáit Aontaithe is mó a raibh tionchar ag an doirteadh ola BP orthu chun tuairisc a thabhairt ar thionchar an doirte ar an timpeallacht agus ar shaol na ndaoine ina gcónaí ansin.

I mí Aibreáin, nuair a bhrúchtaigh an bolcán Eyjafjallajökull san Íoslainn agus nuair a bhí géarchéim ag baint le haerthaisteal ar fud na hEorpa, bhí daoine ag brath arís ar Nuacht RTÉ, go háirithe ar an gclúdach ar líne, chun na tuairiscí ar an toirt a fháil maidir le cúrsaí taistil. Bhí an láithreán gréasáin ina ionad aon-stad le haghaidh taistealaithe a bhí chun taisteal agus taistealaithe a raibh fuireach orthu. Nuair ba léir go raibh an cur isteach chun maireachtáil ar feadh cuid mhaith laethanta, cinneadh fóram a chur ar fáil d'úsáideoirí chun a dtuairimí a chur isteach. Bhí sé sin ar cheann de na gnéithe ba luachmhaire dár gclúdach, mar bhunaigh sé nasc díreach lenár lucht féachana, rud a thug bailiúchán de scéalta craíthe dúinn ó ar fud na hEorpa, na Stáit Aontaithe, an tSín agus Meiriceá Theas.

Bhí Tony Connelly sa Pholainn i ndiaidh an tuairte eitleáin a tharla i ngar do Smolensk sa Rúis, áit a raibh Uachtarán na Polainne, Lech Kaczyński ar dhuine de na 96 duine a maraíodh. Ach, ba ar géarchéim an Euro a bhí an príomh-fhócas dár gclúdach Eorpach i mblíana, agus mar chuid de sin chuireamar lenár gclúdach ón mBrúiséal le tuairiscí ó thíortha mar an Ghréig, an Phortaingéil, an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, an Ghearmáin agus an Laitvia. Sna Stáit Aontaithe, chuaigh Richard Downes go Bostún agus go Nua Eabhrac chun teacht ar roinnt de na daoine a rabh páirt acu i ndrochchás airgid na hÉireann.

Chuaigh Tony Connelly chuig an Róimh chomh maith le haghaidh tréadfhreagra an Phápa Beinidict maidir leis an scannal na cléire a bhain le drochúsáid ghnéasach agus thuairiscigh Joe Little agus Brian O'Connell go forleathan ar chuairt stairiúil an Phápa go Sasana agus go hAlbain.

Sheol Kate Egan sraith gné-mhíreanna as an Afraic Theas sular thosaigh Corn Domhanda FIFA agus bhí Ray Colgan sa Phacastáin chun tuairisc a thabhairt maidir le tionchar na ndrochthuille ansin.

Cúrsaí Reatha

Thosaigh sraith nua de *Prime Time Investigates* (PTI) i mí Bealtaine le nochtadh an ghnó mímhacánta athchúrsála bonn, agus baineadh amach an rátáil is airde riamh maidir le PTI, sa chraoladh samhraidh den tsraith. Bhí imscrúduithe sa tsraith freisin a bhain le daoine a bhíonn ag strachailt ó lá go lá leis an ngalar Alzheimer agus maidir le coirpigh a bhíonn ag roinnt íomhána ar líne de pháistí á n-éigniú agus drochúsáid á thabhairt dóibh.

I mí Iúil, ba é an clár deireadh den chéad tsraith de *The Frontline* an clár a raibh an líon is mó daoine ag féachaint air ar theilifís na hÉireann an tseachtain sin, le lucht féachana de bhreis agus leathmhilliún (524,000) ar an meán agus sciar de 36%. Cuireadh an cheist an raibh feabhas tagtha i ndáiríre ar an ngeilleagar ó craoladh an chéad chlár i mí Mheán Fómhair 2009.

Bhí an lucht féachana ab airde ó cuireadh tús leis an tsraith in 2003, ag an gclár deiridh de shraith mhí na Nollag de *PTI*, sraith a bhfuil gradaim bainte amach aige. Bhain an clár, a craoladh an 20 Nollaig, le forbróirí réadmhaoinne. Sa chlár *PTI - Carry On Regardless* leis an tuairisceoir Rita O'Reilly agus an léiritheoir Bill Malone, caitheadh súil ar na forbróirí is mó sa Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) a chuaigh sa seans leis na billiúin Euro nuair a bhí rudaí ag dul go maith. Chonacthas sa chlár gur aistrigh go leor díobh sócmhainní go dtí a gcéilí sna míonna sular bunaíodh NAMA, agus lean cuid eile díobh lena saol rabairneach. Bhí 874,000 duine ag féachaint ar an gclár ag a buaic – agus ba é 800,000 an meánfhigiúr don uair an chloig.

Nuacht

Ba é 2010 an chéad bhliain iomlán inar tháinig feasachán Nuacht RTÉ as Baile na hAbhann. Le cuidiú ón teicneolaíocht atá curtha ag RTÉ i gceanncheathrú TG4, bhí bliain gan locht againn ó thaobh táirgeochta de. Is cuid lárnach don lá anois é an feasachán Nuachta a bhíonn á chraoladh ag 17.45. Tháinig fás agus forbairt freisin ar an bhfeasachán a bhíonn á chraoladh ar TG4 ag 19.00, ar léiriú de chuid RTÉ atá ann. Tá éagsúlacht ó thaobh líne eagarthóireachta de le sonrú ar an dá chlár. Scéalta móra náisiúnta an lae a bhíonn faoi chaibidil ag an gclár a bhíonn á chraoladh ag 17.45 agus bíonn Nuacht TG4 ag díriú níos mó ar scéalta réigiúnda agus Gaeltachta. I measc na gclár faisnéise a rinne Nuacht i mblíana bhí *Irlandskii Mhoscó* agus *Nua Eabhrac Joe Lee*.

aftershock, cá bhfuil ár dtrialall anois?



Bhí scéal ghéarchéim airgeadais na hÉireann go mór in uachtar sa nuacht i rith 2010. Go luath i mí Bealtaine chuir Teilifís RTÉ sraith clár ar siúl ar feadh seachtaine a scrúdaigh iarmhairtí eacnamaíocha agus daonna na géarchéime. Le linn na seachtaine rinne roinnt clár de chuid Teilifís RTÉ a machnamh faoi éifeachtaí a bhain leis an mborradh agus an cliseadh: ó réadacht na dífhostaíochta agus an saol sna “scáilbhailte” mar a thugtaí orthu go dtí scéalta dearfacha faoi ghnólachtaí agus faoi theaghlaigh a bhí ag déanamh go maith ainneoin an chúlú eacnamaíochta. D’fhiosraigh cláir eile an pictiúr níos iomláine agus chuir an cheist “cá bhfuil ár dtrial anois?” ag cur smaointí dúshlánacha i láthair faoin gcaoi a bhféadfadh muide mar náisiún gluaiseacht ar aghaidh ó shuaitheadh an chliste eacnamaíoch.



Athbhreithniú Oibriúcháin

Líonra RTÉ



Túr seirbhíse, Trosc Mór, Co. Shligigh

Tá an togra DTT ar an togra infrastruchtúir is mó dár thug RTÉ faoi ó seoladh na seirbhísí Teilifíse sa bhliain 1962

Is fochuideachta de chuid RTÉ atá in RTÉ Transmission Network Limited (RTÉNL) a chuireann seirbhísí Tarchuir Craolacháin ar fáil do na craoltóirí náisiúnta teilifíse agus raidió ar fad in Éirinn, seirbhísí RTÉ ina measc. Is ar bhonn neamhthuileamaíoch a chuirtear na seirbhísí Tarchuir Craolacháin ar fáil.

Cuireann RTÉNL seirbhísí crainn agus túir ar cíos ar fáil freisin do réimse soláthraithe agus oibritheoirí seirbhísí teileachumarsáide. Go ginearálta, tá forás go fóill faoin margadh maidir le seirbhísí crainn agus túir tarchuir ar cíos, ach níl an biseach céanna a bhíodh faoin ráta foráis níos mó. Tá níos mó iomaíochta arís i gceist leis an margadh sin mar gheall ar an líon mór láithreacha crainn agus túir atá ar fáil.

Is in ionaid chrochta in áiteanna sceirdiúla den chuid is mó atá suíomhanna RTÉNL agus ní i gcónaí a oireann siad d'úsáid maidir le cuid den teicneolaíocht is nua atá ag teacht chun cinn, mar shampla seirbhísí fón póca 3G agus seirbhís leathanbhanda gan sreang a mbíonn ceallra dlúth de dhíth don dá cheann acu i gcóngarach níos mó don tomhaltóir.

Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT)

Rinneadh soiléiriú breise san *Acht Craolacháin 2009* ar a n-éilítear maidir leis an gcóras don Teilifís Analógach Trastíre (TAT) a mhúchadh agus DTT a chur ina áit faoi dheireadh na bliana 2012, de réir an bheartais náisiúnta agus pholasaí an AE.

Le blianta beaga anuas, tá RTÉNL i mbun pleanála, tógála agus feistiúcháin maidir leis an infrastruchtúr DTT is gá ionas gur féidir an Córas Analógach a mhúchadh

agus sin ar chostas measta iomlán ar RTÉNL, isteach is amach, le €70 milliún. Tá an togra DTT ar an togra infrastruchtúir is mó dár thug RTÉ faoi ó seoladh na seirbhísí Teilifíse sa bhliain 1962 agus tá an ciste lena aghaidh á chur ar fáil ag RTÉNL amháin trí shócmhainní de chuid na cuideachta féin agus iasachtaí bainc. Faoin tráth seo, tá seirbhís Tástáil ar Ullmhacht Oibríochta ar fáil do líon is mó ná 90% den daonra. Tá beartaithe an tseirbhís a bheith ar fáil faoin tríú ráithe den bhliain 2012 ag 98%+ den daonra.

Ón uair a thugtar múchadh an Chórais Analógaigh i bhfeidhm sa bhliain 2012, beidh speictream raidió rífhíúntach ar fáil don Stát d'fhonn leas a bhaint as in Éirinn. Is é bun na cúise go mbaineann deis leis an speictream sin ioncam suntasach a thabhairt isteach don Stát nuair a chuireann an Rialtas an speictream raidió a bheidh ar fáil arís, amach ar an luach is airde is féidir, le húsáid ag seirbhísí tráchtála eile.

Ioncam Tráchtála

D'fhan ioncam ginearálta na cuideachta mar a bhí sa bhliain 2009, a bheag nó a mhór. Tá méadú beag tagtha ar leibhéal na hoibre maidir le hóstáil suíomhanna i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Os a choinne sin, ligeadh íslíú sa chostas ar aghaidh chuig na custaiméirí craolacháin, rud a d'fhág íslíú beag ar an ioncam maidir leis an réimse sin.

- Níor tháinig aon athrú suntasach sa mhargadh raidió áitiúil agus réigiúnach mar go bhfuil an acmhainn atá ar fáil sa bhanda FM in úsáid cheana féin a bheag nó a mhór.

- Bhí deacracht ag baint le forás a bhaint amach i ngnó teileachumarsáide nuair a bhí cúrsaí na heacnamaíochta go ginearálta ag cur isteach ar oiread gnólachtaí. Bhí gnó nua i gceist nuair a tugadh chun críche an obair maidir leis an gcóras TETRA a thabhairt i bhfeidhm. Tharla, ina dhiaidh sin féin, laghdú dá réir ar ghnéithe den ghnó nuair a cuireadh seirbhísí éigeandála níos sine ná sin as úsáid i rith na bliana 2010. Beidh brostú breise faoin bpróiseas sin i rith na bliana 2011.
- Leanadh de sheirbhís tástála raidió RTÉNL maidir le Craolachán Digiteach Fuaim (DAB) a oibriú i rith na bliana 2010 agus é ar fáil ag níos mó ná 50% den daonra. Nuair nach bhfuil polasaí náisiúnta agus creat ceadúnúcháin maidir le seirbhísí tráchtála DAB ar fáil, ní dócha faoi láthair go dtabharfar an t-ardán DAB chun cinn go mbíonn sé ar fáil ag níos mó daoine.
- I mí Deireadh Fómhair 2010, chuir RTÉNL tús le tástáil ar ullmhacht iomlán an chórais tarchuir DAB a dtagann níos mó ná 90% den daonra faoina scáth. Leanfar den tástáil seo an chéad leath den bhliain 2011 agus meastar go mbeidh an córas ag obair go hiomlán ar bhonn tráchtála le haon Ilpléacs Seirbhíse Poiblí amháin an dara leath den bhliain 2011.
- Reachtáil an Rialálaí Cumarsáide, ComReg, comórtas i rith na bliana maidir le Ceadúnas DVB-H do Chraolachán Digiteach Físe - Deiseanna Láimhe a thabhairt amach. Cuireadh deireadh leis an bpróiseas nuair nár tháinig aon iarratas.

Tá an Rialtas féin tar éis meastachán a dhéanamh go mbainfidh eacnamaíocht na hÉireann tairbhe suas le €500 milliún thar na deich mbliana atá romhainn as an gcasadh go teilifís dhigiteach. Is ranníocaíocht an-suntasach é seo de chuid RTÉ isteach sa chiste náisiúnta.

Cúrsaí Oibríochta

Bhí iontaofacht an chórais tarchuir inchurtha leis an gcás sna blianta a chuaigh roimhe seo. Bhí na seirbhísí teilifíse agus raidió ar fáil níos mó ná 99.9% den am arís i rith na bliana 2010. Ba toradh thar a bheith sásúil ar an obair sin nuair a thugtar san áireamh an méid oibre a bhí á dhéanamh ar infrastruchtúr an chórais tarchuir d'fhonn freastal do na seirbhísí DTT nach fada uainn a dtabhairt isteach agus an aimsir ghéarchéime a bhí sa tír ag tús agus deireadh na bliana 2010.

Teilifís

Ba é an deacracht ba mhó i rith na bliana 2010, taobh amuigh den aimsir uafásach i mí Eanáir agus i mí na Nollag, an gá a bhí le freastal d'infrastruchtúr a chur isteach do na seirbhísí DTT a bheidh ar fáil go gairid agus cinntiú go mbeadh líon is mó ná 90% den daonra faoi scáth an chórais faoin tráth a raibh tús le cur leis an tástáil beo i mí Deireadh Fómhair. Chomh maith le hobair thógála ar shuíomhanna éagsúla ar fud na tíre, tugadh dhá phríomhchran mór nua, maille le córais aeróg, i mbun seirbhíse:

crann 220 méadar ar airde i Mullach an Ois agus crann 175 méadar ar airde i dTrosc Mór. Beidh deacrachtaí den chineál céanna i gceist i rith na bliana 2011 agus sa bhliain 2012 de réir mar a leantar den chóras DTT a chur isteach.

Raidió

Bíonn an t-infrastruchtúr céanna (crainnte, árais) in úsáid le haghaidh an raidió agus an teilifíse agus, mar ab ionann i gcás na teilifíse, ba é an dúshlán ba mhó ó thaobh cúrsaí oibríochta i rith na bliana 2010, taobh amuigh den aimsir uafásach a luaitear thuas, cóiriú a dhéanamh don infrastruchtúr a chur isteach a bheidh in úsáid go gairid do na seirbhísí DTT agus sin leis an gcur isteach ba lú ab fhéidir maidir le seirbhísí FM beo.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Foilsitheoireacht RTÉ



Athdhearadh ar leathanach baile RTÉ.ie



RTÉ TEN



Feidhmchlár iPhone RTÉ News Now

Feidhmíonn Foilsitheoireacht RTÉ cúig chinn de sheirbhísí meáin cheannródaíoch na hÉireann. Is iad RTÉ Aertel, RTÉ.ie, RTÉ News Now agus an RTÉ Player na seirbhísí poiblí de chuid RTÉ a chuirtear ar fáil saor in aisce don phobal. Is foilsheán tráchtála an RTÉ Guide. Ní úsáidtear aon ioncam ó Tháillí Ceadúnais chun maoiniú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí poiblí de chuid Fhoilsitheoireacht RTÉ ná ar a foilsíú tráchtála.

RTÉ.ie

Rinneadh leasú suntasach ar RTÉ.ie le linn na bliana 2010 nuair a tugadh leagan amach nua ar Leathanach Baile RTÉ.ie, agus ar na ranna don Nuacht, do Chúrsaí Gnó agus do Chúrsaí Siamsaíochta (RTÉ TEN).

Tháinig ardú ar líon na n-imrisean leathanach agus na mbrabhsálaithe maidir le RTÉ.ie i rith na bliana 2010. Tháinig ardú 37% ar líon na n-imrisean leathanach ar RTÉ.ie go dtí meánlíon 85.4 milliún leathanach in aghaidh na míosa. Tháinig ardú ó 2.7 milliún go dtí 3.7 milliún ar líon na mbrabhsálaithe aonair in aghaidh na míosa, ardú ab ionann agus 37%.

Tharla méadú 22% ó bhliain go bliain ar an trácht ar shuíomh na Nuachta i rith na bliana 2010, agus ardú 40% maidir le líon na ndaoine faoi leith a rinne brabhsáil. Seoladh an leagan amach nua ar RTÉ.ie/News i mí Dheireadh Fómhair. Tugadh an roinn Gnó a bhíodh ann roimhe seo isteach faoi agus leagadh amach é ionas gur fusa a láimhseáil agus gur fearn an sásamh atá le baint as. Tá catagóirí atá símplí le húsáid ag baint leis an leagan amach nua agus cóirítear ábhar físe agus fuaimne mar dhúlthchuid den ábhar tríd is tríd.

Tharraing an aimsir uafásach i rith an gheimhridh a luaitear sa Tuarascáil seo cur isteach mór ar ghnáthchúrsaí an tsaoil ag daoine agus éileamh eisceachtúil dá réir ag an bpobal ar sheirbhísí eolais. Chuir láithreán gréasáin Nuacht RTÉ blaganna ar fáil beo le faisnéis láithreach faoi sheirbhísí taistil a cuireadh ar ceal, faoi riocht na mbóithre, faoi dhúnadh scoileanna, faoi

ghanntan uisce agus faoi nithe eile go leor. Cuireadh ar chumas an phobail chomh maith an tráchttaireacht ar RTÉ.ie a mhúnlú trí aiseolas a chur isteach sna réimsí idirghníomhaíochta do thuairimí chomh maith le grianghraif shonracha a chur isteach d'Éirinn faoi bhrath sneachta agus leac oighir.


I rith na tréimhse eile is mó a raibh cur isteach ar dhaoine mar gheall ar chúinsí nádúrtha, nuair a bhí scamall luaithe ón mbolcán ann, bhí eolas go tobann seasta don lucht taistil ar an suíomh idirlín ag Nuacht RTÉ faoi eitiltí a bhí á gcur ar ceal.

Cuireadh tráchttaireacht chuimsitheach ar fáil ar láithreán Nuacht RTÉ faoi na scéalta ba mhó aird i rith na bliana 2010, ina measc an crith talún i Háiti agus ar lean sin, bás láithreoir de chuid RTÉ, Gerry Ryan, Toghchán Parlaiminte Westminster sa Ríocht Aontaithe, an t-agallamh conspóideach leis an Taoiseach Brian Cowen ar *Morning Ireland*, cruachás na mianadóirí sa tSile agus a dtarrtháil, na toghcháin lárthearma sna Stáit Aontaithe, tarrtháil na hÉireann ag an CAI / an AE agus Plean Ceithre Bliana an Rialtais agus an Buiséad don bhliain 2011.

I rith na bliana 2010 freisin a seoladh an feidhmchlár RTÉ News Now (le haghaidh iPhone agus Android) a ligeann do dhaoine súil a choinneáil ar an nuacht agus iad i mbun a ngnó. Faoi dheireadh na bliana bhí an feidhmchlár tarraingthe anuas 200,000 uair agus níos mó ná 18 milliún imrisean leathanaigh sa mhí. (Foinse: RTÉ; Urchin Analytics, Blue Matrix)

Tháinig ardú faoi 7% agus 18% faoi seach i rith na bliana 2010 ar an trácht ginearálta agus ar líon na mbrabhsálaithe aonair chuig láithreán gréasáin Spórt RTÉ. Chomh maith le láithreáin faoi leith a chur ar fáil maidir le Craobhchomórtas na Sé Náisiúin, Corn an Domhain FIFA agus Sraithchomórtas an Magners League, leagadh béim speisialta freisin ar thráchttaireacht téacs a chur ar fáil beo don lucht úsáide.

Meánlíon imrisean leathanach in aghaidh na míosa ar RTÉ.ie (milliún)



Foinse: RTÉ

I rith 2010, tháinig ardú ó 2.7 milliún go dtí 3.7 milliún ar líon na mbrabhsálaithe aonair in aghaidh na míosa, ardú ab ionann agus 37%



Feidhmchlár iPhone RTÉ News Now



Feidhmchlár iPhone RTÉ News Now



Feidhmchlár iPhone CLG



Morning Ireland beo ón RTÉ Player

Cuireadh seirbhís rianúcháin téacs beo den chineál seo ar fáil maidir le comórtais agus imeachtaí spóirt, ina measc Sraithchomórtais Náisiúnta an CLG, Craobhchomórtais Peile agus Iománaíochta CLG, Sraithchomórtas Curadh UEFA, Féile Rásaí Capall Cheltenham, Corn Heineken, Craobh na Máistrí sa ghalf sna Stáit Aontaithe, cluichí idirnáisiúnta sacair a raibh Poblacht na hÉireann ag imirt iontu, Corn Ryder sa ghalf, agus an tsraith International Rules. Bhí gach seirbhís rianúcháin acu sin ar fáil ar fón póca chomh maith.

Leanadh ag cur réimse leathan d'ábhar ilmheáin ar fáil beo agus ar a éileamh don lucht úsáide ar an láithreán gréasáin ag Spórt RTÉ i rith na bliana 2010. Rinneadh mórchuid den ábhar a chuir Spórt RTÉ amach ar teilifís agus ar raidió a chur amach beo mar shruthanna an tráth ceanna. Cuireadh ábhar físe amach ar an idirlíon amháin chomh maith, an chuid seo a leanas ar chuid de: Craobhchomórtas na Sé Náisiún A agus cluichí idirnáisiúnta idir clubanna, 10 gcinn de chluichí i gCraobhchomórtais an CLG, an babhta deireanach de na cluichí grúpa a imródh ar an tráth le linn Chorn Domhanda FIFA san Afraic Theas, Éire v an Spáinn i gCluiche Ceannais chraobhchomórtas sacair na hEorpa do mhná faoi 17, Craobhchomórtas Lúthchleasaíochta na hEorpa, babhta leathcheannais agus babhta ceannais Chraobhchomórtas Dornálaíochta Domhanda na mBan a bhuaigh Katie Taylor agus rásaí capail as Newmarket, Epsom, Cheltenham agus Newbury.

Cuireadh sraith de mhíreanna breise beo ar an idirlíon ar fáil, tar éis cluichí sacair nó rugbaí idirnáisiúnta a thaispeáint ar an teilifís ag Spórt RTÉ. Sheol Foilsitheoireacht RTÉ feidhmchlár iPhone chomh maith atá dírithe ar CLG amháin agus tar éis a tharraingt anuas 50,000 uair tharla beagnach 1 milliún imprisean leathanach nuair a bhí Craobhchomórtas an CLG in ard a réime. (Foinse: RTÉ; Urchin Analytics, Blue Metrix)

Ó thráth a sheolta i mí Aibreán 2009 go deireadh na bliana 2010, breathnaíodh 29.8 milliún sruth cláir ar an tseirbhís atrátha RTÉ Player

Tháinig ardú faoi 42% agus 28% faoi seach i rith na bliana 2010 ar an trácht ginearálta agus ar líon na mbrabhsálaithe aonair chuig an láithreán gréasáin RTÉ TEN (an láithreán Siamsaíochta roimhe seo) agus bhí athsheoladh an láithreáin Siamsaíochta mar RTÉ TEN i mí an Mheithimh ina chionsiocráir leis seo. Cinntíodh leis an athsheoladh go mbíonn taitneamh i bhfad níos fearr ag an lucht úsáide as an láithreán le dearadh agus nascleanúint i bhfad níos fearr chomh maith le fairsingiú ar réimse an ábhair a chuirtear ar fáil. Bhí béim as an nua ar an roinn maidir le nuacht chúrsaí Siamsaíochta agus déantar gach gné-alt de chuid an RTÉ Guide a chur ar fáil ina iomláine anois ar an láithreán RTÉ TEN chomh maith, ní a chuireann go mór le roinn na ngné-altanna ansin agus a fhágann rogha níos leithne agus éagsúlacht breise ag an lucht airdill. Tháinig méadú freisin ar líon agus ar chineálacha na mblaganna atá ar fáil ar an láithreán i rith na bliana agus blag nua faoi leabhair ar an gceann is deireanaí a cuireadh leis. Anuas air sin go léir, cuireadh níos mó ábhar físe sainléirithe ar fáil ar an láithreán i mbliana ná mar a rinneadh go dtí seo.

D'fhonn breis tráchta a tharraingt agus cur le heolas na ndaoine ar an mbranda nua, cuireadh straitéis maidir leis na meáin shóisialta ar bun trínar cuireadh RTÉ TEN ar Twitter agus ar Facebook agus cuireadh giúirléid Twitter isteach leis an leathanach baile ag RTÉ TEN. D'fhonn caidreamh níos mó leis an lucht féachana agus d'fhonn plé a chothú, ceadáítear tuairimí réamh-mheasraithe anois maidir leis an ábhar ar fad ar an suíomh ag RTÉ TEN agus ar dhá shuíomh maidir le nósanna maireachtála a phléann le bia agus le cúrsaí faisin.

Chruthaigh RTÉ.ie go maith ó thaobh ioncaim thráchtála i margadh fógraíochta a bhfuil deacrachtaí móra ag baint leis. Chuidigh formáidí fógraíochta nua ar fairsinge iad a thabhairt isteach, chomh maith le láithreáin nua tríú páirtí taobh istigh de RTÉ.ie, leis an toradh fóna seo a thabhairt i gcrích. D'éirigh leis an feidhmchlár RTÉ News Now don iPhone a sheoladh le lucht airdill nua a aimsiú chomh maith, agus deiseanna nua fógraíochta dá réir.

RTÉ Player

Ó thráth a sheolta i mí Aibreán 2009 go deireadh na bliana 2010, breathnaíodh 29.8 milliún sruth cláir ar an tseirbhís atrátha RTÉ Player agus tá líon na ndaoine a bhaineann úsáid as an tseirbhís in aisce seo ag dul in airde i gcónaí. Seoladh leagan idirnáisiúnta de RTÉ Player i mí Eanáir 2010.

Tá ardú tagtha ar líon na sruthanna ar an meán a cheanglaítear in aghaidh na míosa go dtí 1.8 milliún in 2010. Is léir an pátrán foráis seo chomh maith maidir le líon na mbreathnóirí aonair a d'ardaigh go dtí 406,000 ar an meán in aghaidh na míosa in 2010. Beart nua maidir le RTÉ Player, agus beart trína gcuirfeadh leis an éifeachtacht ó thaobh táirgeachta de, bíonn cláir ar fáil lena mbreathnú anois aon uair a chloig amháin tar éis a gcaoladh ar an aer, ach amháin i gcás chlár áirithe a mbíonn srian a bhaineann le cearta a fhágann nach féidir iad a bheith ar taispeáint gan mhoill.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Foilsitheoireacht RTÉ (ar lean)




An RTÉ Guide



Fade Street RTÉ Player

Is léir ó na figiúirí maidir le léitheoirí an RTÉ Guide, a d'fhoilsigh TGI i mí Meán Fómhair 2010, gur tháinig méadú 21% in imeacht na bliana ó 487,000 duine fásta go dtí 588,000 duine fásta ar an lucht léitheoireachta.

Lucht léitheoireachta fásta 15+ náisiúnta ag irisí Éireannacha de réir an eagráin (mílte)



Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM

I measc na gclár mór-ráchairte a bhí ar fáil ar an tseirbhís i rith na bliana 2010, bhí siad seo a leanas: *Lost*, *Operation Transformation*, *Fade Street*, *Desperate Housewives*, *Mad Men*, *Grey's Anatomy*, *Private Practice*, *Prime Time*, *The Frontline*, *Home & Away*, *The Late Late Show*, *The Saturday Night Show*, *The Republic of Telly*, *One Night Stand* agus *RBS Six Nations*.

I measc na n-ócáidí suntasacha a tharraing trácht ar an tseirbhís i rith na bliana 2010, bhí imeachtaí beo de chuid RTÉ News Now, mar shampla, an Buiséad Náisiúnta ar an 7 Nollaig ar ceanglaíodh 120,000 sruth lena aghaidh agus craoladh ó Bhrú na Bóinne do bhánú an lae ar lá Ghrianstad an Gheimhridh, an 21 Nollaig, ar ceanglaíodh 25,000 sruth ina leith.

I measc imeachtaí móra eile na bliana 2010, bhí gach cluiche de chuid Chorn Domhanda FIFA – 750,000 sruth – agus *The Late Late Toy Show* i mí na Samhna – beagnach 65,000 sruth – a chur ar fáil.

Sheol foireann RTÉ Player feachtas slánchóirithe ar líne ar fud na n-ardán éagsúil d'fhonn dlús a chur leis an gcaidreamh maidir le trácht RTÉ ar fud na seirbhíse ar Chorn an Domhain sa sacar. Seoladh comórtas dar teideal *Dunphy Watch* ar RTÉ.ie/sport d'fhonn cur leis an líon a bhreathnódh ar chraoladh atrátha ar an tseirbhís tar éis chluichí.

Baineadh úsáid go forleathan as na meáin shóisialta leis an bhfeachtas seo, d'fhonn trácht RTÉ ar an gCorn Domhanda a chur chun cinn. Rinneadh trácht RTÉ ar an gCorn Domhanda, an anailís agus sceitseanna *Après Match* (breathnaíodh 392,000 uair) a chur in eagar agus a chur suas ar an láithreán atá ag RTÉ ar YouTube maille le naisc ar ais go dtí RTÉ Player.

RTÉ Player XL

Seoladh RTÉ Player XL, leagan den seinnteoir atá sárchóirithe don bhreathnú ar scáileán mhóra agus ar Playstation 3 (PS3) ar an 14 Nollaig 2010. Go dtí seo, ceanglaíodh beagán le cois 7,000 sruth in aghaidh an lae ar an meán. (Foinse: RTÉ)

Ligeann RTÉ Player XL dóibh siúd a bhfuil PS3 acu leas a bhaint as réimse leathan clár ar an teilifís nuair a oireann dóibh féin. Tá an tseirbhís an-oiriúnach freisin dóibh siúd a úsáideann ríomhaire glúine nó ríomhaire pearsanta is féidir a cheangal le teilifíseán. Is féidir teacht ar ábhar físe gan mórán stró maidir le naisc a leanúint agus bíonn na cláir is deireanaí agus is mó ráchairte ar fáil gan mhoill don lucht úsáide.

Ó tharla gur dócha nach mar a chéile a bheidh an úsáid a bhainfeadh as PS3 agus an úsáid a bhaintfeadh as RTÉ Player go dtí seo, tá deis anois le RTÉ Player lucht féachana nua a aimsiú in Éirinn. Tá le tuiscint cheana féin ó na pátrúin úsáide go mbíonn éileamh níos mó ar chláir áirithe tríd an PS3 ná mar a bhíodh ar bhealaí eile roimhe seo. Is iad seo a leanas na cláir is mó a mbreathnaítear orthu tríd an gconsól PS3 *Republic of Telly*, *The Late Late Show*, *Desperate Housewives*, *Hardy Bucks* (Clár Speisialta na Nollag) agus *The Panel*. Mar gheall ar éileamh níos mó ar



rte.ie/news

dheiseanna nua fógraíochta, tá méadú tagtha ar líon na bhfógróirí a úsáideann fógraí roimh an ábhar fíis ar a éileamh ar RTÉ Player. Bhí tuiscint níos forleithne maidir le RTÉ Player i rith na bliana 2010 ina shiocair leis an méadú faoi thrí a tháinig ar líon na bhfógróirí céaduaire i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

An RTÉ Guide

Bhí deacrachtaí ag baint leis an mbliain 2010 arís don RTÉ Guide maidir le cúrsaí díolacháin agus cúrsaíochta mar gheall ar an margaidh ar leibhéal an mhiondíolacháin a bheith ag cúngú i gcónaí agus laghdú foriomlán measta ab ionann agus 12% ar mhargadh na n-irisí do thomhaltóirí. B'ionann an chúrsaíocht iomlán maidir leis an RTE Guide i rith na bliana 2010 agus díolachán 84,018 cóip ar an meán in aghaidh na seachtaine, titim 4.1% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (Foinse: ABC Ean – Nol 2010). Le linn na bliana, bhí toradh foráis ar an mbunscála in aghaidh na seachtaine ar bhearta bolscaireachta mórthábhachta de leithéid forlónadh WeightWatchers. Bhí bearta tionscanta faoi leith, mar shampla, Cnuasaigh Oidís Bia, scéalta Clasaiceacha do Leanaí agus Carúil Nollag ar CD a thabhairt in aisce, chomh maith le Féilire lucht na hAimsire ar RTÉ ar tháinig 15% / 25% de dhíolachán breise mar gheall orthu.

Is léir ó na figiúirí maidir le léitheoirí an RTÉ Guide, a d'fhoilsigh TG/ i mí Meán Fómhair 2010, gur tháinig méadú 21% in imeacht na bliana ó 487,000 duine fásta go dtí 588,000 duine fásta ar an lucht léitheoireachta.

Tá deacracht mhór i gceist i gcónaí leis an margadh fógraíochta sna meáin chlóite, ach cé go meastar gur thit an margadh ina iomláine faoi 15% in imeacht na bliana, tharla ardú 10% ina ainneoin sin ar an ioncam fógraíochta maidir leis an RTE Guide i gcomparáid le figiúirí na bliana 2009. Buaicphointe ríthábhachtach an t-eagrán dubailte faoi Nollaig lenar gnóthaíodh teacht isteach a bhí 16% níos airde ná ioncam na bliana roimhe sin.

RTÉ Aertel

Leanadh den straitéis ilardáin maidir le RTÉ Aertel ar feadh na bliana 2010. Cuireadh tús le tástáil beta maidir le Téacs Digiteach le cliant áirithe d'fhonn an tseirbhís a chur ar fáil beo an chéad Ráithe den bhliain 2011.

Bíonn 903,000 a úsáideann RTÉ Aertel ar bhealach analógach gach lá (Foinse: TGI 2010). Bíonn 136,000 ar an meán in aghaidh na míosa a bhrabhsáileann Aertel ar RTÉ.ie, rud a tharraingíonn beagnach 6 milliún imprisean leathanach in aghaidh na míosa. Tharraing an suíomh ag RTÉ Aertel don fón póca 470,000 cuairt ar leathanaigh in aghaidh na míosa, figiúr is ionann le laghdú 5.3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. (Foinse: RTÉ)


Chuir Foilsitheoireacht RTÉ seirbhís nua teiléathéacs Digitext ar bun don ghlacadóir DTT. Seoladh láithreán nua feabhsaithe maidir le RTÉ Aertel ar an bhfón póca i rith na bliana 2010 freisin. Tá sé níos fusa naisc a leanúint ar an leagan nua seo de RTÉ Aertel don fón póca chomh maith le hábhar grafaice níos fearr agus oibríonn sé le fón póca sárdeise.

Bhí brú seasta leanúnach ar an teacht isteach tráchtála ó RTÉ Aertel agus níos mó de na geallghlacadóirí a bhí ar na fógróirí barrthábhachta againn ag gearradh siar maidir le seirbhísí teiléathéacs a úsáid ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe araon. Cé go bhfuil an-deacracht i gcónaí fógróirí nua a mhealladh go dtí an meán seo, cruthaítear go maith i gcónaí maidir le cúrsaí Taistil chomh maith le hurraíocht i ndáil le himeachtaí Spóirt.

Ábhar

Tugadh isteach córas nua seinnte i rith na bliana 2010 maidir leis an tseirbhís RTÉ News Now ionas gur féidir anois seirbhís nuachta beo nó ar athrá a dháileadh ar DTT, ar an ngréasán agus ar ardáin don fón póca. Tháinig cúngú arís ar an margadh d'ábhar sindeacáite i rith na bliana 2010. Ina ainneoin sin, bhí de bhuaicphointe maidir leis an réimse seo leagan faoi leith den tseirbhís RTÉ News Now a chur ar fáil sna príomhionaid iompair, stáisiún

An cineál teiléathéacs a úsáidtear i ngach teaghlach ina n-úsáidtear teiléathéacs



Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM establishment Survey


traenach Heuston, Stáisiún an Phiarsaigh agus Stáisiún Uí Chonghaile chomh maith le Busáras. Tugadh ábhar maidir le cúrsaí spóirt chun cinn freisin i rith na bliana seo.

Comórtais ar Chláir agus Comórtais Idirghníomhaíochta

Rinne an fhoireann Idirghníomhaíochta agus Comórtais ar Chláir seirbhísí SMS agus seirbhísí guthfhreagrais idirghníomhacha a fhorbairt agus a bhainistiú do 140 clár a raibh comórtas nó seirbhís ar ardráta ag dul leo ar fud ardáin Teilifís RTÉ, Raidió RTÉ agus Fhoilsitheoireacht RTÉ. Cruthaíodh 12.4 milliún beart idirghníomhaíochta i rith na bliana 2010 idir cúrsaí raidió, teilifíse agus cló agus cuireadh níos mó ná 2,000 socrú faoi leith ar bun lena n-aghaidh. Tharla dá bharr sin, fairsingiú ar pháirt an lucht féachana agus éisteachta sna cláir gur sáraíodh i rith na bliana na buaicleibhéil a baineadh amach in aon bhliain roimhe seo.

RTÉ i do phóca

De réir mar a théann an teicneolaíocht chun cinn, tá oibleagáid ar RTE a chinntiú gur féidir le lucht féachana rochtain a fháil ar ábhar RTÉ, sásamh agus úsáid a bhaint as, uair ar bith, ar chaoi ar bith agus in áit ar bith gur mian leo. Le linn 2010 thug RTÉ roinnt feidhmchlár nua fón póca isteach a cheadaíonn d'úsáideoirí éisteacht le seirbhísí RTÉ agus iad i mbun a ngnó, breathnú orthu agus idirghníomhú leo. Faoi dheireadh na bliana rinneadh feidhmchlár RTÉ News Now don iPhone agus don Android araon a íoslódáil beagnach 200,000 uair. Íoslódaíodh feidhmchlár RTÉ Pocket Player don iPhone, a cheadaíonn d'úsáideoirí rochtain a fháil ar gach ceann d'aon stáisiúin déag de chuid Raidió RTÉ, breis agus 40,000 uair roimh dheireadh na bliana.



Athbhreithniú Oibriúcháin

Grúpaí Oirfide RTÉ



Sheinn an Pianódóir Hugh Tinney ag Ceolchoirm Charthanachta do Háití sa Cheoláras Náisiúnta



Alan Buribayev

Toradh Oibre

Baineann Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ, Ceathairéad Vanbrugh RTÉ, Cór Fiolarmónach RTÉ agus Cór na nÓg RTÉ le Grúpaí Oirfide RTÉ – sin breis agus 350 oirfideach. Is iad Grúpaí Oirfide RTÉ is mó a chuireann bonn faoin gceol clasaiceach beo a chothú agus a chur chun cinn in Éirinn trí cheoltóirí a fhosú, taibhréim beo a chur i láthair agus saothair nua ceoil do cheolfhoirne a chur ar coimisiún agus a sheinn.

D'éirigh le Grúpaí Oirfide RTÉ réimse iontach imeachtaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil i rith na bliana 2010 ainneoin laghdú suntasach ar an mbonn costais ina leith.

Chuir Grúpaí Oirfide RTÉ 224 taibhréim agus imeacht ar siúl beo do líon is airde ná 170,000 duine i rith na bliana. I rith sheasúr 2010/11, tháinig Alan Buribayev (31), a rugadh sa Chasacstáin, mar Phríomh-Stiúrthóir ar Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, an Príomh-Stiúrthóir is óige riamh, agus ghlac Hannu Lintu (ón bhFionlainn) le ról an Phríomh-Aoistiúrthóra. Tháinig Finghin Collins (Éire) isteach ar an gcéad Oirfideach Comhlach le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus, mar bheart tionscantach eile, tugadh Paul Rissmann (Albain) isteach mar Chomhairleoir Cruthaitheachta maidir le ceolchoirmeacha agus ceardlanna do theaghlach agus do dhaoine óga. Cuireadh *FORTE!*, sraith nua ceolchoirmeacha oideachasúla ar bun, agus beidh caidreamh ag Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ le réimse leathan pobal éagsúil tríd an tionscnamh sin.

Cuireadh dlús leis an gcaidreamh idir Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ agus an Príomh-Stiúrthóir, David Brophy, agus an Príomh-Aoistiúrthóir, John Wilson. Daingníodh chomh maith an ceangal leis na hardáin chraoltóireachta atá againn le linn bliain a raibh éagsúlacht ceoil ag baint léi. Féachann an dá cheolfhoireann ag RTÉ le seinnt ar an gcaighdeán is airde go hidirnáisiúnta, agus is minic a sheinntear le healaíontóirí atá ar scoth an domhain, ainneoin na srianta géara airgid.

Cuireadh cuid mhór ceolchoirmeacha den chéad scoth ar siúl i rith na bliana 2010. Is fiú tagairt faoi leith a dhéanamh don cheol a sheinn Celine Byrne, James Crabb, Barry Douglas, Nicola Benedetti, Nicolai Demidenko, Sergio Tiempo agus Baiba Skride le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus do cheol Martin Hayes, Tommy Fleming, Anthony Andrews, Brian Byrne, Willard White, Russell Watson agus Lalo Schifrin le Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ. Chomh maith leis sin, bhí roinnt mhaith ceoltóirí de chuid RTÉ a tháinig chun tosaigh mar cheoltóirí aonair nó i mbun léiritheoireachta nó stiúrthóireachta. Ba díol suntais na bearta nua a tugadh isteach mar chuid de chlár coirmeacha Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, ina measc leathnú ar an réimse cainteanna agus agallaimh roimh cheolchoirmeacha, plé roimh nó i ndiaidh ceolchoirmeacha agus ceolchoirmeacha mall san oíche le ceoltóirí de chuid na ceolfhoirne i mbun saothair ar scála níos lú a sheinn a raibh de chuspóir leo lón ábhair mealltach breise a chur ar fáil don lucht éisteachta agus deiseanna ardréime den chruithaitheacht a chur ar fáil do scoth na gceoltóirí.

Chomh maith leis an ábhar nua, bhí taitneamh arís ag an bpobal as an sean. Bhí tóir ar na ceolchoirmeacha ag am lóin sa Cheoláras Náisiúnta i rith an tsamhraidh ainneoin gur tharraing RTÉ lyric fm siar na háiseanna seach-chraolta beo mar gheall ar chúrsaí airgid. D'éirigh go maith leis an gCeolchoirm do Háití (Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ / An Ceoláras Náisiúnta) agus cruthaíodh leis sin an deis atá ann do cheangal idir lucht carthanais agus an dá cheolfhoireann. Sheinn Ceathairéad Vanburgh de chuid RTÉ coirmeacha tobann gan choinne leo in ionaid chomh héagsúil óna chéile leis an *Science Gallery* agus Cladach an Daichead Troigh i gCuas an Ghainimh, Baile Átha Cliath; níos gaire don ghnáthnós, seinneadh iomlán an cheoil a chum Beethoven don Ceathairéad i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i Londain le linn sé cinn de choirmeacha ceoil i ngach cathair acu: ba mhór an éacht ealaíne sin ag Ceathairéad Vanburgh RTÉ.

Is iad Grúpaí Oirfide RTÉ is mó a chuireann bonn faoin gceol clasaiceach beo a chothú agus a chur chun cinn in Éirinn



Clúdach CD Deirdre Gribbin



Mooney Tunes Mary Byrne

Tháinig Cór Fiolarmónach RTÉ leis an dúshlán a bhain le réimsí neamhghnách den repertoire ar a n-áirítear *Paradise and the Peri* le Schumann (bunaithe ar *Lalla Rookh* le Thomas Moore), *When Lilacs last in the Dooryard Bloom'd* le Hindemith, *An tAireann i B Míon* le Bach agus *Belhazzar's Feast* le Walton. Bhí Cór Fiolarmónach RTÉ ar dhlúthdhiosca speisialta chómóradh an chéid de cheol le Aloys Fleischmann in éineacht le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ; bhí 8 gcinn de dhlúthdhioscaí ar fad a foilsíodh i rith na bliana 2010.

Chomh maith leis na hócáidí taibhréime, rith Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ clár meantóireachta den rath do cheoltóirí óga cumasacha ó na coláistí ceoil tríd leibhéal i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste.

Gníomhaíocht Tráchtála

Tháinig íslíú faoi 10% ar an teacht isteach ó ghníomhaíocht tráchtála i gcomparáid leis an mbliain 2009. Chuir na deacrachtaí móra a bhaineann le cúrsaí eacnamaíochta chomh maith leis an aimsir uafásach a bhí in Éirinn i mí Eanáir agus arís i mí na Samhna agus mí na Nollag, agus ar thit amach maidir leis na scamail luaithe ón mbolcán i mí Aibreáin, isteach go mór ar dhíolachán ticéad i rith na bliana 2010.

Coimisiúin agus Saothar Nua

Bhí cúig cinn de shaothair ar coimisiún ó RTÉ ag David Fennessy, Jennifer Walshe, Gerry Murphy, Elaine Agnew agus David Flynn, á seinm den chéad uair riamh in aon áit ar domhan ag Grúpaí Oirfide RTÉ i rith na bliana. Anuas air sin, chuir Grúpaí Oirfide RTÉ saothar leis an gcumadóir Éireannach, Frank Corcoran, nach mb'ar coimisiún ó RTÉ a cumadh é, i láthair den chéad uair riamh in aon áit ar domhan. Chuir Grúpaí Oirfide RTÉ dhá shaothar le Elana Kats Chernin agus André Previn, nach mb'ar coimisiún ó RTÉ a cumadh iad, i láthair den chéad uair riamh in Éirinn.

Bhí ceathrar cumadóirí, Frank Corcoran, Deirdre Gribbin, Elaine Agnew agus Brian Irvine, ar cuireadh a gcuid saothar i láthair le linn *Horizons*, sraith ceolchoirmeacha

Bhí Ghrúpaí Oirfide RTÉ i gceoilár Sheachtain Mhór Ceoil RTÉ a eagraíodh den chéad uair i mí Deireadh Fómhair - ghlac an dá cheolfhoireann agus an dá chór páirt ann agus bhí siad le cloisteáil ar RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm agus RTÉ Pulse.

in aisce a thug Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ sa Cheoláras Náisiúnta. Foilsíodh dlúthdhioscaí tráchtála de cheol le Deirdre Gribbin agus Ian Wilson i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon faoi scéim foilsitheoireachta cúig bhliana atá aontaithe maidir le hábhar fuaimne.

Craoltóireacht

Tugann an acmhainn oibriú i gcomhar leis na seirbhísí craolacháin deiseanna faoi leith do Ghrúpaí Oirfide RTÉ an ceol beo a leathnú ar fud na n-ardán go léir. Chomh maith le ceolchoirm in aghaidh na seachtaine le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ a ligean amach ar an aer ar RTÉ lyric fm agus ceolchoirmeacha ceolfhoirne *In Tempo* ag am lóin i rith an tsamhraidh, ba bhliain mhaith í an bhliain 2010 maidir le deiseanna meáin éagsúla.

Bhí ceithre ghrúpa de na cúig cinn atá ar Ghrúpaí Oirfide RTÉ i gceoilár *Sheachtain Mhór Ceoil RTÉ* a eagraíodh den chéad uair i mí Deireadh Fómhair - ghlac an dá cheolfhoireann agus an dá chór páirt ann agus bhí siad le cloisteáil ar RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm agus RTÉ Pulse. Ba dhíol iontais do gach duine an aird a tharraing Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ ar sheinm den chéad uair di ag an bhféile *Electric Picnic*. Chomh maith leis sin, rinne Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ taifeadadh ar an gceol don chlár faisnéise teilifíse *The Limits of Liberty*; bhí Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ ar eagrán speisialta den *Late Late Show* ar Aoine an Chéasta agus daingníodh an caidreamh dlúth idir

an Ceolfhoireann sin agus an clár raidió *Mooney Show* le dhá cheolchoirm sa tsraith *Mooney Tunes*, ar díoladh na ticéid ar fad lena n-aghaidh - ceann sa Cheoláras Náisiúnta agus ceann speisialta don Nollaig in Amharclann na Mórchanálach.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Grúpaí Oirfide RTÉ
(ar lean)

Veidhleadóir Baiba Skride

Electric Proms Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ ag *Electric Picnic***Cothú an Lucht Éisteachta**

D'fhéach Grúpaí Oirfide RTÉ, i rith na bliana seo ar bhain an-deachrachaí léi, le lucht éisteachta a aimsiú mar a mbíodh siad de ghnáth agus in ionaid neamhghnácha. Cé gurb é an Ceoláras Náisiúnta an príomhionad taibhréime againn i gcónaí, baineadh úsáid as roinnt ionad neamhghnách chomh maith: i rith *Sheachtain Mhór Ceoil RTÉ* chuir Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus Cór Fiolarmónach RTÉ an Siansa Córúil le Beethoven ar siúl sa Chearnóg i dTamhlacht, Baile Átha Cliath agus bhí banna práis as Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ ag seinm in ionaid siopadóireachta i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan i rith na tréimhse roimh an Nollaig. Le cúram na margaíochta agus na cumarsáide a leagan ar an dá ceolfhoireann, cuireadh brí an athuir sa cheangal idir an táirge agus an lucht éisteachta. Tosaíodh ar an gcéad obair maidir le láithreán gréasáin nua do Ghrúpaí Oirfide RTÉ i rith na bliana 2010.

Rinneadh go leor oibre i gcomhar i rith na bliana 2010, go háirithe leis an gCeoláras Náisiúnta agus leis an gComhairle Ealaíon. Cuireadh tús leis an bplé i rith na bliana 2010 freisin maidir le hobair chomhair de chineálacha eile a dtiocfaidh bearta dá mbarr i rith na bliana 2011 le cúnamh ó Institiúid Náisiúnta na Scannán (INS), Cultúr Éireann agus Comhairle Chontae Cheatharlach.

Pleananna don Todhchaí

An tráth seo agus an brú faoi leith a bhaineann le sreabhadh cistíochta, cistí poiblí agus cistí tráchtála, tá béim mhórtábhachta ar an lucht féachana agus éisteachta a choinneáil, agus nuair is féidir sin, níos mó daoine a tharraingt agus cur leis na réimsí a mbaineann siad leo. Ní foláir an lucht éisteachta agus féachana atá ann faoi láthair a chothú agus a choinneáil agus lucht féachana nua sa bhreis air sin a mhealladh trí bhearta éifeachtacha cumarsáide a mheallann daoine agus a mbíonn ócáidí ceoil beo dá mbarr atá ina n-ábhar spreagtha agus taitnimh.

Tá d'araíocht sa Mheamram Tuisceana nua idir Grúpaí Oirfide RTÉ agus an Ceoláras Náisiúnta go gcuirfear bonn faoi chumarsáid níos fearr, breis oibríthe i gcomhar agus roinnt na sonraí margaíochta idir an dá thaobh san am atá le theacht.

Tosófar ar an gclár Náisiúnta d'Oideachas sa Cheol a thabhairt i bhfeidhm i rith na bliana 2011 (le cúnamh airgid den suntas ó U2 agus na *Ireland Funds*) agus tá Grúpaí Oirfide RTÉ ag tnúth le páirt a ghlacadh i roinnt den bheartaíocht is féidir a chur ar bun dá bharr.

Tugann Tionscadal Ceoldrámaíochta Cheatharlach 2011 deis spésiúil do Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ páirt a ghlacadh sa cheapadóireacht agus i gcur i láthair thionscnamh speisialta pobail. Agus den chéad uair riamh, eagrófar camchuart de chuid Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ le cúnamh ón gComhairle Ealaíon i rith na bliana 2011.

Tá deacracht ag baint i gcónaí le deiseanna gnó tráchtála i ngach réimse ioncaim, mar shampla, áiseanna léiriúcháin a ligean ar cíos, spriocanna lucht féachana agus éisteachta agus cúrsaí urraíochta. Chuir Opera Ireland an séasúr deireanach dá chuid i láthair (le Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ i mbun an cheoil uirlise) agus is fada anois soiléire de dhíth maidir lena mbeidh i gceist le Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta na hÉireann.

Rinneadh go leor oibre i gcomhar i rith na bliana 2010, go háirithe leis an gCeoláras Náisiúnta agus leis an gComhairle Ealaíon.



Aloys Fleischmann - Orchestral Works clúdach CD



Chas an Soprán Celine Byrne le Ceolchoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ sa Cheoláras Náisiúnta

Freastal ar Ceolchoirmeacha de chuid Ghrúpaí Oirfide RTÉ

	2010	2009
Aoi Ensembles	749	1,956
Oideachas Cóir RTÉ	0	1,060
Ginearálta Cóir RTÉ	1,947	2,519
Iomlán Cóir RTÉ	1,947	3,579
VQ RTÉ	2,333	3,247
Oideachas CO RTÉ	13,813	17,155
Ginearálta CO RTÉ	79,677	70,795
Iomlán CO RTÉ	93,490	87,950
Cór Fhoil/ RTÉ NSO	5,855	4,887
Oideachas NSO RTÉ	16,178	14,435
Ginearálta NSO RTÉ	49,927	52,165
Iomlán NSO RTÉ	66,105	66,600
Iomlán Oideachas	29,991	32,650
Iomlán Ginearálta	140,488	135,569
Foriomlán	170,479	168,219

Taibhléiriúchán de chuid Ghrúpaí Oirfide RTÉ

	2010	2009
Aoi Ensembles	1	2
Oideachas Cóir RTÉ	0	2
Ginearálta Cóir RTÉ	6	9
Iomlán Cóir RTÉ	6	11
VQ RTÉ	30	30
Oideachas CO RTÉ	17	22
Ginearálta CO RTÉ	78	78
Iomlán CO RTÉ	95	100
Cór Fhoil/ RTÉ NSO	7	5
Oideachas NSO RTÉ	22	18
Ginearálta NSO RTÉ	63	60
Iomlán NSO RTÉ	85	78
Iomlán Oideachas	39	42
Iomlán Ginearálta	185	184
Foriomlán	224	226

Gníomhaíochtaí ceoil comhaimseartha Ghrúpaí Oirfide RTÉ

	2010	2009
Gníomhaíochtaí Oideachas	39	42
Ceardlanna srl.	0	2
Cainteanna roimh cheolchoirmeacha	34	33
Iomlán: Gníomhaíochtaí Oideachas	73	77

Gníomhaíochtaí ceoil comhaimseartha Ghrúpaí Oirfide RTÉ

	2010	2009
Céadléiríthe Domhanda de shaothar a choimisiúnaigh RTÉ	5	10
Ceolchoirmeacha dirithe ar an gceol comhaimseartha	4	4



Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ sna buataisí rubair...



In 2010 chuir Grúpaí Oirífade RTÉ 224 taibhiú agus imeachtaí beo ar fáil do bhreis agus 170,000 duine ar fud na tíre. Bhain tionchar Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ ag a céad *Electric Picnic* siar as gach duine, idir lucht éisteachta agus Ceolfhoireann aron. Chuir an Ceolfhoireann de 55 duine “Electric Proms” speisialta i láthair i dtimpeallacht mhéith an limistéir Corp agus Anam maidin Dhomhnaigh de dheireadh seachtaine na féile. Iad gléasta go clasaiceach ina gcultacha maithe Dhomhnaigh, sheinn an Ceolfhoireann dreas ceoil a raibh áionna speisialta agus téamaí scannán san áireamh ann, leithéidí *Star Wars* agus *James Bond*, ceol clasaiceach mar an *Cúigiú Siansa* de chuid Beethoven agus *No Woman No Cry* de chuid Bob Marley.

Athbhreithniú Airgeadais

Torthaí

Thabhaigh RTÉ Easnamh €4.7 milliún i leith na bliana [2009: Easnamh €16.5 milliún Roimh Mhír Eisceachtúil - Muirear Athstruchtúrtha] bunaithe ar loncam €372 milliún (2009: €375 milliún), lena léirítear feidhmiú láidir ó thaobh airgeadais de i gcomhthéacs timpeallacht eacnamaíochta sa tír lenar bhain corraíl neamhchoitianta.

Creat Léirmhínte

Is iontaobhas scéime pinsin ceirde, rannócach, maoinithe, le sochair shainithe atá i Scéim Aoisliúntais RTÉ. Cuireadh ar bun faoin reachtaíocht é agus tá sé urraithe ag RTÉ. Níor ligeadh aon fhostaí isteach ina bhall nua ón mbliain 1989 i leith.

Éilítear de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnaisiúnta (IFRS) go léirítear na dliteanais faoi leith a bhaineann le scéimeanna pinsin le Sochair Shainithe sna Ráitis Airgeadais ag an urraitheoir ar bhealach atá inchurtha leis an gcaoi a luaitear Fiachas (arna meas i gcomparáid le rátaí Bannaí Corparáide lena mbaineann ré den chineál céanna).

I gcás RTÉ tá na Dlíteanais maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ ar an 31 Nollaig 2010, dar luach €809 milliún (2009: €770 milliún), níos mó ná 5 oiread na Glan-Sócmhainní a thuairiscítear ag RTÉ féin. **Is ináirithe dá bhrí sin go mbainfeadh an scála ollmhór a bhaineann leis an neamhréir seo ó shonrú ciallmhar ar an bhfeidhmiú airgeadais a bhaineann le gnóthaí oibríochta RTÉ.**

Dá réir sin, scarann an tráchttaireacht rannáin thíos an tráchttaireacht ar thorthaí Ghrúpa RTÉ gan an glanchostas ná an glanioncam Airgeadais a bhaineann le Pinsean Sochair Shainithe a eascraíonn as na sócmhainní agus dliteanais laistigh den Scéim curtha san áireamh.

Torthaí Rannán

Tugtar achoimre mar seo a leanas ar chion gach ceann de rannóga gnó RTÉ agus ar chion an Cheannáras (HQ) faoi seach maidir le toradh na bliana:

	2010 €m	2009 €m
Rannáin Chomhtháite Gnó (IBD)		
Teilifís	(1.9)	(15.9)
Raidió	(1.3)	0.7
Nuacht agus Cúrsaí Reatha	(2.2)	(2.4)
Grúpaí Oirfide	0.0	0.0
Líonra	5.8	8.3
Foilsitheoireacht	(1.8)	(1.6)
Ceannáras Corparáide	(3.0)	(2.9)
Coigeartuithe Comhdhlúthaithe	0.5	0.4
Fo-lomlán	(3.9)	(13.4)
Glan-ioncam / (costas) Airgeadais a bhaineann le Pinsean Sochair Shainithe Costas cánach ioncaim	0.1 (0.9)	(2.8) (0.3)
Easnamh roimh Mhír Eisceachtúil	(4.7)	(16.5)
Mír Eisceachtúil - Muirear athstruchtúrtha	0.0	(11.3)
Easnamh i leith na Bliana	(4.7)	(27.8)

Ioncam Tráchtála

Tharla cobhsú maidir le leibhéal an Ioncaim Thráchtála ag RTÉ i rith na bliana 2010 tar éis laghdú mór i rith an dara leath den bhliain 2008 agus gearú suntasach air sin i rith na bliana 2009.

Fógraíocht maidir le Teilifís RTÉ an ghné is suntasaí den ioncam tráchtála agus níos mó ná leath iomlán an ioncaim tráchtála a gnóthaíodh ag baint leis sin; tharla titim níos mó ná 33% ina leith idir an bhliain 2008 agus 2009 ach tharla ardú de bheagán beag i rith na bliana 2010.

Maidir leis an mbliain 2010 ina iomláine i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tháinig ardú beag de €1 milliún (+1%) ar an ioncam tráchtála foriomlán a gnóthaíodh agus sin mar seo a leanas:

	€m
Fógraíocht Theilifís RTÉ	+1.0
Fógraíocht Raidió RTÉ	-2.1
Réimsí eile	+2.1
Gluaiseacht Bliain in aghaidh na Bliana Ioncam Tráchtála 2009	+1.0 174.7
Ioncam Tráchtála 2010	175.7

An Pátrún atá faoin Ioncam Tráchtála (€m)

2010	175.7
2009	174.7
2008	239.9

Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Is í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) a bhailíonn an t-airgead atá dlite ón Roinn Coimirce Soisialaí (DSP) (i ndáil le ceadúnais teilifíse "saor in aisce") agus ó An Post (an t-aon ghníomhaire atá ag an Aire le ceadúnais teilifíse a dhíol leis an bpobal) agus tugann an Roinn deontas i gcabhair de réir na suimeanna cuí le RTÉ ina dhiaidh sin.

Fuair RTÉ €196.0 milliún mar Ioncam ó Cheadúnais Teilifíse sa bhliain 2010, laghdú €4 milliún / -2% (2009 €200.2 milliún). Tharla an laghdú sin den chuid is mó mar gheall ar thionchar an athraithe a tugadh isteach leis an *Acht Craolacháin 2009* trínar ardaíodh ó 5% go dtí 7% an asbhaint a bhaintear as Fáltais maidir le Ceadúnais Teilifíse (glan ar tháillí bailiúcháin) i ndáil leis an Scéim Fuaime agus Físe do Mhaoiniú Craoltóireachta a oibríonn an BAI.

Is ábhar buartha i gcónaí an leibhéal ar a bhfuil íoc Táille Ceadúnais Teilifíse á sheachaint ach ní féidir luach ollchuisitheach a chur go hiontaofa leis an deacracht sin nuair nach bhfuil staitisticí náisiúnta tithíochta mionsonraithe láithreach ar fáil maidir le tógáil, fágáil agus áitiú árais tar éis a shuaite a bhí cúrsaí maidir leis an margadh tithíochta cónaithe in Éirinn le dó nó trí de bhlianta anuas. Bhí measta ag RTÉ roimhe seo go bhféadfadh isteach is amach le 10% nó 15% de na teaghlach cónaithe agus de na háitribh ghnó a mbeadh táille le gearradh orthu bheith gan ceadúnas teilifíse bailí.

Costais Oibríochta

Mar gheall ar an gcúingú géar ar chúrsaí loncaim, thosaigh RTÉ i ndeireadh na bliana 2008 ar shraith ciarruithe costais i gcúiteamh air sin agus é d'aidhm leo an gnó a chur ar bhonn seasta agus íslíú suntasach a thabhairt i bhfeidhm maidir leis an mbonn costais oibríochta, an tráth céanna a bhféachfaí lena raibh i gceist ó thaobh cláir agus fostaíochta a chaomhnú chomh mór agus ab fhéidir sin. Brostaíodh faoin mbeartaíocht sin i rith na bliana 2009 agus leanadh de sa bhliain 2010 ainneoin ardú costais a bhain le beartaíocht thimthriallach.

Dá thoradh sin, ar an dá bhliain 2009 agus 2010 a áireamh in éineacht, rinneadh Bonn Costais oibríochta Bliantúil RTÉ, ar Dímheas agus Amúchadh a fhágáil as an áireamh a laghdú níos mó ná €82 milliún / -19% ón mbliain 2008 i leith.

Sa bhliain 2010, tháinig laghdú €8.8 milliún / -4% ar Chostais Oibríochta a bhaineann le Pearsanra (PROC) agus ardú beag €1.6 milliún / 1% ar Chostais oibríochta nach mbaineann le Pearsanra (Neamh-PROC). Tháinig laghdú €5.6 milliún i rith na bliana 2010 ar an gcostas maidir le Dímheas agus Amúchadh i gcomparáid leis an mbliain 2009.

Laghdaíodh lomlán an Chostais Oibríochta don bhliain 2010 €12.7 milliún / -3% de bhreis air sin i gcomparáid leis an mbliain 2009:

	€m
Laghdu i ndáil le Costais Oibríochta a bhaineann le Pearsanra (PROC)	-8.8
Laghdu i ndáil le Costais Oibríochta nach mbaineann le Pearsanra (Neamh-PROC)	+1.6
<hr/>	
Lagdu i ndáil le Dímheas / Amúchadh	-5.6
<hr/>	
Laghdu in imeacht na bliana Costais Oibríochta 2009	-12.8 +389.4
<hr/>	
Costais Oibríochta 2010	+376.6

Líon na bhfostaithe

B'ionann líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig 2010 agus 2,151 (2009: 2,214) agus ba fhostaithe páirtaimseartha / ócáideacha iad 317 (2009: 332) acu. B'ionann an t-íslíú ar líon na bhfostaithe i rith na bliana 2010 agus laghdú 3% i gcomparáid leis an mbliain 2009 agus is é is mó atá le sonrú uaidh nár tugadh daoine nua isteach in ionad dhaoine áirithe den fhoireann a bhí ag fágáil na heagraíochta chomh maith leis an méid a d'imigh i rith na bliana 2010 faoin Deis Luathscóir agus Iomarcaíochta agus an Scéim Dreasachta maidir le Sos Gairme/Saoire Neamhláithreachta.

Glan-Ioncam / (Costas) Airgeadais

Is ionann an Glan-Ioncam Airgeadais lomlán i leith na bliana 2010 agus €1.1 milliún i gcodarsnacht le Glan-Ioncam Airgeadais i leith na bliana 2009 de €1.6 milliún, gluaiseacht comhiomlán chun tairbhe ab ionann agus €2.7 milliún.

Bhain an ghluaiseacht sin den chuid is mó le laghdú ar an Toradh Measta, i ndáil le hInfhéistíochtaí de chuid na scéime pinsin sochair shainithe atá faoi úinéireacht Scéim Aoisliúntais RTÉ, agus sin á thabhairt isteach cuid mhaith ag an gcostas úis níos ísle atá ag baint faoi láthair leis na Dlíteanais faoi Scéim Aoisliúntais RTÉ.

Cánachas

Gearradh cáin €0.85 milliún i rith na bliana 2010 mar gheall den chuid is mó ar bhrabús inchánachais i bpéire de fhochuideachtaí RTÉ, RTÉ Transmission Network Limited (RTÉNL) agus RTÉ Commercial Enterprises Limited.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Tá luacháil chistíochta fhadtéarmach achtúireachta déanta ag achtúirí na scéime agus tuairiscíodh barrachas ab ionann agus €3.55 milliún ar an 1 Eanáir 2011 (1 Eanáir 2010: barrachas €2.6 milliún).

Sreabhadh Airgid

B'ionann an Glan-Sreabhadh Airgid Oibríochta ag Grúpa RTÉ arna gnóthú ó bheartaíocht oibre i rith na bliana 2010 agus €14.5 milliún (2009: €9.3 milliún).

B'ionann iomlán na n-acmhainní Airgid Tirim ar an 31 Nollaig 2010 agus €63.2 milliún (2009: €58.9 milliún) agus b'ionann na dliteanais fhadtéarmacha ag eascairt ó scéimeanna iomarcaíochta / luathscoir d'fhostaithe a thabhairt isteach agus €19.7 milliún (2009: €24.1 milliún).

I bhfianaise ar tharla de bhrú ar chúrsaí eacnamaíochta ón ráithe deiridh den bhliain 2008 anall, agus an géarú ina leith sin i rith na bliana 2009, bhí an bhéim ó lá go lá ar airgead tirim ar cheann de na gnéithe barrthábhachta maidir leis an mbainistíocht airgeadais i gcónaí i rith na bliana 2010 d'fhonn cinntiú go mbíonn sreabhadh dóthanach airgid ar fáil an t-am ar fad chun acmhainn inmharthanachta na heagraíochta a chaomhnú.

Caiteachas Caipitil

B'ionann caiteachas caipitil iomlán RTÉ sa bhliain 2010 agus €12.9 milliún (2009: €15.2 milliún) agus ba í an mhír ba shuntasáí ná €7.6 milliún breise maidir le hinfrastruchtúr Tarchuir agus Dáilíocháin de chuid RTÉNL.

Is den riachtanas an caiteachas sin, a mbainfidh timpeall is €70 milliún leis ina iomláine, ionas gur féidir le RTÉ a leagtar de dhualgas air faoin reachtaíocht a chomhlíonadh maidir le Teilifís Trastíre Dhigití (DTT) a thabhairt isteach sula dtarlaíonn an Córas Analógach a Mhúchadh maidir le gach córas don Teilifís Analógach Trastíre (ATT) ar fud na hEorpa, agus Éire san áireamh, sa bhliain 2012 mar a éilítear faoi pholasaí an AE agus pholasaí Rialtais sa tír seo.

Tá i gceist an tArdán nua DTT, Saorview, a sheoladh ar fud na tíre ar mhaithe leis an bpobal i rith an tsamhraidh sa bhliain 2011.

Athnuachan Caipitil - Tionscadal 2025

Tar éis Éisteacht ó Bhéal de chuid an Bhoird Pleanála i mí na Samhna 2010, tugadh Cead Pleanála ar feadh deich mbliana do RTÉ maidir le háis craoltóireachta agus meán cumarsáide nua-aimseartha ar achar 50,000 méadar cearnach a thógáil in áit an ionaid atá ann faoi láthair ar na tailte atá ag RTÉ i nDomhnach Broc agus cúig chéim faoi leith ag baint leis an obair thógála a dhéanamh.

I mí na Nollag 2010, d'fhoilsigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Plean Forbartha nua maidir le Cathair Bhaile Átha Cliath. Chuirfí bac ar chumas RTÉ leanacht ar aghaidh le Tionscadal 2025 i nDomhnach Broc le cineál na rialachán

criosúcháin atá i gceist maidir le hinstiúidí i ndáil le tailte RTÉ sa phlean seo agus tá iarratas déanta ag RTÉ leis an Ard-Chúirt maidir le hathbhreithniú breithniúnach ar ghéithe de chinneadh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi chúrsaí criosúcháin.

Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais

Is é Bord RTÉ a leagann síos polasaithe cistíochta an Ghrúpa, ar a n-áirítear bainistíocht ar airgead tirim, riosca maidir le malartú eachtrach agus riosca creidmheasa maidir le frithpháirtithe. Leagtar amach iad sin i Nóta 21 leis na ráitis airgeadais.

Gníomhaíocht Airgeadais

Mar a luaitear thuas, lean fochuideachta tarchuir RTÉ, mar atá RTÉNL, de cheangaltais shuntasacha caiteachais caipitil i ndáil le DTT agus ar an 22 Nollaig 2010, cheangail RTÉNL comhaontú maidir le háis iasachta chiste tionscadail le Barclays Bank dar luach iomlán €38.25 milliún. Níor tarraingíodh anuas aon airgead mar chuid den áis sin roimh an 31 Nollaig 2010.

Pinsin

Tá Scéim Pinsean Sochair Shainithe (DB) Ranníocach ar bun ag RTÉ mar aon le Scéimeanna Pinsean Ranníoca Sainithe Ranníocacha (DC) agus i rith na bliana 2010 cuireadh scéim nua ar bun, Scéim Pinsean Roinnte Riosca "50/50" (scéim hibrídeach a mbaineann gnéithe le sochair shainithe agus gnéithe le ranníoca sainithe léi), do na fostaithe.

Scéim Aoisliúntais RTÉ (DB)

Amhail an 31 Nollaig 2010, bhí 441 fostaí ag RTÉ ar chomhaltáí iad de Scéim Aoisliúntais RTÉ. Chomh maith leis sin, leanann RTÉ de ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an scéim seo i ndáil le roinnt bheag seanfhostaithe a d'fhág RTÉ de réir socruithe éagsúla maidir le Scor Luath nó Iomarcaíocht.

Is scéim sochair shainithe í Scéim Aoisliúntais RTÉ ina bhfuil cistí faoi bhainistíocht an 31 Nollaig de €813 milliún ag luach an mhargaidh. Níor ligeadh aon fhostaithe nua isteach faoin scéim sin ó mhí Iúil 1989.

Tá luacháil chistíochta fhadtéarmach achtúireachta déanta ag achtúirí na scéime agus tuairiscíodh barrachas ab ionann agus €3.55 milliún ar an 1 Eanáir 2011 (1 Eanáir 2010: barrachas €2.6 milliún). Arna ríomh de réir an chaighdeáin, IAS 19, b'ionann an barrachas ar an 31 Nollaig 2010 agus €3.6 milliún (31 Nollaig 2009: €9.2 milliún).

Scéim Pinsean Ranníoca Sainithe RTÉ

Tá gach fostaí de chuid RTÉ nach comhaltaí iad de Scéim Aoisliúntais RTÉ incháilithe maidir le bheith ina gcomhalta de scéim ranníoca sainithe ranníocach nó táthar incháilithe maidir le socruithe pinsin de chineál ÁSPC. Tá 1,234 comhalta (gníomhach) faoi Scéim Pinsean Ranníoca Sainithe RTÉ faoi láthair.

Scéim Pinsean Roinnte Riosca "50/50" RTÉ D'aontaigh agus shínigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an tAire Airgeadais ar an 2 Márta 2010 an Gníomhas Iontaobhais agus na Rialacháin dar dáta an 28 Samhain 2008 maidir leis an Scéim Pinsean Roinnte Riosca "50/50" nua de chuid RTÉ. Cuireadh tús le feidhm na scéime sin an 1 Meán Fómhair 2010 agus tá 233 fostaí ina gcomhalta (gníomhach) faoi láthair.

Árachas

Coimeádtar clúdach árachais cuí in aghaidh réimse rioscaí inárachais ábhartha, lena n-áirítear mórtubaiste, faoi réir asbhaintí agus eisiamh iomchuí.

Imeachtaí dlí

Tá RTÉ agus fochuideachtaí dá chuid ina bpáirtithe in imeachtaí éagsúla dlí agus tá éileamh i leith RTÉ nó fochuideachtaí dá chuid ag baint le roinnt acu sin. Níltear cinnte, an tráth seo, cén toradh a bheidh ar na himeachtaí. Tá RTÉ den tuairim, de réir na comhairle atá curtha air, go bhfuil bearta riachtanacha déanta chun a chinntiú nach mbeadh drochthionchar ábhartha fadtéarmach suntasach ag torthaí na n-imeachtaí sin, arna dtabhairt le chéile, ar riocht airgeadais, ar thorthaí ná ar leachtacht RTÉ.

Freagracht Chorparáideach

Tá Tuarascáil maidir le *Freagracht Chorparáideach RTÉ* ar fáil ar RTÉ.ie.

Leagtar amach sa tuarascáil sin an modh oibre atá ag RTÉ ag plé leis an lucht féachana agus éisteachta, le baill na foirne, le comhpháirtithe gnó, leis an Rialtas agus i ndáil leis an gcomhshaol.

Breathnú Romhainn

Tá deacrachtaí móra ag baint i gcónaí le cúrsaí trádála faoi láthair ó thaobh gach gné den ioncam tráchtála agus ní dócha filleadh go gairid ar bhorradh faoi mhúinín an tomhaltóra, i dtús na bliana 2011 ar aon chuma.

Bhí de thoradh ar Bhuiséad an Rialtais i mí na Nollag 2010, agus ar bhearta eile de chuid an rialtais a bhain le RTÉ go sonrach, gur laghdaíodh ar an Ioncam ó Tháille Ceadúnais Teilifíse atá le híoc agus / nó gur leagadh dualgas maidir le costas breise ar RTÉ is ionann ina iomláine agus ualach breise measta isteach agus amach le €22 milliún idir an bhliain 2009 agus an bhliain 2011. Áirítear orthu sin:

- Athrú ó Dheontas Bliantúil do BAI as an Stáitchiste tríd an DCENR agus táille a ghearrtar díreach ar na craoltóirí ar fad, RTÉ ina measc, a thabhairt isteach ina ionad;
- Laghdú ar an Ioncam Glan ó Cheadúnais Teilifíse de thoradh ardú a thabhairt i bhfeidhm i ndáil leis an asbhaint maidir le Scéim Fuaime agus Físe de chuid an BAI;
- Laghdú ar an Ioncam Glan ó Cheadúnais Teilifíse de thoradh athrú ó chuid den Deontas le TG4 a íoc díreach as an Stáitchiste agus Deontas dá réir le TG4 arna mhaoiniú trí mhúirear a ghearradh in aghaidh a mbailítear i ndáil le Ceadúnais Teilifíse a thabhairt isteach ina áit;
- Laghdú ar an Ioncam Glan ó Cheadúnais Teilifíse de thoradh uasteorainn a thabhairt i bhfeidhm maidir leis an tsuim iomlán atá le híoc gach bliain ag an Roinn Coimirce Sóisialta i ndáil le Ceadúnais Teilifíse "Saoil" gan bheann ar líon na gceadúnas den chineál sin a eisítear in aon bhliain ar bith.

Tá roghanna straitéise á dtabhairt chun cinn faoi láthair ag RTÉ d'fhonn cinntiú go mbeidh ioncam leordhóthanach ar fáil chun a leagtar de dhualgas air faoin reachtaíocht a chomhlíonadh san am atá ag teacht.

Meastar go mbeidh an acmhainn leachtachta is gá ar fáil i rith na bliana 2011 as na sócmhainní airgid fabhrúithe, arna dtabhairt le chéile leis na háiseanna iasachta atá socraithe faoi láthair, chun bonn a chur faoina mbainfeadh leis na ceangaltais caipitil ar ináirithe iad, go háirithe maidir le DTT agus chun cosaint a thabhairt in aghaidh lagú arís maidir le gnóthachan ioncaim i rith na bliana seo chugainn.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Bíonn RTÉ ag brath ar **Mhúnla Cistíochta Déchineálach Poiblí / Tráchtála** trína gcuirtear beartaíocht thráchtála chun leasa leis an easnamh sa chiste poiblí a fhaightear a thabhairt isteach.

Úsáid na Táille Ceadúnais

Tá gné na seirbhíse poiblí ag rith le mórchuid mhór na beartaíochta ag RTÉ ach bíonn costas i bhfad níos airde leis na seirbhísí sin a chur ar fáil ná an tsuim de chiste poiblí a fhaightear. Dá réir sin, bíonn RTÉ ag brath ar Mhúnla Cistíochta Déchineálach Poiblí / Tráchtála trína gcuirtear beartaíocht thráchtála chun leasa leis an easnamh sa chiste poiblí a fhaightear a líonadh.

Féachtar leis an úsáid a bhaintear as aon Táille Ceadúnais Teilifíse amháin a leagan amach sa tábla seo a leanas, arna thabhairt san áireamh nach le RTÉ amháin a íoctar an t-airgead a bhailítear ó Tháillí Ceadúnais Teilifíse:


An Úsáid a baineadh as gach Táille Ceadúnais Teilifíse a Bailíodh

	2010 €	2009 €
RTÉ One	61.03	62.00
RTÉ Two	36.20	31.57
Teilifís RTÉ	97.23	93.57
RTÉ Radio 1	13.08	16.70
RTÉ Raidió na Gaeltachta (RTÉ RnaG)	8.50	9.06
RTÉ lyric fm	5.05	5.24
Raidió RTÉ	26.63	31.00
Grúpaí Oirfide RTÉ	9.07	9.48
Gníomhaíochtaí RTÉ	132.93	134.05
	83%	84%
Tacaíocht RTÉ do TG4	6.36	7.50
Tobhach BAI	1.04	0.63
Ciste Fuaimne & Físe an BCI	10.57	8.45
Costais Bhailiúcháin - An Post/ DCENR / DSP	9.10	9.37
Gníomhaíochtaí neamh RTÉ	27.07	25.95
	17%	16%
Meánchostas ar Cheadúnas Teilifíse	€160.00	€160.00

Tugtar acoimre leis an bpíchart thíos ar an dáileadh a rinneadh ar an ioncam ó Tháillí Ceadúnais Teilifíse a fhaigheann RTÉ i ndáil le gné na seirbhíse poiblí de bheartaíocht RTÉ i rith na bliana 2010.

Leithdháileadh Ioncam Ceadúnais a fuair RTÉ i 2010

RTÉ One	43.8%
RTÉ Two	26.0%
RTÉ Radio 1	9.4%
RTÉ lyric fm	3.6%
RTÉ RnaG	6.1%
Tacaíocht tugtha do TG4	4.6%
Grúpaí Oirfide RTÉ	6.5%



Costas in aghaidh na huairé Tarchuir

Mar chuid de na Geallúintí Feidhmiúcháin i leith na bliana 2010, shocraigh RTÉ go bhfoilseofaí, sa Thuarascáil Bhliantúil 2010, ráiteas ar an ngnáthchostas in aghaidh uaire tarchuir na gclár a craoladh. Leagtar amach thíos táblaí ina dtugtar an t-eolas sin agus eolas faoin modh ina ríomhtar na figiúirí don bhliain 2010 chomh maith le figiúirí inchomórtais leo maidir leis an mbliain 2009.

2010

	RTÉ One €'m	RTÉ Two €'m	RTÉ Radio 1 €'m	RTÉ 2fm €'m	RTÉ lyric fm €'m	RTÉ RnaG €'m
COSTAIS						
Clár a dhéantar in Éirinn	117.7	69.8	33.1	11.4	6.4	10.8
Clár Cheannaithe - Éire	0.6	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
- Thar lear	12.8	11.1	0.0	0.0	0.0	0.0
Oibríochtaí ginearálta craolacháin agus tarchuir	11.7	11.1	1.4	0.8	0.2	0.2
Muirir tharchuir agus chumhachta	3.2	3.2	1.8	0.9	0.9	0.9
	146.0	95.2	36.3	13.1	7.5	11.9

UAIRE

	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire
Uaire Tarchuir in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh)	8,760	8,760	8,898	8,760	8,760	8,760

MEÁNCHOSTAS FORIOMLÁN IN AGHAIDH NA hUAIRE CRAOLACHÁIN

	€	€	€	€	€	€
Uaire Tarchuir go léir	16,700	10,900	4,100	1,500	900	1,400

2009

	RTÉ One €'m	RTÉ Two €'m	RTÉ Radio 1 €'m	RTÉ 2fm €'m	RTÉ lyric fm €'m	RTÉ RnaG €'m
COSTAIS						
Clár a dhéantar in Éirinn	127.5	64.9	36.2	12.6	6.7	11.5
Clár Cheannaithe - Éire	0.3	0.1	0.0	0.0	0.0	0.0
- Thar lear	14.4	10.6	0.0	0.0	0.0	0.0
Oibríochtaí ginearálta craolacháin agus tarchuir	12.7	11.2	2.1	1.0	0.4	0.3
Muirir tharchuir agus chumhachta	3.4	3.4	2.0	1.0	1.0	1.0
	158.3	90.2	40.3	14.6	8.1	12.8

UAIRE

	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire
Uaire Tarchuir in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh)	8,760	8,760	8,926	8,760	8,760	8,760

MEÁNCHOSTAS FORIOMLÁN IN AGHAIDH NA hUAIRE CRAOLACHÁIN

	€	€	€	€	€	€
Uaire Tarchuir go léir	18,100	10,300	4,500	1,700	900	1,500

GLUISEACHT BHLIANTÚIL

% d'Athrú ar an gCostas in aghaidh na huairé

Uaire Tarchuir go léir	(7.7%)	5.8%	(8.9%)	(11.8%)	0%	(6.7%)
------------------------	--------	------	--------	---------	----	--------

An Bord ar 31 Nollaig 2010

**1. Tom Savage (Cathaoirleach)**

Téarma Oifige: 24 Feabhra 2009 – 31 Lúnasa 2014
Díreach tar éis dó céim a fháil ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, ceapadh Tom ina Cheannasaí Leasa Shóisialaigh in Ard-Deoise Ard Mhacha. Thángthas á iarraidh ansin chun léachtóireacht a dhéanamh san Ionad Cumarsáide Caitliceach agus, ar fhágáil na sagart dó, thosaigh sé amach ar ghairm bheatha leis an iriseoireacht agus mar láithreoir ar an raidió agus ar an teilifís. Bhí aithne go forleathan ar a ghlor tar éis cúig bhliana déag i mbun *What It Says in the Papers* ar RTÉ faoin am ar ceapadh é ar an gcéad eagarthóir ar *Morning Ireland*. Rinne sé eagarthóireacht ar chuid mhaith foilseachán, *Public Affairs* de chuid an IPA ina measc, agus chuir sé Irish Medical News Chumann Leighis na hÉireann ar bun sula ndeachaigh sé ag obair le Bunny Carr mar Cheannasaí Oiliúna le Carr Communications. Bhí baint aige le holiúint a chur ar Stáitseirbhígh agus leis an gCóras do Bhainistíocht agus d'Fhorbairt Feidhmíochta. Bhí sé ina chomhairleoir i ndáil le Coimisiúin Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, *Save the Children* (Tuaisceart Éireann) agus an *Children's Law Centre* i mBéal Feirste. Is é a scríobh an leabhar faoi chúrsaí caibidlíochta dar teideal *How to Get What You Want*.

2. Fergus Armstrong

Téarma Oifige: 24 Feabhra 2009 – 31 Lúnasa 2014
Is eadránaí é Fergus Armstrong. Tá sé ina chomhalta den phainéal ag ONE resolve, foireann eadráin idiridhisciplíneach. Leis an dlí a chaith sé an saol oibre roimhe sin, le comhlacht dlí a mhuintire i Sligeach, ainmnithe anois mar Hegarty and Armstrong, ar dtús agus ina aturnae cuideachta ag Aer Lingus ina dhiaidh sin. Chuaigh sé leis an gcomhlacht McCann Fitzgerald ina dhiaidh sin arís, ag fónamh mar chomhpháirtí ann maidir le dlí na corparáide agus ansin ina chomhpháirtí bainistíochta agus ina chathaoirleach. Bíonn aighnis maidir le cúrsaí gnó agus institiúidí i gceist leis an obair eadrána a dhéanann sé chomh maith le haighneas idir daoine aonair. Glacann sé páirt mar mhúinteoir agus mar dhuine ar phainéil i gcúrsaí agus i gceardlanna maidir le gnóthas eadrána do eagraíochtaí gairme agus d'fhostaithe san earnáil phoiblí. Foilsíonn sé altanna in irisí agus i bpáipéir nuachta ó am go chéile agus tá suim aige san fhealsúnacht, sa tsíceolaíocht agus sa diagacht. I gColáiste Chaisleán Cruacha, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus san *Harvard Law School* a chuaigh sé faoi oideachas.

3. Orlaith Carmody

Téarma oifige: 16 Feabhra 2010 – 16 Feabhra 2015
Iriseoir, léiritheoir agus comhairleoir i gcúrsaí cumarsáide í Orlaith. Bhí sí ina tuairisceoir foirne sa Seomra Nuachta in RTÉ i rith na nóchaidí go dtí gur fhág sí chun a clann a thógáil agus tabhairt faoi chúrsaí gnó i réimse na hearcaíochta, na bainistíochta agus na comhairleoireachta maidir le cúrsaí na meán a thabhairt chun cinn. Tá sí ina Stiúrthóir ar Mediatraining.ie, comhlacht comhairliúcháin maidir le scileanna cumarsáide, agus tá spéis faoi leith aici san fhorbairt phearsanta agus sa chóitseáil ar dhaoine i ngach réim den tsaoil ionas go mbíonn an rath orthu sa saol pearsanta agus sa saol gnó. Tá sí ina Stiúrthóir freisin ar Aerga Productions, comhlacht léiriúcháin beag neamhspleách. Tá céim MA aici sa Scannánaíocht agus sa Teilifís ó Ollscoil Cathrach Bhaile Átha Cliath.

4. Alan Gilsean

Téarma Oifige: 24 Feabhra 2009 – 31 Lúnasa 2014
Is fear scannánaíochta, scríbhneoir agus léiritheoir amharclainne é Alan. Bhíodh sé ina Chathaoirleach tráth ar Institiúid Scannán na hÉireann agus ina Chomhalta den Bhord ag Bord Scannán na hÉireann agus ag Féile Idirnáisiúnta Damhsa na hÉireann. I measc a chuid scannán, tá na cinn seo a leanas: *The Road To God Knows Where*, *All Souls' Day*, *Zulu 9*, *The Green Fields of France*, *The Ghost of Roger Casement*, *Timbuktu*, *The Yellow Bittern* chomh maith leis na sraitheanna faisnéise *The Asylum*, *The Hospice* agus *I See A Darkness*.

5. Cathal Goan

(An Príomh-Stiúrthóir)
Bhí Cathal ina Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ ó mhí Deireadh Fómhair 2003 go dtí an 18 Eanáir 2011. Céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath é a tháinig isteach in RTÉ sa bhliain 1979 agus a raibh poist éagsúla aige le Raidió RTÉ agus le Teilifís RTÉ sular ceapadh ina Eagarthóir ar Chláiracha Gaeilge é sa bhliain 1990. Ceapadh ina Cheannasaí ar Theilifís na Gaeilge é sa bhliain 1994 agus is faoina chúram a cuireadh an cineál sin, an trí seirbhís náisiúnta de chuid na hÉireann, ar bun. I mí Márta 2000, ceapadh ina Stiúrthóir ar Theilifís RTÉ é (agus ina Bhainisteoir Stiúrtha dá éis sin sa bhliain 2003), agus ina chomhalta de Bhord Feidhmeannais RTÉ.

6. Karlin Lillington

Téarma Oifige: 24 Feabhra 2009 – 31 Lúnasa 2014
Is iriseoir agus colúnáil leis an Irish Times í Karlin. Diríonn sí ar chúrsaí teicneolaíochta agus tá spéis faoi leith aici i ngnéithe polaitíochta, sóisialta, gnó agus cultúir maidir le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide. Foilsíodh aistí léi i réimse leathan foilseachán in Éirinn agus thar lear, ina measc *The Guardian*, *New Scientist*, *Wired.com*, *Salon.com*, *Red Herring*, *The Scientist* agus *The Sunday Times*. Is minic ina haoi ar chláir raidió in Éirinn í. D'oibrigh sí ina comhairleoir le U2 i ndáil leis an láithreán gréasáin U2.com agus tá sí ar an bpainéal comhairleoireachta maidir leis an Science Gallery i gColáiste na Tríonóide agus le TEDx i mBaile Átha Cliath. Tá céim PhD aici ó Choláiste na Tríonóide.

7. Joe Little

Téarma Oifige: 30 Meán Fómhair 2009 – 31 Lúnasa 2014
Tá Joe ina iriseoir ón mbliain 1977 i leith, le RTÉ den chuid is mó. I mBéal Feirste agus i Luimneach a d'fhás sé aníos agus bhí baint ag a chuid tuairisceoireachta as Tuaisceart Éireann le hainmniúchán RTÉ le haghaidh gradam Emmy. Bhronn Dlí-Chumann na hÉireann agus an grúpa stocaireachta ar son dhaoine faoi mhíchumas, Inclusion Ireland, gradaim air. Is é an Comhfhreagraí ag RTÉ é maidir le Gnóthai Eaglasta agus Sóisialta.

8. Aileen O'Meara

Téarma Oifige: 16 Feabhra 2010 – 16 Feabhra 2015
Léiritheoir neamhspleách agus iriseoir í Aileen a bhfuil cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath. I Ros Cré, Co. Thiobraid Árann a rugadh í agus i ngar do Shuí an Róin i gCo. Uíbh Fháil a d'fhás sí aníos. Chuaigh sí faoi oideachas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus bhain sí Diplóma Máistreacht sa Iriseoireacht amach ina dhiaidh sin in Ollscoil Cathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1986. D'oibrigh sí ina tuairisceoir leis an iris *Magill*, le Scéala Éireann, agus leis an *Sunday Tribune* sular tháinig sí ag obair le RTÉ mar thuairisceoir sa bhliain 1991. Le linn a tréimhse 13 bliain ag fónamh do RTÉ, d'oibrigh sí ina tuairisceoir raidió, ina léiritheoir raidió agus ina comhfhreagraí nuachta ar an teilifís agus bronnadh roinnt gradam uirthi as ucht a cuid oibre craoltóireachta le cúrsaí nuachta. Scríobhann sí tuairisc

riailta don *Sunday Business Post* ina ndéanann sí anailís ar na seirbhísí sláinte agus léiríonn sí clár raidió ina léirítheoir raidió neamhspleách. Tá gnó á thabhairt chun cinn aici maidir le seirbhísí fuair ar an idirlíon agus don fón póca.

9. Eunice O'Raw

Téarma Oifige: 16 Feabhra 2010 – 16 Feabhra 2015
Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath í Eunice a bhain Céim Mháistreachta amach san Eacnamaíocht agus a ghnóthaigh Céim Mháistreachta eile amach san Eacnamaíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ina dhiaidh sin. Is le habhcóidíocht a bhíonn Eunice ó thabhairt gairme agus tá sí ina hAbhcóide ón mbliain 1996. Ceapadh ina hAbhcóide Sóisír í ag an mBinse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochta i mí Iúil 1998. Ceapadh ina Stiúrthóir Gnóthaí Dlí i HSE í i mí Márta 2010. Rinne Eunice, tríd an mbaint atá aici leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, cathaoirleach ar bhinsí fiosrúcháin meabhairshláinte d'fhonn a mheas an mba chúil i gcásanna áirithe daoine áirithe a choinneáil faoi na hAchtanna Meabhair-Shláinte. Le blianta beaga anuas, tá dua mór caite ag Eunice le staidéar, taighde agus forbairt ar réimsí éagsúla den eadráin agus den réiteach ar choinbhíochtaí agus ar aighnis.

10. Sean O'Sullivan

Téarma Oifige: 24 Feabhra 2009 – 31 Lúnasa 2014
Bhunaigh Sean an ghnóchlach comhairliúcháin i réimsí bogearra, Seabrook Research Limited, atá lonnaithe i gCorcaigh agus tá sé ina Bhainisteoir Stiúrtha air. Tá sé ina Chathaoirleach chomh maith ar an mBord Comhairliúcháin maidir le Córais Faisnéise Gnó i gColáiste na hÉireann, Corcaigh agus ina mheantóir maidir le cúrsaí Máistreacht sa Ollscoil ansin. Bhí sé ina Leas-Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Gearáin Chraolachán tráth agus tá infheistíocht déanta aige i roinnt cuideachtaí tionscanta i réimse na teicneolaíochta.

11. Patricia Quinn

Téarma Oifige: 24 Feabhra 2009 – 31 Lúnasa 2014
Is í Patricia bunaitheoir agus Príomh-Oifigeach Feidhmíochán *Irish Nonprofits Knowledge Exchange* (INKE), cuideachta neamhbhrabúis a bunaíodh sa bhliain 2009. Bhí sí ina seirbhíseach poiblí roimhe sin agus rinne sí fónamh mar stiúrthóir cultúrtha ar Temple Bar Properties, mar stiúrthóir feidhmíochán ar an gComhairle Ealaíon, agus mar chomhalta ar chomhlachtaí poiblí éagsúla, ina measc Coimisiún na Nuachtán agus an Fóram Craolacháin.

12. Stuart Switzer

Téarma Oifige: 16 Feabhra 2010 – 16 Feabhra 2015
Léiritheoir teilifíse é Stuart atá i mbun clár teilifíse, idir clár faisnéise agus clár siamsaíochta, a léiríu le 25 bliain anuas do RTÉ, don BBC agus don iliomad craoltóirí eile. Tá sé ina stiúrthóir ar Cocco Television ó bunaíodh é agus ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Cocco Television ón mbliain 1998 i leith. Bhí Stuart ina chomhcheapadóir agus ina léiritheoir nó ina léiritheoir feidhmíochán ar chuid mhór léiriúcháin de chuid Cocco. Is é Stuart is cionsicair le beartaíocht Cocco Television i gcúrsaí na meán digiteach, foilsitheoireacht agus imeachtaí ina measc. Ba é ré oibre Stuart i gcúrsaí airgeadais ba chúis le Cocco dul isteach leis an ngrúpa a chuir YMITV ar bun sa bhliain 2001, an chéad chainéal ar líne faoi chúrsaí airgeadais sa Ríocht Aontaithe ag an am. Rinne sé fónamh mar chomhalta boird de chuid *Screen Producers Ireland* agus bhí baint aige leis an iliomad tuarascáil faoi thionscal na meán le deich mbliana anuas. Ba é Stuart príomhphearsa Switzer & Co, Financial Advisors and Management Consultants, ar feadh deich mbliana sula ndeachaigh sé ag obair mar Phríomh-oifigeach Feidhmíochán le Cocco Television.

Feidhmeannas



Freastal an Bhoird

Bhí dhá chruinniú dhéag de Bhord RTÉ i 2010. Tá freastal na gcomhaltaí boird leagtha amach thíos:

	Cruinnithe i dteideal freastal orthu	Cruinnithe ar freastal-áidh orthu
Tom Savage	12	11
Fergus Armstrong	12	11
Orlaith Carmody	11	11
Alan Gilsenan	12	11
Cathal Goan	12	12
Karlin Lillington	12	11
Joe Little	12	11
Aileen O'Meara	11	11
Eunice O'Raw	11	11
Sean O'Sullivan	12	11
Patricia Quinn	12	12
Stuart Switzer	11	11

Tabhair ar aird: chríochnaigh téarma oifige Emer Finnan an 16 Feabhra 2010. Bhí sí i dteideal freastal ar chruinniú amháin den Bhord ach níor fhreastal ar feitheamh le soiléiriú armuigh ar a seasamh mar chomhalta den Bhord ag an am.

Coistí Boird

Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

Tionóladh sé chruinniú i rith 2010 (2009 – cruinniú amháin). Mhéadaigh líon na gcruinnithe le linn 2010 de bharr phróiseas roghnaithe Príomh-Stiúrthóra nua. Freastalaíodh ar na cruinnithe mar seo a leanas (línfhreastal ar gach cruinniú ó na comhaltaí a bhí i dteideal freastal ar an gcruinniú):

	Cruinnithe i dteideal freastal orthu	Cruinnithe ar freastal-áidh orthu
Tom Savage (Cathaoirleach)	6	6
Fergus Armstrong	6	6
Orlaith Carmody	5	5
Sean O'Sullivan	6	6
Patricia Quinn	4	4

Ceapadh Orlaith Carmody ar an gCoiste le héifeacht ó 30 Meitheamh 2010. Ceapadh Patricia Quinn ar an gCoiste le héifeacht ó 1 Samhain 2010.

Coiste Iníúchta agus Riosca

Tionóladh sé chruinniú le linn 2010, agus freastalaíodh orthu mar a leanas:

	Cruinnithe i dteideal freastal orthu	Cruinnithe ar freastal-áidh orthu
Sean O'Sullivan (Cathaoirleach)	6	6
Karlin Lillington	1	1
Eunice O'Raw	6	6
Stuart Switzer	6	6

Ba chomhalta den Choiste Iníúchta agus Riosca í Karlin Lillington le héifeacht ó 13 Nollaig 2010.

Coiste na gClár

Bhí cúig chruinniú ag Coiste na gClár i rith 2010, freastal mar seo a leanas orthu:

	Cruinnithe i dteideal freastal orthu	Cruinnithe ar freastal-áidh orthu
Alan Gilsenan (Cathaoirleach)	5	5
Fergus Armstrong	5	4
Orlaith Carmody	3	3
Karlin Lillington	5	5
Aileen O'Meara	3	3
Patricia Quinn	5	3

Ceapadh Orlaith Carmody agus Aileen O'Meara ar an gCoiste le héifeacht ó 25 Feabhra 2010.

Coiste Tionscadail 2025

Tionóladh cruinniú amháin i rith na bliana, freastal iomlán air. Is iad Patricia Quinn (Cathaoirleach), Orlaith Carmody, Joe Little agus Aileen O'Meara comhaltaí an Choiste. Mar a míodh san athbhreithniú ar Rialachas Corparáideach, bunaíodh an coiste go deireanach i 2010.

Coiste Nuála agus Teicneolaíochta

Tionóladh cruinniú amháin i rith na bliana, freastal iomlán air. Is iad Karlin Lillington (Cathaoirleach), Aileen O'Meara agus Sean O'Sullivan comhaltaí an Choiste. Mar a míodh san athbhreithniú ar Rialachas Corparáideach, bunaíodh an coiste go deireanach i 2010.

1. Noel Curran

(An Príomh-Stiúrthóir)

Ceapadh Noel mar Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ón 1 Feabhra 2011.

Tá céim sa Chumarsáid ag Noel ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), áit a ndearna sé obair thaghde shonrach ar shaincheisteanna beartais chraoltóireachta. Tar éis dó DCU a fhágáil, d'oibrigh sé mar ríseoir gnó sular ceapadh é ina Eagarthóir Nuachta ar an iris Business and Finance.

In 1992 d'fhág Noel Business and Finance le dul ag obair ar chlár eacnamaíochta agus gnó Marketplace de chuid RTÉ. Tar éis dó oiliúint a fháil mar léiritheoir Teilifíse bhí Noel freagrach as cuid de na léirithe beo is mó sna rannáin Cúrsaí Reatha agus Siamsaíochta.

In 2000, d'fhág sé RTÉ le bheith ina stiúrthóir ar chuideachta léirithe neamhspleách. D'fhill sé leis an bpost mar Eagarthóir ar Chúrsaí Reatha a thógáil áit a raibh sé freagrach as seoladh na sraithe Prime Time Investigates. In 2003 ceapadh Noel mar Bhainisteoir Stiúrtha Teilifíse, an Rannán is mó in RTÉ agus é freagrach as an aschur Teilifíse go léir ar RTÉ One agus RTÉ Two, agus as ioncam tráchtála agus idirbheartaíochtaí do chearta spóirt. D'fhan Noel mar Bhainisteoir Stiúrtha Teilifíse go dtí 2010.

2. Glen Killane

(Bainisteoir Stiúrtha Teilifíse)

Thosaigh Glen ag obair le Bord Feidhmiúcháin RTÉ mar Bhainisteoir Stiúrtha Teilifíse i mBealtaine 2010.

Rugadh Glen i mBaile Átha Cliath agus d'fhreastail sé ar CUS agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath roimh dó Máistreacht san Iriseoireacht a dhéanamh in DCU. Thosaigh Glen ag obair le Teilifís RTÉ i 1996 agus tá stiúradh agus eagarthóireacht déanta aige ar raon leathan clár ó shin.

Ó 1998 - 2000, bhí sé ina Eagarthóir ar Rugbaí, ina dhiaidh sin ghlac sé ról an Eagarthóra ar The Sunday Game. In 2001, chuaigh sé ag obair le Cainéal Spóirt ITV áit a ndearna sé eagarthóireacht ar pheil bheo. In 2002 tháinig sé ar ais go RTÉ agus rinne eagarthóireacht ar shacar idirnáisiúnta agus in 2003 bhí sé ina Léiritheoir Feidhmiúcháin ar na Cluichí Oilimpeacha Domhanda Speisialta, an imeacht spóirt ba mhó in Éirinn i rith na bliana.

Ceapadh Glen mar Cheannasaí Spóirt i dTeilifís RTÉ in 2004, áit a raibh sé lárnach i mbaint amach mórchonarthaí cearta le CLG, Champions League, FAI, Six Nations, Magners League agus UEFA.

3. Clare Duignan

(Bainisteoir Stiúrtha Raidió)

Ceapadh Clare ina Bainisteoir Stiúrtha Raidió i bhFeabhra 2009.

Tá céim sa Stair agus sa Pholaitíocht ag Clare ó UCD agus tá raon leathan post déanta aici sa Teilifís agus sa Raidió lena n-áirítear Ceannasaí Gnéchlar, Teilifís, Ceannasaí Leiriúcháin, Teilifís agus Stiúrthóir na gClár, Teilifís.

Tá Clare ina Chomhalta Boird ar Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath Jameson, ar Business to Arts, agus ar Bhord Comhairleach na Scoile Scannán

Náisiúnta. Roimhe seo bhí sí ar an gComhairle Ealaíon, ar Bhord Comhairleach Amharclann na Mainistreach agus ar Bhord Rialaithe Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

4. Conor Hayes

(Príomhoifigeach Airgeadais)

Ceapadh Conor ina Príomhoifigeach Airgeadais le RTÉ i nDeireadh Fómhair 2001 agus is é a mhaoirsióinn RTÉNL, Foilsitheoireacht RTÉ, Teicneolaíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht an Ghrúpa, agus Maoin & Seirbhísí an Ghrúpa agus Monatóireacht ar Cheadúnais Teilifíse. Tá sé ina Chathaoirleach ar Iontaobhaithe Scéim Aoiúintais RTÉ.

Céimí Tráchtála de chuid UCD é, atá ina Chomhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ina Chomhalta Comhlach den Association of Corporate Treasurers sa Ríocht Aontaithe.

Bhí raon de phoist éagsúla aige sular thosaigh sé ag obair le RTÉ, lena n-áirítear: Leas-Chathaoirleach – Cara; Stiúrthóir Feidhmiúcháin – Pleroma Group; Príomhoifigeach Meannach – JetPhone; Príomhoifigeach Meannach – Ryanair; Príomhoifigeach Airgeadais – Almarai Group; agus Bainisteoir – SKK Corporate Finance.

5. Edward Mulhall

(Bainisteoir Stiúrtha Nuachta agus Cúrsaí Reatha)

Ceapadh Ed ina Bhainisteoir Stiúrtha Nuachta agus Cúrsaí Reatha in 2003 i ndiaidh dó a bheith ina Stiúrthóir Nuachta ó 1997.

Tá céim san Eacnamaíocht agus Polaitíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, mar Léiritheoir Raidió i gCúrsaí Reatha. Ó shin bhí sé ina Cheannasaí Cúnta Gnéchlar agus Cúrsaí Reatha (Raidió) agus ina Eagarthóir Clár Nuachta (Teilifís), áit a mbíodh sé ag déanamh eagarthóireachta ar na clár Six One agus Nine O'Clock News. Ceapadh ina Eagarthóir Stiúrtha é sa Rannán Nuachta i 1994.

6. Brian Dalton

(Bainisteoir Stiúrtha, Forbairt Chorporáideach)

Thosaigh Brian ag obair le RTÉ mar Bhainisteoir Stiúrtha, Forbairt Chorporáideach i Márta 2009.

Tá Máistreacht sa Bhainistíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Sular thosaigh sé ag obair le RTÉ bhí poist mar stiúrthóir sinsearach ag Brian i bhfeidhmeanna Oibríochtaí agus Acmhainní Daonna. D'oibrigh sé go príomha i gcuideachtaí ilnáisiúnta ar nós GE, Intel, Becton Dickinson agus níos deireanaí i Seirbhísí Airgeadais a bhain go príomha le bainistíocht athraithe i gcomhthéacs cumasc agus éadálacha.

Rialachas Corparáideach

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

Tá Comhaltaí Boird RTÉ tiomanta do na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais corparáidigh agus iompair ghnó a chothabháil. Ceanglaíonn an *tAcht Craolacháin 2009* ar chomhaltaí taithí a bheith acu ar, nó cumas i gcúrsaí atá iomchuí do mhaoirseacht chraoltóir seirbhíse poiblí (Alt 82). Tá ar gach comhalta den Bhord a chuid nó a cuid feidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach a chinnteoidh go bhfeidhmítear gníomhaíochtaí RTÉ de bhun a chuspóirí reachtúla go héifeachtach agus go héifeachtúil (Alt 87).

Comhlíonann RTÉ leis an *gCód Cleachtas Rialachais Comhlachtaí Stáit*, a d'fhoilsigh an Rialtas an 15 Meitheamh 2009. Leagann an Cód amach na prionsabail de rialachas corparáideach a bhfuil sé de dhualgas ar chomhlachtaí stáit a chomhlíonadh. Áirítear leis sin cleachtas agus nósanna imeachta rialachais i raon leathan réimsí ar nós an Bord agus a luach saothair; bainistíocht riosca, cuntasacht agus rialú inmheánach; socrú tuairiscithe, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil agus cuntais, agus raon nósanna imeachta rialaithe airgeadais eile. Tá tuilleadh eolais ar na raonta sin leagtha amach sa chuid eile den alt seo den Tuarascáil Bhliantúil.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gach bliain don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go gclóíonn cleachtas agus nósanna imeachta rialachais RTÉ le *Cód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

Comhlíonann RTÉ chomh maith an rialachas corparáideach agus na hoibleagáidí eile a fhorchuireann an *tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus an *tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001*.

Mar chorparáid reachtúil, a bunaíodh i dtús báire faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960*, ní bhaineann forálacha faoin *gComhchód do Rialachas Corparáideach le RTÉ*. Cloíonn RTÉ, áfach, a mhéid agus is féidir agus ar bhonn deonach leis an *gComhchód* agus thug sé faoi chéimeanna cúf chun comhlíonadh na riachtanas príomhúil a bhaint amach nuair is ábhartha do RTÉ. Beidh na heisceachtaí seo a leanas ón *gComhchód* i bhfeidhm:

- Ceapann an Rialtas Bord RTÉ agus leagann amach luach saothair an Bhoird chomh maith. Dá bhrí sin ní bhaineann ceanglais an Chomhchóid a bhaineann le ceapachán na gcomhaltaí Boird (lena n-áirítear tráthúlacht a gceapachán, atoghadh, comhdhéanamh an Bhoird agus luach saothair chomhaltaí an Bhoird) le RTÉ
- Tá RTÉ cuntasach don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus níl aon scairchaipiteal aige. Dá réir sin, níl feidhm leis na forálacha a bhaineann le caidrimh scairshealbhóirí agus seoladh na gCrúinnithe Ginearálta Bliantúla

- Tá luach saothair Phríomh-Stiúrthóir RTÉ socraithe laistigh de raon arna chinneadh ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
- Níl suimeanna a íocadh le comhaltaí an Bhoird mar fhostaithe san áireamh (nuair is infheidhme) leis na mionsonraí faoi luach saothair Chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 51, ach tá na suimeanna a íocadh leo mar tháillí as a seirbhísí mar chomhaltaí an Bhoird san áireamh
- Níl duine dá gcomhaltaí ceaptha ag an mBord mar chomhalta Boird Neamhspleách Sinsearach mar níl aon cheanglas ar an *Acht Craolacháin 2009*, a rialaíonn ceapadh na gcomhaltaí Boird, comhalta den Bhoird a ainmniú chuig post den chineál sin
- Ó tharla go bhfuil an Rialtas freagrach as comhaltaí a cheapadh chuig an mBord ní mheasann an Bord go bhfuil sé cúf beartas foirmiúil a cheapadh maidir le measúnú feidhmíochta an Bhoird, a chuid Coistí nó a chomhaltaí aonair. Déanann an Cathaoirleach áfach, measúnú leanúnach ar éifeachtúlacht an Bhoird agus rannpháirtíocht a chuid comhaltaí. Coinneoidh an Bord go breithniú modhanna féin-mheastóireachta.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca tar éis a théarmaí tagartha a leasú chun dáta chun soláthar a dhéanamh d'fhéinmheasúnú bliantúil a éifeachtúlachta agus den mhéid a bhfuil sé ag cur luach leis an eagraíocht. Tá an chéad mheasúnú den Choiste Iniúchta agus Riosca sceidealaithe do 2011. Tá an beartas maidir le luacháil fochoistí buana eile an Bhoird á bhreithniú i gcónaí.

Le linn 2010 cuireadh *Cód Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe* in áit an *Chomhchóid ar Rialachas Corparáideach*, le feidhm do bhlianta airgeadais ar nó tar éis an 29 Meitheamh 2010. Déanfaidh RTÉ tuairiscí ar chomhlíonadh an Chóid nua i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo chugainn.

Bord RTÉ Comhdhéanamh

Ceaptar Comhaltaí Bhord RTÉ faoi Alt 81 den *Acht Craolacháin 2009* ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Forálann an *tAcht* do Bhord ar a mbíonn dáréag comhalta, arna gceapadh ag an Rialtas mar seo a leanas:

- Ceaptar seisear comhalta ar ainmniúchán an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha;
- Molann an Comhchoiste Oireachtas um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha ceathrar comhalta don Aire;
- Is comhalta ex-officio é Príomh-Stiúrthóir RTÉ; agus
- Ceaptar comhalta amháin d'fhoireann RTÉ trí thoghchán.

Ceapann an Rialtas duine de na comhaltaí chun gníomhú mar chathaoirleach. Forálann an *tAcht Craolacháin 2009* do chothromaíocht inscne i gcomhdhéanamh an Bhoird, le íos-líon nach lú ná cúigear fear agus cúigear ban. (Tá cúigear ban agus seachtar fear ar Bhord RTÉ faoi láthair.)

Bunaíodh Bord RTÉ den chéad uair ar an 12 Iúil 2009, tar éis achtú an *Acht Craolacháin 2009*. Bhí próiseas ceapacháin comhaltaí chuig an mBord ar bun ag deireadh 2009 agus, mar thoradh air sin, bhí naonúr gcomhalta ar Bhord RTÉ ar 31 Nollaig 2009. Chuir an Rialtas críoch lena cheapachán chuig an mBord go luath i 2010, nuair a ceapadh an ceathrar seo a leanas mar chomhaltaí Boird (le héifeacht ó 16 Feabhra 2010):

- Orlaith Carmody
- Aileen O'Meara
- Eunice O'Raw
- Stuart Switzer

Ceapadh ar feadh tréimhse cúig bliana iad agus téann téarmaí a n-oifige in éag ar 16 Feabhra 2015. Rinneadh na ceapacháin seo tar éis moltaí chuig an Aire ón *gComhchoiste Oireachtas um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha*. Scoir Emer Finnan de bheith ina comhalta ar Bhord RTÉ ag an bpointe seo.

Tá mionsonraí beathaisnéise dáréag comhalta an Bhoird in oifig ar 31 Nollaig 2010 leagtha amach ar leathanach 46.

Tar éis dheireadh na bliana, d'éirigh Cathal Goan as a bheith ina comhalta ex officio den Bhord tar éis dó éirí as mar Phríomh-Stiúrthóir RTÉ le héifeacht ó 19 Eanáir 2011. Ag éirí as a cheapachán mar Phríomh-Stiúrthóir nua, le héifeacht ón 1 Feabhra 2011, tháinig Noel Curran ar an mBord mar chomhalta ex officio (ag teacht le hAlt 89 den *Acht Craolacháin 2009*).

Ról

Tá dualgais chomhaltaí an Bhoird leagtha amach in Alt 87 d'*Acht Craolacháin 2009*. Go hachomair, treoraíonn comhaltaí an Bhoird treo corparáideach agus straitéis RTÉ agus léiríonn siad leasanna an lucht féachana agus éisteachta, arna chinntiú go gcomhlíonann RTÉ a fhreagrachtaí reachtúla ar shlí éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá cúlraí, scileanna agus taithí éagsúla ag comhaltaí an Bhoird i raon leathan réimsí a bhaineann le craoltóir seirbhíse poiblí a mhaoirsiú. Tá na critéir do bhallaíocht an Bhoird leagtha amach in Alt 82 den *Acht Craolacháin 2009*. Cuireann gach comhalta breithiúnas neamhspleách i bhfeidhm trí dhúshlán dearfach a thabhairt don Fheidhmeannas agus trí chabhair a thabairt chun cuspóirí straitéiseacha RTÉ a fhorbairt.

Tá roinnt shoiléir ar na freagrachtaí idir seasamh Chathaoirleach an Bhoird, atá ina Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin agus an Príomh-Stiúrthóir.

Glacann an Príomh-Stiúrthóir, i gcomhar leis an mbainistíocht feidhmiúcháin, freagracht as oibríochtaí ó lá go lá in RTÉ. Áirítear ar fhreagrachtaí an Chathaoirleach ceannasaíocht a thabhairt don Bhord, a chlár oibre a chinneadh, a éifeachtúlacht a chinntiú agus rannpháirtíocht iomlán ó gach comhalta Boird a éascú.

Bíonn cruinnithe rialta ag Cathaoirleach an Bhoird agus ag an mbainistíocht feidhmiúcháin leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chun plé a dhéanamh ar fheidhmiúocht oibríochta agus airgeadais RTÉ.

Nósanna Imeachta an Bhoird

Nuair a cheaptar iad, cuirtear cáipéisí mionteagaisc faoi RTÉ agus a cuid oibríochtaí ar fáil do gach comhalta Boird. Tagann an Bord le chéile de réir sceidil rialta cruinnithe agus tagann sé le chéile freisin ar ócáidí eile a meastar a bheith riachtanach. Tá rochtain iomlán agus thráthúil ag gach comhalta boird ar an eolas atá riachtanach lena chur ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh. Seoltar páipéir iomlána an Bhoird chuig gach comhalta Boird in am tráth roimh chruinnithe an Bhoird agus bíonn aon pháipéar nó eolas breise ar fáil go héasca do gach comhalta Boird arna iarraidh.

Tá rochtain ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí Grúpa RTÉ atá freagrach as a chinntiú go leantair nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis an mBord de réir mar is gá. Is féidir le comhaltaí aonair an Bhoird comhairle agus oiliúint ghairmiúil a fháil, má bhíonn sin riachtanach, agus íocann RTÉ as. Tá polasaí árachais i bhfeidhm ag an mBord a shlánaíonn comhaltaí an Bhoird sa chás go dtabharfaí caingne dlí ina n-aghaidh i rith a ndualgas mar chomhaltaí an Bhoird.

Tá sceideal foirmiúil ábhar ann a choinnítear don Bhord lena phlé agus chun cinneadh a dhéanamh ina leith ina gclúdaítear príomhréimsí de ghnó RTÉ:

- Feidhmiúocht airgeadais agus oibríochtúil a athbhreithniú
- Pleananna straitéiseacha, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a fhaomhadh
- Infheistíochtaí agus tionscadail chaipitil ollmhóra a fhaomhadh
- Polasaí cistíochta agus polasaithe bainistithe riosca
- Leibhéil údarais tharmligthe
- Córas na rialuithe inmheánacha a athbhreithniú.

Déantar ábhair áirithe eile a tharmligean chuig coistí de chuid an Bhoird, mar atá leagtha amach thíos. Áirítear miontuairiscí ó gach cruinniú coiste a tionóladh ón gcruinniú Boird roimhe sin le páipéir an Bhoird a sheoltar chuig comhaltaí an Bhoird roimh gach cruinniú Boird nó, mura mbíonn miontuairiscí ar fáil nuair a chuirtear na páipéir sa timpeall, déantar leasú chun dáta béil a sholáthar ag cruinniú an Bhoird. Bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt, agus ceisteanna a fhreagairt, ar imeachtaí an choiste ag cruinnithe an Bhoird, de réir mar is gá.

Coistí Boird

Bhunaigh an Bord trí fhochoiste bhuana chun cuidiú le forghníomhú a fhreagrachtaí. Is iad seo an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair agus Coiste na gClár. Bhunaigh an Bord dhá fhochoiste bhuana nua le linn 2010: an Coiste Tionscadail 2025 agus an Coiste Nuála agus Teicneolaíochta.

Tá comhaltas gach coiste, chomh maith le mionsonraí freastail maidir le cruinnithe a tionóladh in 2010, ar leathanach 47.

Bunaítear coistí sealadacha ó am go ham chun déileáil le hábhair shonracha faoi théarmaí tagartha sainmhínte. Níor cheap an Bord go raibh sé riachtanach aon choiste sealadach a bhunú le linn 2010. (Thug an Grúpa Oibre ar an Ráiteas Straitéise, coiste sealadach a bunaíodh le linn 2009 chun comhlíonadh Straitéis cúig bliana a chinntiú, a chuid oibre chun críche ag deireadh 2009 agus cuireadh *Ráiteas Straitéise RTÉ 2010-2014* faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an 12 Eanáir 2010. Dá thoradh seo níor fheidhmigh an coiste le linn 2010.)

Tá an *Coiste Iniúchta agus Riosca* comhdhéanta de cheathrar comhalta Boird, agus meastar go bhfuil gach duine de na comhaltaí sin neamhspleách. Is é Stuart Switzer an comhalta Coiste reatha a bhfuil an taithí airgeadais iomchuí úrnua aige.

Rinneadh athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste Iniúchta agus Riosca agus leasaíodh chun dáta iad le linn 2010 agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

De ghnáth, freastalaíonn an Príomh-Stiúrthóir, an Príomh-Oifigeach Airgeadais agus Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ar chruinnithe an choiste, agus freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha de réir mar is gá. Forálan téarmaí tagartha an Choiste gur féidir go dtabharfaí cuireadh do chomhaltaí Boird eile, d'fheidhmeannaigh agus do dhaoine eile freastal ar chuid nó ar iomlán cruinnithe ar bith. Bíonn rochtain dhíreach iomlán agus neamhsrianta ag Ceann an Iniúchta Inmheánaigh agus ag na hiniúcháirí

seachtracha araon ar Chathaoirleach an Choiste an t-am ar fad. Chomh maith leis sin, bíonn plé ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le hiniúcháirí seachtracha agus inmheánacha uair sa bhliain ar a laghad, gan bainistíocht feidhmiúcháin i láthair, lena chinntiú nach bhfuil aon ábhair imní ann nach bhfuil socraithe.

Áirítear ar ról agus ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúchta agus Riosca:

- Na hiniúcháirí seachtracha a roghnú, arna gceadú agus arna gceapadh ag an mBord, a dtéarmaí tagartha agus táill a cheadú agus nádúr agus scóip na hoibre iniúchta a chinneadh leis na hiniúcháirí seachtracha
- Feidhmiúocht, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúcháirí seachtracha a athbhreithniú gach bliain. Agus é sin á dhéanamh acu, déanann an coiste fiosrúcháin chuig bainistíochta agus iniúchta inmheánaigh
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní, scóip agus éifeachtúlacht an iniúchta inmheánaigh (lena n-áirítear ceapadh Cheann an Iniúchta Inmheánaigh nó *É/Í* a chur as oifig) agus an clár iniúchta inmheánaigh don chéad bhliain eile a chomhaontú
- Na nósanna imeachta maidir le líomhaintí ó "sceithr" a láimhseáil a athbhreithniú
- Tuarascálacha ón mbainistíocht agus ón iniúchadh inmheánach araon faoi éifeachtaí na gcóras rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú. Áirítear air sin gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh agus freagairt na bainistíochta ar aon mholadh a bhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le haon ghníomh riachtanach. Cuireann Ceann an Iniúchta Inmheánaigh tuarascáil i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchta agus Riosca, ag tabhairt achoimre ar an obair a cuireadh i gcrích ón gcruinniú roimhe seo agus ar na torthaí chomh maith le réimsí a ndíreofar orthu sa tréimhse amach romhainn
- Buiséad bliantúil an ghrúpa a athbhreithniú, sula gcuirtear é faoi bhráid an Bhoird go foirmiúil
- Ráitis airgeadais bhliantúla an ghrúpa a athbhreithniú, sula gcuirtear iad faoi bhráid an Bhoird go foirmiúil agus, go háirithe:
 - aon saincheisteanna suntasacha a thagann chun cinn ón iniúchadh seachtrach
 - na beartais chuntasaíochta
 - aon saincheisteana a mbíonn gné shuntasach breithiúnais ag teastáil uathu
 - soiléireacht faisnéisithe
 - caighdeán chuntasaíochta agus dlí infheidhme a chomhlíonadh
 - na ráitis faoin gcóras rialaithe inmheánach.

Tá cosaintí curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca lena chinntiú nach gcuirfeadh isteach ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht na feidhme iniúchta seachtraigh. Athbhreithnítear na cosaintí seo ag eatraimh rialta. Chomh maith leis

Rialachas Corparáideach (ar lean)

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

sin, dheimhnigh na hiniúcháirí seachtracha, KPMG, leis an gCoiste Iníúchta agus Riosca go bhfuil siad ag leanúint ar aghaidh ag cur nósanna imeachta i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt in aghaidh na féidearacha go gcuirfí isteach ar a neamhspleáchas agus ar a n-oibiachtúlacht.

Breithníonn an Coiste Iníúchta agus Riosca leibhéal na seirbhísí nach mbaineann le hiniúchadh a chuireann na hiniúcháirí seachtracha ar fáil agus na táillí bainteacha go bliantúil i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iníúcháirí seachtracha mar chuid d'athbhreithniú an Choiste Iníúchta agus Riosca ar leordhóthanacht agus ar oibiachtúlacht an phróisis iníúchta seachtraigh. Tá mionsonraí nádúr na seirbhísí nach mbaineann le hiniúchadh agus a fuarthas ó KPMG i rith na bliana agus na táillí bainteacha leagtha amach i nóta 4 atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Tá an *Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair* comhdhéanta de thriúr comhaltaí boird, agus meastar gach duine de na comhaltaí sin a bheith neamhspleách. Le linn 2010 chuaigh beirt chomhaltaí Boird bhreise leis an gCoiste ar bhonn sealadach ó Mheitheamh go Samhain chun cuidiú le próiseas ceapacháin Phríomh-Stiúrthóra nua. Tugann ainmní ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha cúnaimh don Choiste de réir mar is gá.

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste agus áirítear ar a ról agus ar a fhreagrachtaí:

- Ceapachán, spriocanna, feidhmíocht agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra a mheas agus moltaí a dhéanamh chuig an mBord roimh cead a lorg ón Rialtas maidir leis sin
- Beartas RTÉ maidir le luach saothair feidhmiúcháin a fhorbairt
- Tuarastail agus téarmaí eile phacáiste luach saothair do bhainistíocht feidhmiúcháin a mheas agus a cheadú, agus aird á thabhairt ar bheartas an Rialtais maidir le luach saothair bhainistíocht feidhmiúcháin na gComhlachtaí Stáit. (Déantar comhchomhairle iomlán leis an bPríomh-Stiúrthóir faoi mholtaí luach saothair do bhainistíocht shinsearach eile agus lorgaítear comhairle sheachtrach de réir mar is gá)
- Beartas maidir leis na conarthaí conraitheora "ard-tallainne" a athbhreithniú.

Cinneann an Rialtas luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus, dá bhrí sin, ní breithníonn sonrach don choiste seo sin.

Tá *Coiste na gClár* comhdhéanta de sheisear comhaltaí Boird, agus meastar go bhfuil gach duine de na comhaltaí seo neamhspleách. Breithníonn an coiste seo príomhfhorbairtí agus pleannanna maidir le cláir agus sceidil Teilifíse agus Raidió RTÉ. Ag gach cruinniú,

féadfaidh an coiste casadh le Bainisteoirí Stiúrtha Teilifíse, Raidió, Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus lena gcomhghleacaithe bainistíochta sinsearach agus le déantóirí clár neamhspleácha in-tí agus seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar aschur clár agus ar an straitéis agus ar na pleannanna atá le teacht.

Cuimsíonn *Coiste Tionscadail 2025* ceathrar comhaltaí den Bhoird, agus meastar go bhfuil triúr acu seo neamhspleách de réir critéir an Chomhchóid (féach thíos). Bhunaigh an Bord an Coiste seo ag deireadh 2010 chun maoirseacht a dhéanamh ar Thionscadal 2025, mórtionscadal athfhorbartha a thugann aghaidh ar athnuachan bonn léirithe RTÉ agus a háiseanna caipitiúla. Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo a fógraíodh go foirmiúil i Meán Fómhair 2009, ná formhór na bhfoirgneamh reatha ó na 1960aidí agus na 1970aidí ar an suíomh i nDomhnach Broc a athchur diaidh ar ndiaidh, thar thréimhse 10-15 bliain, agus foirgneamh nua-aimseartha ilchuspóir deartha don aois dhigiteach agus ArdShainiúil a chur ina n-áit.

Bhí trí ról le comhlíonadh ag *Coiste Tionscadail 2025*: maoirseacht an tionscadail; monatóireacht straitéiseach, a chuireadh i bhfeidhm moltaí straitéiseacha a thabhairt chuig an mBord de réir mar a meastar is gá le linn saolré an tionscadail; agus maoirseacht comharbais chun leanúnachas saineolais agus bainistíocht feidhmiúcháin an mhórtionscadail seo a chinntiú.

Cuimsíonn an *Coiste Nuála agus Teicneolaíochta* triúr comhaltaí Boird, a meastar iad go léir a bheith neamhspleách. Agus aitheantas á thabhairt go bhfuil an nuáil agus an teicneolaíocht criticiúil do thodhchaí RTÉ, bhunaigh an Bord an Coiste seo ag deireadh 2010 le go mbeadh maoirseacht straitéiseach foirmiúil ar phleananna agus ar fhorbairtí i réimse na teicneolaíochta agus na nuála.

Toisc gur dhá choiste nua iad seo, déanfar dul chun cinn maidir le deifínidí scoipe agus socrú téarmaí tagartha do *Choiste an Tionscadail 2025* agus do *Choiste na Nuála agus Teicneolaíochta* araon sa chéad ráithe de 2011. Rachaidh na coistí i gcomhairle lena chéile faoina ngníomhaíochtaí le linn an ama seo agus díreoidh siad ar an gcumas do shineirgíochtaí idir an dá choiste.

Neamhspleáchas Chomhaltaí an Bhoird

Tugann gach comhaltaí Boird breithiúnas neamhspleách, dúshlán agus grinneas chuig cainteanna an Bhoird. Mar a éilítear in Alt A.3.1 sa Chomhchód, rinne an Bord meastóireacht ar neamhspleáchas a chomhaltaí trí úsáid a bhaint as na critéir neamhspleáchais mar atá leagtha amach sa Chomhchód.

Le haird ar ionracas, neart carachtair agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Bhoird, glactar leis go bhfuil gach comhalta den Bhoird neamhspleách faoi na critéir sin. Ach is fostaithe de chuid RTÉ iad Cathal Goan agus Joe Little agus dá bhrí sin agus ar an gcúis sin amháin, ní féidir iad a mheas mar chomhaltaí neamhspleácha den Bhoird ar 31 Nollaig 2010 de réir chritéir an Chomhchóid.

Mar a nochtar níos mionsonraithe i Nóta 23 (Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara), bhí idirbheartaíochtaí gnó ann idir RTÉ agus comhaltaí Boird áirithe, nó le daoine dlútha muinteartha, le linn gnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010. Ainneoin na n-idirbheart seo, tá an Bord tar éis a chinneadh go bhfanann na comhaltaí Boird seo neamhspleách ó thaobh carachtair agus breithiúnais. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, rinne an Bord seo a leanas a bhreithniú:

- In dhá chás in ar choimisiúnaigh RTÉ clá(i)r ó chuideachta léiriúcháin ar le comhaltaí Boird é nó a bhí á rialú ag comhaltaí Boird, chuir an Bord san áireamh gurb ann do Threoirínte agus Nósanna Imeachta Coimisiúnaithe trédhearcacha agus foirmiúla, atá foilsithe ar láithreán gréasáin RTÉ agus a gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach do gach coimisiún. Anuas air sin, is freagracht na bainistíochta feidhmiúcháin gach cinneadh ar choimisiúin aonair, a ndéantar measúnú orthu ag úsáid critéir mheasúnaithe shoiléire, agus conarthaí á mbronnadh ag teacht le gnáth-théarmaí agus cúinsí tráchtála i ngach cás. Ní ábhar breithnithe agus cinnidh don Bhoird iad cinní ar choimisiúin clár aonair. Le trédhearcacht a léiriú, déantar iníúchadh neamhspleách ar nósanna imeachta coimisiúnaithe ar leith freisin ar bhonn bliantúil agus cuirtear Tuarascáil Bhliantúil ar Léiriúcháin Neamhspleách faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha de réir Alt 116 (9) d'*Acht Craolacháin 2009*.
- Bhreithnigh an Bord freisin ceist chomhaltaí Boird nó daoine dlútha muinteartha leo, a d'fhostaigh RTÉ faoi chonradh Ealaíontóra i leith rannpháirtíochta i gclár. Thug an Bord ar aird nach raibh luach comhairle ábhartha, go haonarach nó go comhiomlán, ag aon cheann de na fostuithe infheidhme sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010. Is í an bhainistíocht líne eagarthóireachta a thógann an cinneadh rannpháirtí clár nó láithreoir a fhóstu, ag cur riachtanais an chláir agus scileanna agus taithí an duine atá á fhóstu san áireamh. Thug an Bord ar aird freisin gur dáileadh na conarthaí ar ghnáth-théarmaí tráchtála agus iad ag teacht le beartais RTÉ chun daoine a fhóstu.

Rialú Inmheánach

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as córais rialaithe inmheánacha an Ghrúpa agus as a n-éifeachtúlacht a athbhreithniú. Tá na córais sin leagtha amach chun dearbhú réasúnach a thabhairt in aghaidh mhírítis ábhartha nó chaillteanas agus níl siad leagtha amach chun dearbhú absalóideach a thabhairt.

Deimhníonn an Bord go raibh próiseas leanúnach chun rioscaí suntasacha RTÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú i bhfeidhm i rith na bliana agus go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Is iad na príomh-chomhpháirteanna den chóras rialaithe inmheánach atá i bhfeidhm faoi láthair ná:

- Struchtúr eagraíochta sainmhínithe go soiléir, le teorainneacha údarás atá sainmhínithe go foirmiúil agus sásraí a thuariscíonn chuig leibhéal bainistíochta níos airde agus chuig an mBord
- Nósanna imeachta bunaithe chun príomhrioscaí a aithint, a rialú agus a thuariscíú
- Córais bhuiséadaithe chuimsitheacha, le buiséid airgeadais bhliantúla ceadaithe ag an mBord
- Tuairiscíú míosúil tráthúil, le torthaí iarbhrú tuairiscithe in aghaidh buiséid agus breithnithe ag an mBord ar bhonn míosúil
- Beartaí agus nósanna imeachta cuimsitheacha a bhaineann le rialuithe oibríochta agus airgeadais, lena n-áirítear gealltanais agus caiteachas caipitil. Bíonn ceadú an Bhoird riachtanach do thionscadail chaipitíúla mhóra.

Athbhreithníonn iniúchadh inmheánach na rialuithe seo go córasach, ar chur chuige rioscabhunaithe. Deimhníonn an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus an dáta sin san áireamh.

Áiríodh ar an bpróiseas ar ghlac an Bord leis chun tabhairt faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Breithniú ar an údarás, ar na hacmhainní agus ar chomhordú na ndaoine atá rannpháirteach maidir leis na rioscaí suntasacha roimh RTÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú
- Aschur an mheasúnaithe riosca agus an phróisis bainistíochta a athbhreithniú agus a mheas
- Monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha riosca ón mbainistíocht
- Clár an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú agus na príomhthorthaí a bhreithniú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúcháirí seachtracha, a dhéanann, mar chuid dá ngnáthnósanna imeachta, scrúdú ar

ghnéithe de na córais rialaithe inmheánaigh agus tuairiscíonn siad aon laig móracha chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca.

Gnóthas Leantach

Tar éis fiosrúcháin a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an Bhoird go bhfuil acmhainní dóthanacha ag RTÉ chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó chomh fada agus is léir dúinn amach anseo. Mar gheall air sin, leanfaidh siad ag glacadh le bonn an ghnóthais leantach agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird¹

	2010 €'000	2009 €'000
Tom Savage	31	27
Fergus Armstrong	16	14
Orlaith Carmody	14	-
Alan Gilsean	16	14
Cathal Goan	-	-
Karlin Lillington	16	14
Joe Little ²	16	4
Aileen O'Meara	14	-
Eunice O'Raw	14	-
Sean O'Sullivan	16	14
Patricia Quinn	16	14
Stuart Switzer	14	-
<i>Íocaíochtaí le hiarchomhaltaí an Bhoird:</i>		
Emer Finnan ³	3	14
Joe O'Brien ⁴	-	8
	186	123

¹ Is comhaltaí neamhfeidhmíocháin iad comhaltaí uilig an Bhoird, seachas an Príomh-Stiúrthóir, Cathal Goan, a oibríonn mar chomhalta ex officio

² Sa bhreis ar a tháillí Bhoird, íocadh Joe Little mar fhostaí de chuid RTÉ

³ Tháinig deireadh le téarma oifige Emer Finnan an 16 Feabhra 2010

⁴ Tháinig deireadh le téarma oifige Joe O'Brien mar ionadaí foirne ar Bhoird RTÉ ar 31 Lúnasa 2009

Níor tháinig aon athrú ar an táille bhliantúil iníochta le comhaltaí Bhoird dá seirbhísí mar chomhaltaí de Bhoird RTÉ idir 2009 agus 2010. Eascaíonn difríochtaí i leibhéal na dtáillí de bharr uainiú cheapacháin chomhaltaí an Bhoird. Sa dara háit, bhí comhaltaí Bhoird a ceapadh ar an mBord le linn 2009 in áit ar feadh bliana iomláine i 2010 agus, dá bhrí sin, fuair eadar táille bhliantúil iomlán in 2010.

Costais Chomhaltaí an Bhoird¹

	2010 €'000	2009 Mar atá athluaite €'000
Taisteal – míleáiste	6	4
Taisteal – eile	1	1
Liúntas Cothabhála ²	11	4
	18	9

¹ Baineann costais chomhaltaí an Bhoird thuas lena seirbhísí Bhoird agus sin amháin agus níl costais na gcomhaltaí ina gcáil mar fhostaithe RTÉ san áireamh.

² San áireamh sna liúntais chothabhála in 2009 tá costais arb ionann agus €3,000, a íocadh go luath in 2009 i leith costais fhabhráithe iarchomhaltaí den 15ú Údarás RTÉ, maidir leis an mblain dar chríoch 31 Nollaig 2008. Thug 15ú Údarás RTÉ a théarma oifige chun críche ar 31 Nollaig 2008 agus tháinig Bord RTÉ ina háit i 2009.

Bhí ceapacháin an Rialtais do Bhoird RTÉ curtha i gcrích go luath in 2010, rud a d'fhág go raibh líon níos mó comhaltaí Bhoird ann in 2010 i gcomparáid le 2009 agus méadú dá réir ar chostais. Cuireann líon agus ionad cruinnithe Bhoird le miandifríochtaí i leibhéal na gcostas ó bhliain go bliain freisin.

Chomhlíon RTÉ na treoirlínte a chlúdaíonn íocaíocht táillí do Chathaoirligh agus do Stiúrthóirí Comhlachtaí Stáit, a d'eisigh an tAire Airgeadais in Iúil 1992.

Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra

	2010 €'000	2009 €'000
Cathal Goan ¹		
- Tuarastal Bunúsach	261	276
- Sochair eile		
- Ranníocaíochtaí Pinsean	22	24
- Sochair eile	26	26
	309	326

¹ Thabhaigh an Príomh-Stiúrthóir costais ar fiú €2,753 iad (2009: €6,063) agus dualgais an phoist á gcomhlíonadh aige

Níor tugadh nó níor íocadh aon phá de réir feidhmíochta i ndáil le 2010 nó 2009.

Is mar seo a leanas a bhí na sochair phinsin a tuilleadh i rith na bliana agus an pinsean fabhráithe iomlán amháin an 31 Nollaig 2010: €'000

Ardú ar phinsean fabhráithe le linn 2010 ¹	3
Luach aistrithe an ardaite ²	28
Pinsean fabhráithe iomlán ag deireadh na bliana ³	130

¹ Níl boilsciú san áireamh san ardú ar phinsean fabhráithe i rith na bliana

² Tá luach aistrithe an ardaite ar an bpinsean fabhráithe á ríomh ar bhonn comhairle achtúireacha. Ní léiríonn an luach aistrithe seo suimeanna a íocadh nó atá le n-íoc, ach is é an méid a aistreadh an scéim pinsean go dtí scéim pinsean eile maidir leis na sochair a fhabhráidh i 2010 dá dtarlódh go bhféadfadh an comhalta an tseibhis

³ Is éard atá sa phinsean fabhráithe a léirítear ná an méid a d'íocfaí go bliantúil ar an ngnáthdháta scoir, bunaithe ar an tseibhis go deireadh na bliana

Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

Déanann comhaltaí Bhoird RTÉ, atá liostaithe ar leathanach 46, a dtuarascáil bhliantúil a thíolacadh i dteannta ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann agus cuireann sé seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fáil dá lucht féachana agus éisteachta. Chomh maith leis sin, foilsíonn RTÉ an RTÉ Guide, oibríonn sé seirbhís teileatéacs agus cuireann sé raon leathan seirbhísí ar líne gréasánbhunaithe saor in aisce ar fáil. Trína fhochuideachta atá faoina lánúinéireacht, RTÉ Transmission Network Limited, soláthraíonn RTÉ tarchur líonra analógach agus saoráid túir do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, oibríonn RTÉ, Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ, mar aon le grúpaí oifide eile.

Athbhreithniú Gnó

Tá athbhreithnithe mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith 2010 leagtha amach san athbhreithniú Oibríochtúil ar leathanaigh 10 go 37 agus san athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 40 go 45. Cuimsíonn na hathbhreithnithe sin na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa agus déantar anailís iontu ar a phríomhtháscairí feidhmíochta, idir cinn airgeadais agus neamh-airgeadais. Tá athbhreithniú ar fheidhmíocht RTÉ maidir lena ghealltanais dá lucht féachana agus éisteachta, mar atá leagtha amach ina *Ráiteas Bliantúil ar Thiomantais Feidhme do 2010*, ar leathanaigh 99 go 104.

Torthaí don bhliain

Tá torthaí an Ghrúpa don bhliain leagtha amach sa *Ráiteas Ioncaim* ar leathanach 55 agus sna nótaí gaolmhara.

Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ag fónamh mar chomhaltaí den Bhoird amhail ar an 31 Nollaig 2010 leagtha amach ar leathanach 46.

Rialachas corparáideach

Tá socrúithe rialachais chorparáidigh RTÉ leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:

- Rialachas corparáideach leathanaigh 48 go 51
- Próifíl chomhaltaí an Bhoird leathanach 46.
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leathanach 53.

Leabhair agus taifid

Tá comhaltaí Údaráis RTÉ freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta chuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar maidir leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, pearsanra cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus saineolas iomchuí acu a fhostú agus a dhóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntasaíochta an Ghrúpa ag Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

Cuntais a íoc

Aithníonn comhaltaí an Bhoird an fhreagracht atá orthu maidir lena chinntiú, i ngach gné ábhartha, go gcomhlíonfar forálacha *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála)*, 2002 ("na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar fad a aithint ar a mbíonn sonraisc dlite lena n-íoc agus chun a chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Cuireann nósanna imeachta mar sin dearbhú réasúnach ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na rialacháin. Ba é an polasaí íocaíochta sa bhliain atá faoi athbhreithniú ceanglais na rialachán a chomhlíonadh.

Cuideachtaí an Ghrúpa

Tá eolas maidir le gnóthais fochuideachta agus gnóthais ghaolmhara tugtha i nóta 10 de na ráitis airgeadais.

An tIniúchóir

Leanann KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 160 (2) *d'Acht na gCuideachtaí, 1963*.

Síntiúis Pholaitíochta

Faoi threoir an *Achta Toghcháin, 1997*, ní thugann RTÉ aon síntiúis pholaitíochta.

Thar ceann an bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noel Curran
An Príomh-Stiúrthóir

24 Márta 2011

Ráiteas maidir le Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ a ullmhú de réir dlíthe agus rialachán infheidhme.

Ceanglaíonn reachtaíocht craoltóireachta ar Bhord RTÉ ráitis airgeadais don Ghrúpa agus do RTÉ a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin, roghnaigh Bord RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRSanna) arna nglacadh ag AE agus arna gcur chun feidhme de réir fhorálacha na reachtaíochta craoltóireachta agus roghnaigh siad ráitis airgeadais RTÉ a ullmhú ar an mbonn céanna.

Ceanglaítear leis an dlí agus leis na IFRSanna arna nglacadh ag AE go ndéanfar riocht airgeadais agus feidhmíocht an Ghrúpa agus RTÉ a chur i láthair go cothrom i ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ.

Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ á ullmhú, ceanglaítear ar chomhaltaí Bhord RTÉ na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- a rá go bhfuil na ráitis airgeadais de réir na IFRSanna arna nglacadh ag AE agus arna gcur chun feidhme de réir fhorálacha na reachtaíochta craoltóireachta
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Ghrúpa agus RTÉ dár gnó.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as leabhair chuntais chúí a choimeád ina nochtar, ar bhonn cruinn aon tráth, staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ agus lena gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais de réir na reachtaíochta craoltóireachta. Tá siad freagrach freisin as gach beart is féidir go réasúnach a dhéanamh d'fhonn sócmhainní an Ghrúpa a chaomhnú agus d'fhonn calaois nó mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt chun suntais.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas rialachais chorparáidigh ar leathanaigh 48 go 51 go gcomhlíonann an Grúpa an *Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidigh agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith éagsúil le reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noel Curran
An Príomh-Stiúrthóir

Tuarascáil an Iniúcháin Neamhspleáigh

Inár gcáil mar Iniúcháirí a cheap an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ("na ráitis airgeadais") don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010 ina bhfuil Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa, Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh an Ghrúpa, Clár Chomhardaithe RTÉ agus an Ghrúpa, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le hAthrú Cothromais, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Ullmháidh na ráitis airgeadais sin faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach ann.

Is tuarascáil í seo don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ("an tAire") amháin. Gabhadh ár gcuid oibre iniúchta de lámh ionas go bhféadfaimis ráiteas a thabhairt don Aire maidir leis na nithe sin a gceanglaítear orainn ráiteas a thabhairt ina dtaobh i dtuarascáil iniúcháin agus ní chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear de réir dlí, ní dhéanaimid freagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin i leith éinne seachas RTÉ agus an tAire as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí ar ar tháinigamar.

Freagrachtaí Chomhaltaí Bhord RTÉ agus na n-iniúcháirí, faoi seach

Déantar freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí infheidhme agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRSanna) arna nglacadh ag AE a leagan amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 53.

Is í an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúil agus rialaitheach agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscimid an tuairim atá againn i dtaobh an dtugann na ráitis airgeadais léiriú cruinn cothrom de réir IFRSanna arna nglacadh ag AE agus, i gcás RTÉ, arna gcur chun feidhme de réir fhorálacha na reachtaíochta craoltóireachta. Tuairiscimid freisin an tuairim atá againn i dtaobh ar choimeád RTÉ leabhair chuntais chuí agus an bhfuil an fhaisnéis sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, luaimid an bhfuairéamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bhí riachtanach chun críche an iniúchta agus an bhfuil ráitis airgeadais RTÉ ag teacht leis na leabhair chuntais.

Déanaimid athbhreithniú i dtaobh an léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, a cheanglaítear a dhéanamh le *Cód Cleachtais 2009 maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit* agus a dhéantar sa Ráiteas Rialachais Chorpáraidigh ar leathanaigh 48 go 51, go gcomhlíonann RTÉ mír 13.1 (iii) den Chód agus an bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscimid é murab amhlaidh atá. Déanaimid athbhreithniú freisin, ar iarraidh ón mBord, i dtaobh an léiríonn an ráiteas saorálach ar leathanaigh 48 go 51 go gcomhlíonann RTÉ na naoi bhforáil de *Chomhchód 2009 maidir le Rialachas Corparáideach* ón gComhairle Tuairiscithe Airgeadais ar forálacha iad a shonraítear le haghaidh athbhreithniú ag iniúcháirí agus tuairiscimid é mura gcomhlíonann. Níl ceangal orainn breithniú a dhéanamh i dtaobh an gcumhdaíonn ráitis an Bhoird maidir le rialú inmheánach gach riosca agus rialú, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorpáraidigh RTÉ ná maidir le nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léimid faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus déanaimid breithniú i dtaobh an bhfuil sí ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Is é atá sa fhaisnéis eile sin Ráiteas an Chathaoirigh, Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra, Athbhreithniú Oibríochtúil, Athbhreithniú Airgeadais agus an ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí atá ann don tuarascáil uainne má thagaimid ar an eolas faoi aon ráitis ar dealraitheach gur míráitis iad nó faoi neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Níl freagrachtaí orainn maidir le haon fhaisnéis eile.

Bunús leis an tuairim iniúchta

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord Cleachtas Iniúcháireachta. Áirítear in iniúchadh, scrúdú a dhéanamh, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá iomchuí maidir leis na méideanna sna ráitis airgeadais agus na nithe a nochtar iontu. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais, agus i dtaobh an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na cuideachta, an bhfuil siad á bhfeidhmiú go comhleánúch agus an nochtar iad de réir mar is cuí.

Rinneadh an t-iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú le go bhféadfaí an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a measadh a bheith riachtanach a fháil chun fianaise leordhóthanach a thabhairt chun dearbhú

reasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chialais nó ar mhírialtacht eile nó earráid. Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim, rinneamar measúnú ar dhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é seo ár dtuairim

- gur léiriú fírinneach cóir iad ráitis airgeadais an Ghrúpa, de réir na IFRSanna arna nglacadh ag AE, ar riocht chúrsaí an Ghrúpa mar a bhí an 31 Nollaig 2010 agus ar bharrachas an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an dáta céanna;
- go dtugann ráitis airgeadais RTÉ léiriú fíreannach cóir de réir na IFRSanna arna nglacadh ag AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí ar riocht chúrsaí RTÉ amháil ar an 31 Nollaig 2010; agus
- gur ullmháidh ráitis airgeadais an Ghrúpa go cuí de réir na reachtaíochta craoltóireachta.

Nithe Eile

Fuairéamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bhí riachtanach don iniúchadh. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag RTÉ. Tá clár comhardaithe RTÉ ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais.



Cuntasóirí Cairte
Iniúcháir Cláraithe
Baile Átha Cliath

24 Márta 2011

Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	Roimh mhír eisceachtúil 2009 €'000	Mír eisceachtúil (nóta 6) 2009 €'000	2009 €'000
Oibríochtaí leanúnacha					
Ioncam	1	371,667	374,921	-	374,921
Costais oibríúcháin	2	(376,597)	(389,393)	(11,341)	(400,734)
Torthaí ó oibríochtaí leanúnacha		(4,930)	(14,472)	(11,341)	(25,813)
Ioncam airgeadais	3	1,737	1,826	-	1,826
Costas airgeadais	3	(735)	(661)	-	(661)
Glanairgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe ioncam / (costas)	3	116	(2,814)	-	(2,814)
Glanairgeadas ioncam / (costas)		1,118	(1,649)	-	(1,649)
Easnamh roimh cháin ioncaim	4	(3,812)	(16,121)	(11,341)	(27,462)
Costas cánach ioncaim	7	(850)	(339)	-	(339)
Glaneasnamh don bhliain		(4,662)	(16,460)	(11,341)	(27,801)

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noel Curran
An Príomh-Stiúrthóir

24 Márta 2011

Ráiteas Grúpa ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
(Caillteanas) / gnóthachan achtúireach ar Scéim Aoisliúntais RTÉ	19	(4,151)	100,124
Gnóthachan achtúireach ar scéim pinsean roinnte riosca "50/50"	19	9	-
Cáin iarchurtha ar sócmhainní pinsin	20	668	(1,151)
(Costas) / ioncam arna n-aithint go díreach sa chothromas		(3,474)	98,973
Easnamh don bhliain		(4,662)	(27,801)
(Costas) / ioncam aitheanta iomlán don bhliain		(8,136)	71,172

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noel Curran
An Príomh-Stiúrthóir

24 Márta 2011

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

amhail an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Neamh-Reatha			
Maoin, innealra agus trealamh	8	92,115	98,286
Sócmhainní neamh-inláimhsithe	9	3,329	4,711
Sócmhainní pinsin	19	3,861	9,208
Sócmhainní chánach iarchurtha	20	474	-
Nithe infhaighte eile	12	338	503
Sócmhainní Neamh-Reatha Iomlána		100,117	112,708
Sócmhainní Reatha			
Fardail	11	35,663	37,156
Nithe infhaighte trádála agus eile	12	39,778	38,620
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe		14,720	14,654
Infheistíochtaí leachtacha	13	37,182	41,718
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	14	26,035	17,130
Sócmhainní Reatha Iomlána		153,378	149,278
Sócmhainní Iomlána		253,495	261,986
COTHROMAS			
Tuillimh choinnithe		137,299	145,435
DLITEANAIS			
Dlíteanais Neamh-Reatha			
Sochair d'fhostaithe	18	12,805	14,879
Dlíteanais chánach iarchurtha	20	-	969
Dlíteanais Neamh-Reatha Iomlána		12,805	15,848
Dlíteanais Reatha			
Nithe iníoctha trádála agus eile	15	67,848	65,115
Cánachas agus leas sóisialach	16	12,034	10,282
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	268	184
Sochair d'fhostaithe	18	17,549	19,332
Soláthairtí	17	5,692	5,790
Dlíteanais Reatha Iomlána		103,391	100,703
Dlíteanais Iomlána		116,196	116,551
Cothromas agus Dlíteanais Iomlána		253,495	261,986

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noel Curran
An Príomh-Stiúrthóir

24 Márta 2011

Ráiteas Grúpa ar Athruithe i gCothromas

amhail an 31 Nollaig 2010

	2010 €'000	2009 €'000
Tuillimh choinnithe:		
larmhéid amhail an 1 Eanáir (Costas) / ioncam aitheanta iomlán	145,435 (8,136)	74,263 71,172
larmhéid amhail an 31 Nollaig	137,299	145,435

Ráiteas RTE ar Athruithe i gCothromas

amhail an 31 Nollaig 2010

	2010 €'000	2009 €'000
Tuillimh choinnithe:		
larmhéid amhail an 1 Eanáir (Costas) / ioncam aitheanta iomlán	83,581 (14,545)	22,434 61,147
larmhéid amhail an 31 Nollaig	69,036	83,581

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noel Curran
An Príomh-Stiúrthóir

24 Márta 2011

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Easnamh don bhliain		(4,662)	(27,801)
Coigeartaí maidir le:			
Muirear Athstruchtúrtha		-	11,341
Dímheas maoinne, innealra agus trealaimh	8	18,548	24,537
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	9	1,852	1,488
Cailliúint ar dhiúscairt maoinne, innealra agus trealaimh		5	49
Difríocht idir muirear phinsin agus ranníoca airgid thirim		1,321	1,485
Glanairgeadas (ioncam) / costas	3	(1,118)	1,649
Costas cánach ioncaim	7	850	339
		16,796	13,087
Athrú i bhfardail agus íocaíochtaí fardail ábhartha		4,390	(1,557)
Athrú i nithe infhaighte trádála agus eile		(982)	14,637
Athrú i réamhíocaíochtaí		57	(3,071)
Athrú i soláthairtí agus nithe iníoctha trádála agus eile		(1,399)	476
Athrú i gcánachas agus leas sóisialach		127	1,588
Athrú i sochair d'fhostaithe		(4,508)	(15,837)
Glan-Airgead ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		14,481	9,323
Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ús faighte		1,620	1,764
Fáltas ó dhíol maoinne, innealra agus trealaimh		35	64
Fáil maoinne, innealra agus trealaimh		(11,449)	(19,342)
Fáil sócmhainní neamh-inláimhsithe		(318)	(1,228)
Glan-airgead arna úsáid i nGníomhaíochtaí Infheistíochta		(10,112)	(18,742)
Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadaithe			
Laghdú / (méadú) ar infheistíochtaí leachtacha	13	4,536	(41,718)
Glan-airgead ó/(arna úsáid in) Ghníomhaíochtaí Airgeadaithe		4,536	(41,718)
Meadú / (laghdú) glan ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		8,905	(51,137)
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		17,130	68,267
Airgead Tirim agus Cóibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	14	26,035	17,130

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noel Curran
An Príomh-Stiúrthóir

Clár Comhardaithe RTÉ

amhail an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Neamh-Reatha			
Maoin, innealra agus trealamh	8	33,454	41,690
Sócmhainní neamh-inláimhsithe	9	2,725	4,222
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	10	65,827	65,827
Sócmhainn pinsin	19	3,861	9,208
Sócmhainní chánach iarchurtha	20	1,148	-
Nithe infhaighte eile	12	338	503
Sócmhainní Neamh-Reatha Iomlána		107,353	121,450
Sócmhainní Reatha			
Fardail	11	34,644	35,762
Nithe infhaighte trádála agus eile	12	30,750	31,431
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe		12,008	12,197
Infheistíochtaí leachtacha	13	37,182	34,654
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	14	25,441	10,932
Sócmhainní Reatha Iomlána		140,025	124,976
Sócmhainní Iomlána		247,378	246,426
COTHROMAS			
Tuillimh choinnithe		69,036	83,581
DLITEANAIS			
Dlíteanais Neamh-Reatha			
Sochair d'fhostaithe	18	12,805	14,879
Dlíteanais chánach iarchurtha	20	-	179
Dlíteanais Neamh-Reatha Iomlána		12,805	15,058
Dlíteanais Reatha			
Nithe iníoctha trádála agus eile	15	133,230	113,851
Cánachas agus leas sóisialach	16	9,269	8,961
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	268	184
Sochair d'fhostaithe	18	17,099	19,001
Soláthairtí	17	5,671	5,790
Dlíteanais Reatha Iomlána		165,537	147,787
Dlíteanais Iomlána		178,342	162,845
Cothromas agus Dlíteanais Iomlána		247,378	246,426

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noel Curran
An Príomh-Stiúrthóir

24 Márta 2011

Ráiteas faoi Shreachadh Airgid RTÉ

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Easnamh don bhliain i ndiaidh cánach		(11,070)	(37,826)
Coigeartaí maidir le:			
Muirear Athstruchtúrtha		-	11,341
Dímheas maoinne, innealra agus trealaimh	8	12,079	19,705
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	9	1,704	1,356
Gnóthachan ar dhiúscairt maoinne, innealra agus trealaimh		(2)	(21)
Difríocht idir muirear phinsin agus ranníoca airgid thirim		1,321	1,485
Glanairgeadas (ioncam) / costas		(942)	1,996
(Creidmheas) / costas cánach ioncaim		(267)	533
		2,823	(1,431)
Athrú i bhfardail agus íocaíochtaí fardail ábhartha		4,015	(1,165)
Athrú i nithe infhaighte trádála agus eile		846	13,094
Athrú i réamhíocaíochtaí		314	(3,404)
Athrú i soláthairtí agus i nithe iníochta trádála agus eile		15,855	21,835
Athrú i gcánachas agus leas sóisialach		(84)	1,216
Athrú i sochair d'fhostaithe		(4,625)	(15,712)
Glan-Airgead ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		19,144	14,433
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ús faighte		1,439	1,405
Fáltas ó dhíol maoinne, innealra agus trealaimh		4	44
Fáil maoinne, innealra agus trealaimh		(3,386)	(5,210)
Fáil sócmhainní neamh-inláimhsithe		(164)	(1,154)
Glan-Airgead arna úsáid i nGníomhaíochtaí Infheistíochta		(2,107)	(4,915)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadaithe			
Meadú ar infheistíochtaí leachtacha	13	(2,528)	(34,654)
Glan-Airgead ó Ghníomhaíochtaí Airgeadaithe		(2,528)	(34,654)
Meadú/(laghdú) glan ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		14,509	(25,136)
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		10,932	36,068
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	14	25,441	10,932

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noel Curran
An Príomh-Stiúrthóir

Beartais Chuntasáíochta

1. Bunús na cuntasáíochta

Cuireadh na beartais chuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ.

(a) Eintiteas Tuairisceoireachta

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960* agus atá lonnaithe in Éirinn. Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite de chuid RTÉ amhail an 31 Nollaig 2010 agus don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 comhdhéanta den chorparáid reachtúil agus de na heinstititís go léir atá faoina rialú (dá dtagraítear i gcomhar mar an "Grúpa").

(b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na máthairchuideachta agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) agus a léirmhínte de réir mar a cheadaíonn an Bord Caighdeán Cuntasáíochta (IASB) agus mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE), a bhfuil éifeacht leo maidir leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 agus mar a fheidhmítear de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa freisin a ráiteas airgeadais chomhdhlúite agus ráiteas airgeadais mháthairchomhlacht RTÉ a chur i láthair de réir *Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009* de chuid na hÉireann a mhéid agus a theastaíonn chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. De réir sin tá clár comhardaithe na máthairchuideachta, ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus ráiteas ar athruithe i gcothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith, mar a d'éileodh *Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009* de chuid na hÉireann de ghnáth.

(c) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ar luach chothrom na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa in Euro tugtha go dtí an míle is gaire, airgeadra feidhme an Ghrúpa.

Éilíonn ullmhúchán ráiteas airgeadais i gcomhréir le IFRSanna ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn éifeacht acu ar fheidhmíú beartais cuntasáíochta agus an líon tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costais. D'fhéadfadh na torthaí fórasacha a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasáíochta sa tréimhse ina ndéantar athbhreithniú ar na meastacháin agus in aon tréimhsí a mbíonn éifeacht orthu ina dhiaidh sin. Baineann na príomhréimsí ina mbíonn breithiúnas nó castacht suntasach, nó réimsí ina mbíonn boinn tuisceana agus meastacháin suntasach ó thaobh ráiteas airgeadais an Ghrúpa, go príomha le luacháil na scéime pinsean sochair sainithe, ionstraimí airgeadais, soláthairtí agus cáin ioncaim, agus luaitear iad sna beartais chuntasáíochta iomchuí thíos agus sna nótaí a théann leo. Tá na beartais chuntasáíochta atá leagtha amach thíos curtha i bhfeidhm go leanúnach ag eintiteas an ghrúpa agus ag RTÉ, nuair is infheidhme, maidir leis na tréimhsí go léir a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus i ráitis airgeadais RTÉ.

2. Bunús Comhdhlúite

(a) Fochuideachtaí

Tugtar ráitis airgeadais RTÉ san áireamh i ráitis airgeadais an Ghrúpa agus a chuid eintiteas fochuideachta go léir go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is eintitis arna rialú ag an nGrúpa iad fochuideachtaí. Bítear faoi rialú an Ghrúpa nuair atá de chumhacht, go díreach nó go hindíreach, ag an nGrúpa, beartais airgeadais agus oibriúcháin an eintitis a rialú ionas go bhfaigheann RTÉ buntáiste óna ghníomhaíochtaí. Tugtar ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar an dtagtar faoin rialú anonn go dtí an dáta ar a dtagann deireadh leis an rialú.

(b) Deireadh a chur le hidirbhearta ar chomhdhlúthú

Cuirtear deireadh le hiarmhéideanna agus le hidirbhearta intra-ghrúpa, agus le haon ioncam réadaithe agus costais arna n-eascairt as idirbhearta intra-ghrúpa, agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú.

3. Pholasaí cuntasáíochta tábhachtacha

(a) Aitheantas Ioncaim

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as Táillí Ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, táirgí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Bíonn ioncam luaite glan ó aon lascaíní socraíochta nó lascaíní ó thaobh méid.

Aithnítear ioncam sa mhéid agus is dócha a ndéanfar aisghabháil, sa mhéid agus a bhíonn sé faoi réir tomhais iontaoifa, gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus gur aistríodh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húníreachtacha go dtí an ceannaitheoir.

(b) Ioncam ón Táille Cheadúnais

Bailíonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) an t-ioncam ón Táille Cheadúnais is iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) thar ceann daoine a bhíonn incháilithe do Cheadúnas Teilifíse "saor in aisce" ón DSP. Déanann An Post an t-ioncam eile go léir ón Táille Cheadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DCENR, glan ó chostais bhailiúcháin. Íocann an DCENR "deontas i gcabhair" neamh-inaisíochta le RTÉ ó na táillí cheadúnais sin a bhailítear, mar a ndéantar foráil dó in Alt 123 san *Acht Craolacháin 2009*, in áit na méideanna a bhailíonn An Post, glan ó chostais bhailiúcháin agus tobhach 7% chuig an gCiste Craoltóireachta, in éineacht leis na méideanna a íocann an DSP leis.

Aithnítear Táille Cheadúnais is iníoctha ag an DSP nuair a fhaightear í. Aithnítear ioncam ó tháille cheadúnais eile nuair a fhaightear fógra ó An Post.

(c) Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar chraoladh/ar fhoilsiú. Bíonn ioncam fógraíochta luaite glan ó choimisiúin ghníomhairí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe srl.

(d) Ioncam líonra agus saoráidí

Eascraíonn ioncam líonra agus saoráidí as líonra tarchuir an Ghrúpa a úsáid, as rochtain a dhéanamh air agus as saoráidí stiúdió a chuirtear ar fáil do thrú páirtithe. Aithnítear méideanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thrú páirtithe.

(e) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí

Eascraíonn ioncam ciorclaíochta ó fhoilsiú agus ciorclaíocht an RTÉ Guide agus bíonn sé luaite glan ó tháillí dlite don dáileoir agus don mhiondíoltóir deiridh. Aithnítear ioncam ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhe gearrtha díolacháin do gach eagrán.

Eascraíonn ioncam imeachtaí ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Oifide RTÉ. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn méideanna dlite.

(f) Ioncam ó ábhar, táirgí díolacháin agus ioncam gaolmhar

Is ionann ioncam ó ábhar, táirgí díolacháin agus ioncam gaolmhar agus méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chur ar fáil do thrú páirtithe trí raon bealaí, lena n-áirítear saoráidí idirlín an Ghrúpa, teilitéacs Aertel, ábhar RTÉ a dhíol go seachtrach agus méideanna a thuilltear trí sheirbhísí tráchtála eile a chuireann an Grúpa ar fáil.

4. Tuairisciú Míre

Is cuid in-idirhealaithe den Ghrúpa í an mhír oibríochta a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí gnó ar féidir léi ioncain a shaothrú agus costais a thabú astu, lena n-áirítear ioncain agus costais a bhaineann le hidirbhearta le comhpháirt ar bith de chuid an Ghrúpa.

Ag eascairt ó struchtúr eagraíochta inmheánach an Ghrúpa agus a gcóras tuairiscithe airgeadais inmheánach, is í príomh-mhír tuairiscithe an Ghrúpa, faoi IFRS 8 *Míreanna Oibríochta*, an Rannán Comhtháite Gnó (IBD). Is rannán ar leithligh é gach IBD atá eagraithe agus bainistithe de réir nádúr na seirbhísí agus na dtáirgí a sholáthraítear. Athbhreithníonn an Príomh-Stiúthóir agus Feidhmeannas RTÉ torthaí oibríochta na míreanna oibríochta go rialta chun cinntí a dhéanamh faoi na hacmhainní a leithroinntear chuig an mhír agus chun a feidhmíocht a mheas agus tá eolas airgeadais ar fáil faoi sin (féach nóta 1) thíos.

5. Idirbhearta in airgeadra coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go dtí airgeadraí feidhme faoi seach de chuid eintitis an ghrúpa ag rátaí malartaithe ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dlíteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an dáta cuntasáíochta go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon chaillteanais ó athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dáta an idirbheart mar ghnóthachan nó cailteanais malartaithe sa Ráitis Ioncain.

Aithnítear difríochtaí airgeadra coigríche a eascraíonn ó athaistriú sa Ráiteas Ioncain.

6. Maoin, innealra agus trealamh**(a) Aitheantas agus tomhas**

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag an gcostas stairiúil, glan ó dhímheas carntha chomh maith le haon cailteanais lagaithe.

Áirítear ar chostas caiteachas is inchurtha go díreach i leith fáil na sócmhainne. Áirítear ar chostas sócmhainní féintógtha costas ábhar agus costas saothair díriú, agus aon chostais eile a bhíonn inchurtha go díreach leis an tsócmhainn a chur i riocht oibre don úsáid a cheaptar di, agus na costais a bhaineann leis na nithe a bhaint óna chéile agus an láithreán ina mbíonn siad lonnaithe a athchóiriú. Déantar bogearraí atá rithábhachtach d'fheidhmiúlacht an trealamh ghaolmhair a chaipitilíú mar chuid den trealamh sin.

Tugtar caiteachas dá éis sin san áireamh le suim charraeireachta na sócmhainne nó aithnítear ina shócmhainn ar leith é, mar is cuí, sa chás amháin gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar chostas na sócmhainne. Cuirtear gach deisiú agus cothabháil eile de mhúirear in aghaidh an Ráitis Ioncain i rith na tréimhe airgeadais ina dtarlaíonn siad.

(b) Dímheas

Cuirtear dímheas ar fáil ar mhaoin, innealra agus trealamh, seachas talamh ruilse, ag rátaí a ríomhtar chun an costas a dhíscríobh lúide iarmharluach measta gach sócmhainn faoin modh dronlíneach thar a saol úsáideach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

Foirgnimh	2.5% – 25%
Innealra agus trealamh	7.5% – 20%
Fearais agus feistis	10% – 25%

Is ionann tionscadail chaipitil a bhíonn ar siúl agus an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula ndéantar a n-úsáid a choimisiúin. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ón dáta coimisiúnaithe.

Nuair a bhíonn saolta úsáideacha difriúla ag codanna de mhaoin, d'innealra nó de threalamh, tugtar cuntas orthu mar nithe maoin, innealra agus trealamh ar leithligh (comhpháirteanna móra), agus déantar iad a dhímheas dá réir.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar athbhreithniú ar mhéid carraeireachta foirgneamh, innealra agus trealamh ag dáta gach cláir chomhardaithe lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna carraeireachta in-aisghabhála. Má bhíonn léiriú den sórt sin ann, déantar méid na sócmhainní in-aisghabhála a mheas.

Beartais Chuntasaióchta (ar lean)

7. Sócmhainní neamh-inláimhsithe

(a) Aitheantas agus tomhas

Aithnítear sócmhainní neamh-inláimhsithe, ar shócmhainní neamh-airgeadais so-aitheanta gan substaint fisiciúil í, sa mhéid is gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar a costas. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta sa chás go n-eascaíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní neamh-inláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh carntha agus aon chaillteanais lagaithe carntha.

Baineann sócmhainní neamh-inláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí

Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú ach amháin má chuireann sé leis an tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé.

(b) Amúchadh

Sócmhainní neamh-inláimhsithe, a bhfuil saolta eacnamaíochta úsáideacha teoranta acu, amúchta go dtí an ráiteas ioncaim faoin modh dronlíneach thar a saolta úsáideacha measta ón dáta a mbíonn siad ar fáil le húsáid. I gcás bogearraí ríomhaire, is 3 go 5 bliana de ghnáth a bhíonn sna saolta eacnamaíochta úsáideacha.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar suim carraireachta shócmhainní neamh-inláimhsithe a athbhreithniú ag dáta gach cláir chomhardaithe lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeidh na luachanna carraireachta in-aisghabhála. Má bhíonn léiriú den sórt sin ann, déantar méid na sócmhainní in-aisghabhála a mheas.

8. Ionstraimí Airgeadais

(a) Ionstraimí Airgeadais Neamh-Dhíorthaigh

Bíonn ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh comhdhéanta de infheistíocht i bhfochuideachtaí, nithe infhaighte trádála agus eile, infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus cóibhéisí airgid agus nithe infíoitha trádála agus eile.

Aithnítear ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh don chéad uair ag luach cóir. Tar éis iad a aithint don chéad uair déantar ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh a thomhas mar a léirítear thíos.

Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

Déantar infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina chlár comhardaithe a aithint ag costas, lúide cailliúintí lagaithe.

Nithe infhaighte trádála agus eile

Luaitear nithe infhaighte trádála agus eile ag costas, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir de bharr nádúr gearr-dátaithe na sócmhainní sin. Iompraítear nithe infhaighte trádála agus eile ag an tsuim bhunaidh a bhí ar sonrasc lúide aon lagú do shuimeanna a d'fhéadfadh a bheith in-aisghabhála. Aithnítear lagú má bhíonn fianaise neamhchlaonta ann tar éis a aithint i dtús báire gur féidir nach bhfuil iarmhéid in-aisghabhála ina iomláine nó i bpáirt.

Infheistíochtaí Leachtacha

Bíonn infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaiscí gearrthéarmacha agus d'infheistíochtaí sócmhainní reatha lena mbíonn dáta aibíochta níos mó ná 3 mí ón dáta fála ach níos lú ná 12 mí ó dháta an chlár chomhardaithe. De bharr go dtiteann aibíocht na n-infheistíochtaí sin lasmuigh den chreat ama do rangú airgid thirim agus cóibhéisí airgid faoi IAS 7 *Ráitis faoi Shreabhadh Airgid*, caitheadh leis na hiarmhéideanna gaolmhara mar shócmhainní airgeadais agus tá siad ráite ag luach cóir ag dáta gach cláir chomhardaithe. Aithnítear ioncam ar na sócmhainní sin ar bhonn ráta úis éifeachtúil.

Airgead tirim agus cóibhéisí airgid

Tá airgead tirim agus cóibhéisí airgid comhdhéanta d'iarmhéideanna airgid tirim a choimeádtar chun críocha tiomantais airgid tirim agus infheistíochtaí gearrtéarma, a bhíonn inchomhshóite go héasca go dtí méideanna airgid tirim ar fios fúthu ag a luachanna carraireachta nó gar dóibh agus a bhíonn faoi réir riosca neamshuntasach ó thaobh athruithe ar luach a chomhlíonadh. Sa chás go rangaítear infheistíochtaí mar chóibhéisí airgid, bíonn aibíocht de thrí mhí nó níos lú ón dáta fála ag na hiarmhéideanna gaolmhara. Aithnítear ioncam ar na sócmhainní sin ar bhonn ráta úis éifeachtúil.

Nithe infíoitha trádála agus eile

Luaitear nithe infíoitha trádála agus eile ag costas, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir de bharr nádúr gearr-dátaithe na sócmhainní sin.

(b) Ionstraimí Airgeadais Díorthaigh

Úsáidtear ionstraimí airgeadais díorthaigh go príomha chun nochtadh an Ghrúpa d'athruithe ar rátaí malartaithe airgeadra coigríche, lena n-áirítear Dollar na Stát Aonaithe agus Steirling, a bhainistiú. Ní hiontrálann an Grúpa conarthaí amhantracha.

Is ar a luach cóir a aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh don chéad uair agus déantar iad a ath-thomhas ina dhiaidh sin chuig luach cóir ag gach dáta cláir chomhardaithe. Aithníodh athruithe ar an luach cóir gan mhoill sa Ráiteas Ioncaim de bharr gur roghnaigh an Grúpa gan an cuntas a fháil maidir le haon díorthaigh i 2009 nó 2010.

9. Fardail

(a) Fardail Chláir

Luacháiltear fardail chláir ag an gcostas nó ag an nglanluach réadaíthe, cibé acu is lú.

Is éard is fardail chláir de dhéantús Éireannach ann cláir a léiríonn RTÉ go himmheánach nó cláir a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais do stoc clár intí costais chláir dhíreacha lena n-áirítear saoráidí léiriúcháin agus costais saothair do chláir. Bunaítear costais do stoic chláir choimisiúnaithe ar an bpraghas conartha. Cuirtear fardail chláir de dhéantús Éireannach de mhúirear go hiomlán in aghaidh an Ráitis Ioncaim an chéad uair a chraoltar iad.

Is éard is fardail chláir cheannaithe ann cláir agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideoonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais d'fhardail chláir cheannaithe mar an praghas conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcráoltóir. Cuirtear fardail chláir cheannaithe de mhúirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim bunaithe ar luach measta gach craolta mar seo a leanas:

Gnéchláir: 75% ar an gcéad chraoladh,
25% ar an dara craoladh
Sraitheanna: 99% ar an gcéad chraoladh,
1% ar an dara craoladh

Is éard is fardail spóirt ann na cearta chun imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais d'fhardail chearta spóirt mar an praghas conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an eagraíocht spóirt iomchuí nó le sealbhóir na gcearta. Cuirtear fardail chearta spóirt de mhúirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim ar chraoladh na n-imeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta.

(b) Fardail Eile

Tá fardail eile comhdhéanta de stoic mionpháirteanna breise agus luaitear iad ag an gcostas nó ag an nglanluach réadaíthe, cibé acu is lú. Cuirtear fardail eile de mhúirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim de réir mar a úsáidtear iad do dheisiúcháin agus do chothabháil.

10. Soláthairtí

Aithnítear soláthar sa chás: go mbíonn oibleagáid reatha ar an nGrúpa (oibleagáid dlí nó tógála) mar thoradh ar imeacht san am a caitheadh; go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíocha riachtanach chun an oibleagáid a shocrú; agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide. Déantar soláthairtí a thomhas ag an meastachán is fearr de chuid comhaltaí an Bhoird i leith an chaiteachais atá riachtanach chun an oibleagáid a shocrú ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar lascainiú go dtí luach reatha sa chás go mbíonn tionchar ábharthach ann.

Sa chás go measann Grúpa go n-aisíocfar soláthar, aithnítear an soláthar mar shócmhainn ar leithligh nuair a bhítear beagnach céad faoin gcéad cinnte go n-eascróidh an aisíocaíocht.

11. Sochair d'fhostaithe

(a) Dualgas sochair scoir

Déanann an Grúpa ranníocaíochtaí pinsin do roinnt mhaith fostaithe trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, trí Scéim Phinsin Ranníocaíochtaí Sainithe RTÉ, trí Scéim Pinsean Roinnte Riosca "50/50" RTÉ (scéim chumaisc lena mbaianeann gnéithe sochair shainithe agus ranníocaíochtaí) agus trí scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe eile.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus le gné ranníocaíochta sainithe na Scéime Pinsean Roinnte Riosca "50/50" RTÉ, bíonn ranníocaíochtaí ag fabhrú agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim sa tréimhse ina dtuilleann na fostaithe ábhartha iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim mhaoinithe shochair shainithe ranníocaíochtaí agus an ghné shochair shainithe de Scéim Pinsean Roinnte Riosca "50/50" RTÉ, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanas na scéime de réir measúnú achtúire, ríofa agus modh chreidmheas aonaid teilgthe á úsáid, a nochtadh mar shócmhainn/dhliteanas sa chlár comhardaithe, glán ó cháin iarchurtha (sa mhéid is gur féidir í a aisghabháil). Is ionann an méid a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim, de réir chinneadh achtúire, na sochar pinsin a ghealltar d'fhostaithe a thuilltear i rith na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a dheonaítear ar fhostaithe i rith na bliana.

Léirítear an t-aschur ionchasach maidir leis an ngné shochair shainithe agus aoisliúntais na Scéime Pinsean Roinnte Riosca "50/50" RTÉ i rith na bliana agus an méadú ar dhliteanas na scéime mar gheall ar an lascaine a chealú i rith na bliana mar ghnéithe airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Aithnítear aon athruithe idir toradh measta shócmhainní agus an toradh a bhaintear amach go hiarbhír agus aon athruithe ar na dliteanas de bharr athruithe ar bhoinn tuisceana nó de bharr go raibh an méid a tharla go hiarbhír i rith na bliana difriúil ón méid a rabhthas ag súil leis, aithnítear iad mar ghnóthachain agus cailleanais achtúireacha sa ráiteas ar ioncam agus costais aitheanta.

(b) Sochair Scoir

Aithnítear sochair scoir mar chostas nuair atá an Grúpa tiomanta go soiléir, gan deis réalaíoch aistarraingt a dhéanamh, do phlean mionsonraithe foirmiúil chun fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir, nó chun sochair scoir a chur ar fáil de bharr thairiscint a rinneadh chun iomarcaíocht dheonach a chur chun cinn. Aithnítear sochair scoir d'iomarcaíochtaí deonacha mar chostas sa chás go mbíonn tairiscint déanta ag an nGrúpa chun iomarcaíocht dheonach a chur chun cinn, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus más féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an líon daoine a ghlacfar léi.

(c) Sochair ghearrthréimhseacha

Déantar oibleagáidí sochair fostaithe gearrthréimhseacha a thomhas ar bhonn neamh-lascainithe agus déantar iad a chostasú ar sholáthar na seirbhíse gaolmhaire.

Beartais Chuntasáiochta (ar lean)

12. Cáin Ioncain

(a) Aitheantas

Tá cáin ioncam comhdhéanta de cháin agus de cháin iarchurtha. Aithnítear costas cháin ioncain sa Ráiteas Ioncain ach amháin sa mhéid agus a bhaineann sé le míreanna a aithnítear go díreach i gcothromas, agus sa chás sin aithnítear i gcothromas é.

(b) Cáin reatha

Is éard is cáin reatha ann an cháin mheasta is iníochta ar an ioncam incháinithe don bhliain, agus na rátaí cánach achtaithe nó achtaithe go suntasach ag an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníochta i ndáil le blianta roimhe sin. Tá ioncam incháinithe an Ghrúpa faoi réir cháin chorparáideach na hÉireann. Bhí ioncam an Ghrúpa ón Táille Cheadúnais a tuilleadh roimh 31 Nollaig 2006 díolúinte ó cháin chorparáideach.

(c) Cáin Iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha agus modh an chláir chomhardaithe a úsáid, rud a dhéanann solathar do dhifríochtaí sealadacha idir méid carraeireachta sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Ní bhíonn sócmhainní agus dliteanais cháin iarchurtha faoi réir lascainithe agus déantar iad a thomhas ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sa tréimhse ina réadófar an tsócmhainn nó ina socrófar an dliteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus ar na dlíthe cánach atá achtaithe nó rite a bheag nó a mhór ar dháta an chláir chomhardaithe.

Aithnítear dliteanais chánach iarchurtha do gach difríocht sealadach incháinithe ach amháin aitheantas don chéad uair ó thaobh sócmhainn nó dliteanas in idirbheart nach teaghlaim ghnó é agus nach mbíonn éifeacht aige ar an mbrabús cuntasáiochta ná ar an mbrabús nó cailteanas incháinithe ag tráth an idirbhirt a aithint don chéad uair.

Aithnítear sócmhainn chánach iarchurtha sa mhéid is gur dócha go mbeidh brabúis incháinithe sa todhchaí ar fáil lenar féidir an difríocht sealadach a úsáid ina n-aghaidh. Déantar sócmhainní cánach iarchurtha a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad sa mhéid is nach dócha níos mó go mbainfeadh an sochar cánach gaolmhar amach.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh má bhíonn ceart infhorfheidhmithe le dlí ann maidir le dliteanais agus sócmhainní cánach reatha a fhritháireamh, agus má bhaineann siad le cánacha ioncain a ghearrann an t-údarás cánach céanna ar an eintiteas incháinithe céanna.

13. Ioncam agus caiteachais airgeadais

Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam úis ar airgead tirim agus infheistíochtaí leachtacha agus de ghluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncain.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta de chealú na lascaine ar sholáthairtí agus de ghluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncain.

14. Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear íocaíochtaí a dhéantar ó léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncain faoin modh dronlíneach thar théarma an léasa.

15. Caighdeán agus léirmhínte nua

(a) Glactha i rith na bliana

Ghlac an Grúpa leis na caighdeáin seo a leanas i rith na bliana nach raibh aon tionchar acu ar ráitis airgeadais 2010 an Ghrúpa:

- Leasú ar IFRS 2 Íocaíocht Scair-bhunaithe - *Coinníollacha agus Cealuithe Dílsithe* i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2010.
- IFRS 3 *Comhcheangail Ghnó (2009)* athbhreithnithe a ionchorpraíonn na hathruithe seo a leanas:
 - Rinneadh an sainmhíniú ar ghnó a leathnú, agus is é an toradh is dóchúlú a bheidh air sin ná caitheamh le héadálacha mar chomhcheangail ghnó
 - Déanfar breithniú teagmhasach a thomhas ag luach cóir, le hathruithe ina dhiaidh sin á n-aithint i mbrabús nó i gcaillteanas
 - Gearrfar costais idirbheartaíochta, seachas costais eisithe sciar agus fiachais, mar chostais a tabhaíodh
 - Déanfar aon ús a bhí ann roimhe seo a thomhas ag luach cóir, nó ag a n-ús comhréireach i sócmhainní agus i ndlíteanas aitheanta an fhaighteora, ar bhonn idirbheart ar idirbheart.

Ní raibh aon tionchar ag IFRS 3 athbhreithnithe, a bhí éigeantach do ráitis airgeadais an Ghrúpa 2010.

- Míreanna Fálaithe Incháilithe – Leasú ar IAS 39 *Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas*, a shoiléirigh na prionsabail atá ann cheana féin a chinneann cibé an bhfuil rioscaí nó codanna de shreabhadh airgid incháilithe lena n-ainmniú mar chaidreamh fálaithe nó nach bhfuil. Ní raibh aon tionchar ag an leasú a bhí éigeantach do ráitis airgeadais chomhdhlúite 2010 an Ghrúpa, ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite.
- D'éiligh IAS 27 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus Ar Leithligh (2009)* go ndéanfaí cuntas a choinneáil ar athruithe i leasanna úinéireachta a dhéanann an Grúpa i bhfochuideachta, agus smacht á choinneáil, a aithint mar idirbheart cothromais. Nuair a chailleann an Grúpa smacht ar fochuideachta, déanfar aon ús a bhí coinnithe san iar-fochuideachta a thomhas ag luach cóir leis an ngnóthachan nó cailteanas á n-aithint i mbrabús nó cailteanas. Ní raibh aon tionchar ag na leasuithe a rinneadh ar IAS 27, a bhí éigeantach do ráitis airgeadais 2010 an Ghrúpa, ar na ráitis airgeadais.

(b) Eisithe ach gan éifeacht fós

Níl na caighdeáin agus na léirmhínte a leanas atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa:

- Tá IAS 24 *Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara (Leasú)* in éifeacht maidir le tréimhsí bliantúla a thosaigh an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin. Déanann sé sainmhíniú an pháirtí gaolmhar a shoiléiriú chun go mbeidh sé éasca caidreamh den sórt sin a aithint agus chun deireadh a chur le neamhréireachtaí agus é á chur i bhfeidhm. Faoi chaighdeán athbhreithnithe déantar páirt-dhíolúine maidir le riachtanais nochtaithe d'aonáin a bhaineann leis an rialtas. Ceadaítear páirt-dhíolúine aonáin a bhaineann leis an rialtas nó a bhaineann leis an gcaighdeán iomlán a ghlacadh luath. Tá an Grúpa ag breithniú an tionchair ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite faoi láthair.
- Tá IAS 32 *Ionstraimí Airgeadais: Cur i láthair – Rangú ar Eisiúintí de Cheart (Leasú)* in éifeacht maidir le tréimhsí bliantúla a thosaigh an 1 Feabhra 2010 nó ina dhiaidh sin agus rinne leasú ar an sainmhíniú atá ar dhliteanas airgeadais chun Eisiúintí de Cheart a rangú (agus céadroganna nó barántais áirithe) mar ionstraimí cothromais i gcásanna ina dtugtar cearta den sórt sin ar bhonn pro rata do gach úinéir atá ann cheana féin den aicme céanna d'ionstraimí cothromais neamh-dhíorthaigh, nó chun líon socráithe d'ionstraimí cothromais an aonáin féin a fháil in aon airgeadra. Ní bheidh tionchar ar bith ag an leasú seo ar an nGrúpa.
- Tá IFRIC 14 *Réamhíocaíochtaí ar Íosriachtanas maoinithe (Leasú)* in éifeacht maidir le tréimhsí bliantúla a thosaigh an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin. Soiléiríonn an léirmhíniú go gcaillíonn ionstraimí cothromais a eisítear chuig creidiúnaí chun dliteanas airgeadais a chealú mar chomhaoin íochta. Déantar na hionstraimí cothromais a eisítear a thomhas ag luach cothrom. Sa chás nach féidir tomhas iontaofa a dhéanamh, tomhaistear na hionstraimí ag luach cothrom an dliteanas a cealaíodh. Aithnítear aon ghnóthachan nó cailteanas láithreach sa ráiteas ioncaim. Ní bheidh tionchar ar bith ag glacadh an léirmhínte seo ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

- Feabhsuithe ar IFRSanna (eisithe i mBealtaine 2010)

D'eisigh an IASB *Feabhsuithe ar IFRSanna*, ollbhailiúchán leasuithe ar a chuid caighdeán IFRS. Níor glacadh leis na leasuithe ó tharla go mbíonn éifeacht leo do tréimhsí bliantúla an 1 Iúil 2010 nó Eanáir 2011 nó tar éis na ndátaí sin. Is iad seo a leanas na leasuithe:

- IFRS 3 *Teaglamaí Gnó*
- IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtuithe*
- IAS 1 *Cur i láthair na Ráiteas Airgeadais*
- IFRIC 13 *Cláir Dílseachta do Chustaiméirí*

Tá an grúpa i mbun breithnithe faoi láthair ar an tionchar atá ar chur i láthair na ráiteas airgeadais chomhdhlúite, ach mar sin féin, níl an Grúpa ag súil go mbeidh aon tionchar ag glacadh na leasuithe seo ar a staid airgeadais ná ar a fheidhmíocht.

Nótaí

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa.

1. Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna

(a) Príomhghníomhaíochtaí

Is eagraíocht neamhbhrabúis é RTÉ agus is é a phríomhghníomhaíocht seirbhísi poiblí raon cuimsitheach cainéal agus sceideal teilifíse agus raidió saor go haer a chraoladh. Freastalaíonn na seirbhísi sin ar gach catagóir déimeagrafach i sochaí na hÉireann le réimse leathan aschuir agus seánraí, gan baint le lucht féachana tráchtála a mhealladh, agus le béim faoi leith ar chlár de dhéantús Éireannach. Áirítear ar ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile de chuid RTÉ Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Choirme RTÉ agus grúpaí oifide eile a oibríú. Soláthraíonn RTÉ raon fairsing seirbhísi Ar líne, gréasán-bhunaithe saor in aisce, a dhíríonn den chuid is mó ar lucht féachana na hÉireann, laistigh dá rannán Foilsitheoireachta. Tá seirbhís súil siar san áireamh sa tseirbhís Ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce via an RTÉ Player agus bíonn sé níos éasca féachaint ar chlár éagsúla tar éis a gcrail ar RTÉ One agus RTÉ Two.

Bíonn an costas bliantúil do RTÉ maidir leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin a sholáthar agus a airgeadú cuid mhór sa bhreis ar an maoiniú poiblí a fhaightear mar ioncam ón Táille Cheadúnais. Dá reir sin téann RTÉ i mbun go leor gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha, go príomha laistigh de Phoblacht na hÉireann, chun tacú lena ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí. Áirítear orthu sin díolachán fógraíochta agus urraíochta, foilsitheoireacht an RTÉ Guide, cheadúnú/díolachán ábhair, díolachán earraí a bhaineann le clár, saoráidí léiriúcháin a fháil ar cíos agus scaireanna ioncaim ó theileachumarsáid/téacsanna. Ina theannta sin oibríonn RTÉ Transmission Network Limited (RTÉNL) líonra tarchuradóireachta craolacháin náisiúnta laistigh de Phoblacht na hÉireann, a chuireann sé ar fáil do chraoltóirí áitiúla agus náisiúnta araon, lena n-áirítear seirbhísi RTÉ féin, ar bhonn neamhthuilleamaíoch. Ligeann RTÉNL spás túir/crainn breise ar cíos do raon úsáideoirí neamh-chraolta tríú páirtí.

Tá oibríochtaí agus bainistíocht RTÉ eagraithe i sé Rannán Comhtháite Gnó (IBDanna): Teilifís, Raidió, Nuacht agus Cúrsaí Reatha, Grúpaí Oifide, Foilsitheoireacht agus Líonra. I gcás gach IBD déanann an Príomh-Stiúrthóir agus Feidhmeannas RTÉ athbhreithniú ar thuarascálacha bainistíochta inmheánacha ar bhonn míosúil. Tá IBD Líonra lonnaithe go hiomlán laistigh d'fhochuideachta atá faoi lán-úinéireacht agus faoi bhainistíú ar leithligh RTÉ, RTÉ Transmission Network Limited (féach thuas). Tá liosta sonrath de ghníomhaíochtaí RTÉ, mar aon leis an IBD ina ndéantar iad agus leis an eintiteas dlíthúil ina dtuairiscítear iad, a chaitear a thuiscint chun an t-eolas seo ar mhíreanna a léirmhíniú, leagtha amach i nóta 10 leis na ráitis airgeadais seo.

Chomh maith leis na sé IBD feidhmíonn RTÉ An Ceannáras Corparáideach agus na Seirbhísi Roinnte Lárnacha. Tá Ceannáras Corparáideach comhdhéanta de ghníomhaíochtaí riaracháin ghinearálta agus de ghníomhaíochtaí eile a eascraíonn ag an leibhéal eintitis a bhaineann le rialachas RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Cuimsíonn Seirbhísi Roinnte Lárnacha gníomhaíochtaí a dhéantar go lárnach thar ceann na IBDanna. Ní thuairiscítear costais ag leibhéal IBD, cainéil nó seirbhíse ach amháin na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí na Seirbhísi Roinnte Lárnacha, agus a thabhaítear, mar sin, go lárnach thar ceann na IBDanna. Ní dhéantar costas an Cheannárais Chorparáidigh a leithroinnt ar IBDanna, agus tuairiscítear é mar mhír réitithe idir costas na míreanna tuairiscithe agus an costas iomlán.

(b) Eolas míre

Tá anailís míre, a ullmhaítear de réir IFRS 8 Míreanna Oibríochta, leagtha amach i sceidil ag 1(d) agus 1(e). Is iad príomh-mhíreanna tuairiscithe RTÉ ná a gcuid IBDanna, a míreanna gnó.

Anailís míre de réir IBD

Cuirtear anailís míre de réir IBD i láthair sna sceidil 1(d) agus 1(f). Sna sceidil atá leagtha amach ag 1(d), tuairiscítear ioncam tráchtála san IBD ina dtuilltear é. Seachas an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, is feidhm é tuairiscíú ioncaim ón Táille Cheadúnais laistigh de gach IBD dá leithdháileadh ar gach cainéal agus seirbhís ar leithligh (féach thíos). I gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, tá na costais go léir, seachas luach an aschuir nuachta a chuirtear ar fáil do RTÉ 2fm, clúdaithe ag ioncaim ón Táille Cheadúnais leithdháilte.

Tuairiscítear costais a thabhaítear go díreach ag IBD agus ar son IBD laistigh den IBD sin. Sa chás go dtabhaítear costais ag Seirbhísi Roinnte Lárnacha thar ceann IBD, nó ag IBD amháin thar ceann IBD eile, úsáidtear bonn leithdháilte glactha/úsáide costas iomlán iomchuí chun costas cóir agus réasúnta maidir leis na seirbhísi idir-rannáin a úsáideann na IBDanna sin a chur i bhfeidhm. Bunaítear na leithdháiltí ar phrionsabail chuntasaíochta costais a bhíonn curtha i bhfeidhm go leanúnach agus inchosanta go hoibiachtúil.

Tabhaítear costais léiriúcháin, choimisiúnaithe agus ghnóthaithe na gclár teilifíse agus raidió chun cainéil teilifíse agus raidió saor-go-haer RTÉ a sholáthar. Gearrtar na táillí sin ar IBDanna Teilifíse, Raidió agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha mar is cuí. Le gur féidir costas iarbhír a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor-go-haer a léiriú ní chionroinntear na costais sin ar IBD Foilsitheoireachta áit a sothlathraítear deiseanna breise rochtaine ar an ábhar via seirbhísi Ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce RTÉ. Sa chás go dtabhaítear costais shainiúla chun cearta Ar líne a fháil nó chun aidhm an ábhair a athrú gearrtar iad sin ar IBD Foilsitheoireacht. Nuair a fhaightear ábhar le cur isteach i gclár chraolta nó le húsáid go díreach i seirbhísi Ar líne leithroinntear an costas a bhaineann leis an ábhar sin a fháil ag baint úsáide as bunús ionsú lánchostais / leithdháilte úsáid chuí chuig na IBDanna Craolta agus Foilsitheoireachta.

Chun críocha anailís na míre IBD, (na sceidil a leagtar amach ag 1(d)), nochtáitear costais an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha ar leithligh ó Theilifís agus Raidió.

Tugann RTÉNL sonraisc do gach IBD ar bhonn na samhla taraife foilsithe, agus corrlach san áireamh. Sonraisctear seirbhísi eile RTÉNL ag rátaí tráchtála iomchuí.

Sonraisceann Teilifís agus Raidió, Foilsitheoireacht d'fhógraíocht ama craolta ag rátaí margaidh oscailte.

Áirítear ar an eolas a thugtar i ndáil leis na IBDanna Teilifís agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha na costais agus muirir i dtaca le hoibleagáid reachtúil RTÉ clár a sholáthar do TG4 de réir pholasaí an Rialtais (féach 1(e) thíos).

Luaitear sócmhainní agus dliteanais de réir IBD tar éis deireadh a chur le sócmhainní agus dliteanais idirchuideachta agus aon bhrabús idirchuideachta de bharr aistriithe inmheánacha, ag 1(f) thíos.

1. Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(c) Anailís eile

Anailís ar ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí seirbhíse neamhphoiblí.

Sna scéidil atá leagtha amach ag 1(e), tuairiscítear costais agus ioncam tráchtála laistigh de chainéil, seirbhísí agus seánraí craoltóireachta ar bhealach a thagann leis na príonsabail chéanna a úsáidtear chun ioncam agus costais IBD a thuairisciú.

Chun críocha na hanailíse míre cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta seo, tá costais an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha leithdháilte go hiomlán ar na cainéil iomchuí Teilifíse agus Raidió ar bhonn na húsáide iomchuí agus de réir phríonsabail chuntasaíochta costais a bhíonn curtha i bhfeidhm go leanúnach agus inchosanta go hoibiachtúil.

Seachas na costais leithdháilte an aschuir nuachta a sholáthraítear do RTÉ 2fm, clúdaíonn ioncam ón Táille Cheadúnais leithdháilte costais iomlán an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha.

Déantar ioncam ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh go comhuaineach ar na cainéil seirbhíse poiblí agus ar na seirbhísí sin lena mbaineann cumas teoranta chun ioncam tráchtála a ghiniúint ina gceart féin agus a dhéantar a mhaoiniú ag ioncam ón Táille Cheadúnais, mar atá riachtanach, d'fhonn seachadadh leanúnach na seirbhíse poiblí a éascú. Tá na seirbhísí faoi shaincheist comhdhéanta de Ghrúpaí Oiríde RTÉ, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus RTÉ lyric fm.

Ní bhíonn aon ioncam ón Táille Cheadúnais leithdháilte ar RTÉ 2fm. Tá RTÉ ag féachaint leis an gcainéal seirbhíse poiblí seo a fheidhmiú is é mar chuspóir aige ioncam tráchtála dóthanach a chruthú chun a chuid costas ar fad a chlúdach agus chun barrachas a chruthú. Bhí laghdúithe suntasacha in ioncam tráchtála mar thoradh ar dhrochchoinníollacha eacnamaíochta in 2009 agus in 2010, agus dá bhrí sin tabhaíodh easnamh i bhfeidhmiú an chainéil.

Tá maoiniú chostais RTÉ Radio 1 comhdhéanta de:

- fógraíocht agus urraíocht RTÉ Radio 1;
- barrachais arna nginiúint ag gníomhaíochtaí tráchtála IBD Raidió neamhchainéil;

leis an iarmhéid déanta as leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais a bhíonn comhdhéanta de dhá ghné:

- suim chomhionann le costas leithdháilte na seirbhísí a sholáthraítear do RTÉ Radio 1 tríd an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha; agus
- ranníocaíocht chomhardaithe i dtreo chostais léiriúcháin na gclár de dhéantús Éireannach a chraoltar ar RTÉ Radio 1.

Tar éis na leithdháilte a bhfuil tuairisc thuas orthu a aisebhaint, déantar fuíollach an ioncaim ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh mar ranníocaíocht i dtreo chostais léiriúcháin na gclár de dhéantús Éireannach ar an dá chainéal teilifíse seirbhíse poiblí de chuid RTÉ, is iad sin RTÉ One agus RTÉ Two. Déantar an méid a leithdháiltear ar gach cainéal a ríomh faoi threoir chostais chomhréireacha na gclár de dhéantús Éireannach do gach cainéal. Ní leithdháiltear aon ghné d'ioncam ón Táille Cheadúnais ar chostais na gclár cheannaithe a mhaoiniú nó ar chostais oibriúcháin na seirbhísí poiblí neamh-chláir a thabhaíonn na cainéil.

Ní bhíonn ioncam ón Táille Cheadúnais leithdháilte go díreach ar Fhoilsitheoireacht RTÉ, Líonra RTÉ, Ceannáras Corparáideach nó ar aon gníomhaíocht nó seirbhís neamh-chainéil eile. Mar thoradh air sin, ní leithdháiltear aon ghné den ioncam ón Táille Cheadúnais ar sheirbhísí poiblí Ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce RTÉ, a ndéantar a mhaoiniú faoi láthair ag barrachais ó gníomhaíochtaí tráchtála agus sin amháin.

Cuirtear na gníomhaíochtaí iarmharacha neamh-chainéil agus neamh-sheirbhíse le chéile faoin gcatagóir "Eile" agus áirtítear orthu IBD Líonra RTÉ, IBD Foilsitheoireachta RTÉ (gan gníomhaíochtaí "Ar líne" san áireamh), gníomhaíochtaí neamh-chainéil laistigh de IBD Teilifíse RTÉ nó de IBD Raidió RTÉ.

Tá na scéidil a leagtar amach ag 1(e) curtha in ord a dhéanann na costais agus ioncam a bhaineann le gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamh-phoiblí éagsúla a léiriú agus a dheighilt go soiléir chun críocha tuairiscithe. Mar a luadh níos tús sa tuarascáil seo, de bharr go bhfuil an costas do RTÉ maidir leis an raon iomlán gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí a sholáthar go mór os cionn an méid ioncaim ón Táille Cheadúnais, ní féidir a sheachaint go maoiníonn ioncam tráchtála seachas maoiniú poiblí cion mhór de gníomhaíocht seirbhíse poiblí RTÉ. Tá seirbhísí poiblí ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce á mhaoiniú go hiomlán faoi láthair ag ioncam tráchtála a ghintear trí gníomhaíochtaí eile agus mar sin ní tharraingíonn siad aon leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais.

Eolas Geografach

Freastalaíonn seirbhísí poiblí RTÉ ar shochoaí na hÉireann agus tá a gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha laistigh de Phoblacht na hÉireann den chuid is mó.

Agus eolas á chur i láthair ar bhonn mhír tíreolaíoch, tá ioncam míre bunaithe ar an suíomh tíreolaíoch ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil nó ina soláthraítear na hearraí. Tá sócmhainní míre bunaithe ar shuíomh tíreolaíoch na sócmhainní.

Anailís ar mhuirir líonra ar sheirbhísí RTÉ go léir

In alt 1(g) thíos, déantar na suimeanna arna ngearradh ag RTÉNL ar gach ceann de sheirbhísí RTÉ a aithint go haonair.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(d) Ioncam, costais agus (easnamh)/ barrachas de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha) ag teacht le struchtúr eagraíochtúil RTÉ, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010:

	MÍREANNA TUAIRISCITHE						EILE			Iomlán don Ghrúpa €'000
	IBD Teilifíse €'000	IBD Raidió €'000	IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha €'000	IBD Grúpaí Oifide €'000	IBD Líonra €'000	IBD Foilsitheoir-eachta €'000	Ceannáras Corparáideach €'000	Mir Eisceachtúil €'000	Coigeartuithe Comhdhúlthachán* €'000	
Ioncam										
Ioncam ó Fhógraíochta	100,532	27,724	-	-	-	5,704	-	-	(1,313)	132,647
Ioncam ó Úrraíocht	6,236	1,913	-	30	-	750	-	-	-	8,929
Ioncam ó Shaoráidí	1,632	187	-	350	-	-	-	-	(355)	1,814
Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí	-	-	-	1,781	-	4,566	-	-	-	6,347
Ioncam ó tharchur, crann agus túir	-	-	-	-	27,239	-	-	-	(12,154)	15,085
Díolachan ábhair, earraí agus nithe gaolmhara	4,674	1,813	-	39	-	6,243	-	-	(2,154)	10,615
Ioncam tráchtála eile	242	-	-	-	-	20	40	-	(40)	262
Ioncam tráchtála	113,316	31,637	-	2,200	27,239	17,283	40	-	(16,016)	175,699
Leithdháileadh ioncain ón Táille Cheadúnais	104,387	28,665	50,243	12,673	-	-	-	-	-	195,968
	217,703	60,302	50,243	14,873	27,239	17,283	40	-	(16,016)	371,667
Costais de réir chatagóir aschuir										
Costais clár – de réir foinse										
Léirithe intí	(99,124)	(50,095)	(52,032)	-	-	-	-	-	1,055	(200,196)
Coimisiúin reachtúla	(39,478)	(686)	-	-	-	-	-	-	-	(40,164)
Coimisiúin neamh-reachtúla	(17,410)	-	-	-	-	-	-	-	2	(17,408)
Cláir a dhéantar in Éirinn	(156,012)	(50,781)	(52,032)	-	-	-	-	-	1,057	(257,768)
Cláir cheannaithe - Éire	(650)	-	-	-	-	-	-	-	-	(650)
Cláir cheannaithe - thar lear	(23,849)	-	-	-	-	-	-	-	-	(23,849)
	(180,511)	(50,781)	(52,032)	-	-	-	-	-	1,057	(282,267)
Costais chraolacháin & tarchuir ghinearálta	(22,623)	(2,494)	(407)	-	(21,605)	-	-	-	872	(46,257)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(6,442)	(4,667)	-	-	-	-	-	-	11,109	-
Costais dhíolacháin	(6,018)	(2,791)	-	-	-	(3,618)	-	-	2,632	(9,795)
Costais eile a bhaineann le haschur	(3,969)	(902)	-	(14,873)	-	(15,527)	-	-	1,027	(34,244)
	(219,563)	(61,635)	(52,439)	(14,873)	(21,605)	(19,145)	-	-	16,697	(372,563)
Ioncam agus costais neamhdháilte										
Muirear Athstruchtúrtha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	(3,978)	-	(141)	(4,119)
Ús iníochta	-	-	-	-	-	-	(650)	-	-	(650)
Ús infhaighte	1	-	-	-	174	-	1,562	-	-	1,737
(Easnamh) / barrachas IBD	(1,859)	(1,333)	(2,196)	-	5,808	(1,862)	(3,026)	-	540	(3,928)
Glan-costas airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe										116
Easnamh roimh cháin ioncain										(3,812)
Cháin ioncain										(850)
Easnamh don bhliain										(4,662)

* Deireach a chur le hioncam idirghrúpa agus costais

Nochtadh Deighilteach Breise

Tá ioncam tráchtála comhdhéanta de:

Custaiméirí Seachtracha	110,670	31,328	-	2,200	15,085	16,416	-	-	-	175,699
Ioncam ó mhíreanna oibríochta eile	2,646	309	-	-	12,154	867	-	-	(15,976)	-
	113,316	31,637	-	2,200	27,239	17,283	-	-	(15,976)	175,699

Is ionann custaiméirí amháin ar mhíreanna tuairiscithe Teilifíse, Raidió agus Foilsitheoireachta agus €39 milliún d'ioncam iomlán an ghrúpa agus is ionann custaiméirí amháin ar na míreanna tuairiscithe ar fad agus €202 milliún d'ioncam iomlán an ghrúpa.

Áirítear ar na míreanna ábhartha nach míreanna airgid iad i gcostais mhíreanna:

Difríocht idir muirear phinsin agus ranníoca airgid thirim	585	310	272	102	38	14	-	-	-	1,321
--	-----	-----	-----	-----	----	----	---	---	---	-------

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(d) Ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha) ag teacht le struchtúr eagraíochtúil RTÉ, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009:

	MÍREANNA TUAIRISCITHE						EILE			Iomlán don Ghrúpa €'000
	IBD Teilifíse €'000	IBD Raidió €'000	IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha €'000	IBD Grúpaí Oifride €'000	IBD Lionra €'000	IBD Foilsitheoir- eachta €'000	Ceannáras Corparáideach €'000	Mir Eisceachtúil €'000	Coigeartuithe Comhdhúlacháin* €'000	
Ioncam										
Ioncam ó Fhógraíochta	99,411	29,811	-	3	-	4,104	-	-	(1,658)	131,671
Ioncam ó Úrraíocht	5,888	2,040	-	113	-	910	-	-	-	8,951
Ioncam ó Shaoráidí	1,663	242	-	304	-	-	-	-	(436)	1,773
Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí	-	-	-	1,979	-	4,644	-	-	-	6,623
Ioncam ó tharchur, crann agus túir	-	-	-	-	27,862	-	-	-	(12,802)	15,060
Díolachan ábhair, earraí agus nithe gaolmhara	4,748	1,831	-	48	-	5,702	-	-	(1,905)	10,424
Ioncam tráchtála eile	133	-	-	-	-	69	40	-	(40)	202
Ioncam tráchtála	111,843	33,924	-	2,447	27,862	15,429	40	-	(16,841)	174,704
Leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais	99,740	34,563	52,520	13,394	-	-	-	-	-	200,217
	211,583	68,487	52,520	15,841	27,862	15,429	40	-	(16,841)	374,921
Costais de réir chatagóir aschuir										
Costais clár – de réir foine										
Léirithe intí	(100,086)	(55,547)	(54,682)	-	-	-	-	-	1,149	(209,166)
Coimisiúin reachtúla	(37,222)	-	-	-	-	-	-	-	-	(37,222)
Coimisiúin neamh-reachtúla	(22,863)	-	-	-	-	-	-	-	6	(22,857)
Clár a dhéantar in Éirinn	(160,171)	(55,547)	(54,682)	-	-	-	-	-	1,155	(269,245)
Clár cheannaithe - Éire	(391)	-	-	-	-	-	-	-	-	(391)
Clár cheannaithe - thar lear	(24,975)	-	-	-	-	-	-	-	-	(24,975)
	(185,537)	(55,547)	(54,682)	-	-	-	-	-	1,155	(294,611)
Costais chraolacháin & tarchuir ghinearálta	(23,837)	(3,772)	(261)	-	(19,859)	-	-	-	1,636	(46,093)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(6,833)	(4,940)	-	-	-	-	-	-	11,773	-
Costais dhíolacháin	(6,590)	(2,742)	-	-	-	(2,810)	-	-	2,738	(9,404)
Costais eile a bhaineann le haschur	(4,717)	(762)	(4)	(15,841)	-	(14,258)	-	-	175	(35,407)
	(227,514)	(67,763)	(54,947)	(15,841)	(19,859)	(17,068)	-	-	17,477	(385,515)
Ioncam agus costais neamhdháilte										
Muirear Athstruchtúrtha	-	-	-	-	-	-	-	(11,341)	-	(11,341)
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	(3,769)	-	(145)	(3,914)
Ús infíochta	-	-	-	-	-	-	(625)	-	-	(625)
Ús infhaighte	16	-	-	-	347	-	1,463	-	-	1,826
(Easnamh) / barrachas IBD	(15,915)	724	(2,427)	-	8,350	(1,639)	(2,891)	(11,341)	491	(24,648)
Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe										(2,814)
Easnamh roimh cháin ioncaim										(27,462)
Cháin ioncaim										(339)
Easnamh don bhliain										(27,801)

* Deireach a chur le hioncam idirghrúpa agus costais

Nochtadh Deighilteach Breise

Tá ioncam tráchtála comhdhéanta de:

Custaiméirí Seachtracha	108,302	33,466	-	2,447	15,060	15,429	-	-	-	174,704
Ioncam ó mhíreanna oibríochta eile	3,541	458	-	-	12,802	-	-	-	(16,801)	-
	111,843	33,924	-	2,447	27,862	15,429	-	-	(16,801)	174,704

Is ionann custaiméirí amháin ar na míreanna tuairiscithe agus €205 milliún d'ioncam iomlán an ghrúpa.

Áirítear ar na míreanna ábhartha nach míreanna airgid iad i gcostais mhíreanna:

Difríocht idir muirear phinsin agus ranníoca airgid thirim	646	358	315	111	40	15	-	-	-	1,485
--	-----	-----	-----	-----	----	----	---	---	---	-------

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(e) Anailís ar ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí seirbhíse neamhphoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010:

	RTÉ One €'000	RTÉ Two €'000	RTÉ Radio 1 €'000	RTÉ 2fm €'000	RTÉ lyric fm €'000	RTÉ RnaG €'000	Tacaíocht do TG4 €'000	Grúpaí Oifide €'000	Ceannáras Corparáideach €'000	Seirbhísí Ar Line €'000	Eile €'000	Mír Eisceachtúil €'000	Coigeartuithe Comhdhlúthacháin €'000	lomlán don Ghrúpa €'000
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ														
Costais chláir a dhéantar in Éirinn														
Léiriú intí	(73,888)	(58,947)	(32,720)	(11,240)	(6,349)	(10,661)	(8,869)	-	-	(577)	-	-	1,055	(200,196)
Coimisiúin reachtúla	(30,289)	(8,524)	(411)	(138)	(34)	(103)	(665)	-	-	-	-	-	-	(40,164)
Coimisiúin Neamh-reachtúla	(13,531)	(2,280)	-	-	-	-	(1,340)	-	-	(259)	-	-	2	(17,408)
	(117,708)	(69,751)	(33,131)	(11,378)	(6,383)	(10,764)	(8,874)	-	-	(836)	-	-	1,057	(257,768)
Costais clár - de réir seánra														
Ealaíona	(1,827)	-	(1,800)	-	(198)	(79)	-	-	-	-	-	-	4	(3,900)
Oideachas	(1,186)	-	-	(9)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(1,195)
Creideamh	(3,277)	-	(588)	-	-	(107)	-	-	-	-	-	-	1	(3,971)
Clár fíorasacha eile	(27,574)	(1,743)	(1,665)	-	(219)	(1,313)	(806)	-	-	(41)	-	-	125	(33,236)
Fíorasach	(33,864)	(1,743)	(4,053)	(9)	(417)	(1,499)	(806)	-	-	(41)	-	-	130	(42,302)
Drámaíocht	(27,392)	(624)	(541)	-	-	(1)	(426)	-	-	(212)	-	-	5	(29,191)
Siamsaíocht	(21,656)	(6,550)	(2,916)	(4,241)	(721)	(954)	(1,157)	-	-	(6)	-	-	35	(38,166)
Ceol	(1,104)	(620)	(6,224)	(4,804)	(4,614)	(1,531)	-	-	-	-	-	-	119	(18,778)
Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	(32,881)	(2,658)	(15,529)	(2,190)	(571)	(5,453)	(5,842)	-	-	-	-	-	724	(64,400)
Spórt	(811)	(46,801)	(3,868)	(134)	-	(1,071)	(9)	-	-	-	-	-	28	(52,666)
Clár do Dhaoine Óga	-	(10,755)	-	-	(60)	(255)	(634)	-	-	(577)	-	-	16	(12,265)
Eile	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Clár a dhéantar in Éirinn	(117,708)	(69,751)	(33,131)	(11,378)	(6,383)	(10,764)	(8,874)	-	-	(836)	-	-	1,057	(257,768)
Costais aschuir neamh-chraolacháin a dhéantar in Éirinn														
	-	-	-	-	-	-	-	(14,873)	-	(6,074)	-	-	137	(20,810)
	(117,708)	(69,751)	(33,131)	(11,378)	(6,383)	(10,764)	(8,874)	(14,873)	-	(6,910)	-	-	1,194	(278,578)
Maoiniú poiblí														
Ioncam ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh	85,967	50,943	18,439	-	7,085	11,928	8,933	12,673	-	-	-	-	-	195,968
	(31,741)	(18,808)	(14,692)	(11,378)	702	1,164	59	(2,200)	-	(6,910)	-	-	1,194	(82,610)
Costais gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile de réir chatagóir aschuir														
Clár cheannaithe														
- Éire	(615)	(35)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(650)
- thar lear	(12,786)	(11,063)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(23,849)
Costais chraolacháin agus tarchuir ghinearálta	(11,712)	(11,147)	(1,424)	(759)	(192)	(223)	(59)	-	-	-	-	-	141	(25,375)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(3,221)	(3,221)	(1,844)	(941)	(941)	(941)	-	-	-	-	-	-	-	(11,109)
	(28,334)	(25,466)	(3,268)	(1,700)	(1,133)	(1,164)	(59)	-	-	-	-	-	141	(60,983)
Ioncaim agus costais neamhdháilte														
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	-	-	(3,978)	-	-	-	(141)	(4,119)
Glan-ús infhaighte	-	-	-	-	-	-	-	-	912	-	175	-	-	1,087
Ioncaim airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	116	-	-	116
Easnamh ar gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí														
	(60,075)	(44,274)	(17,960)	(13,078)	(431)	-	-	(2,200)	(3,066)	(6,910)	291	-	1,194	(146,509)
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE NEAMH-Phoiblí														
Ioncam tráchtála														
Ioncam seachtarach	73,948	32,542	19,380	10,997	484	-	-	2,200	-	3,108	33,040	-	-	175,699
Ioncam Inmheánach	212	161	75	-	-	-	-	-	40	735	14,793	-	(16,016)	-
	74,160	32,703	19,455	10,997	484	-	-	2,200	40	3,843	47,833	-	(16,016)	175,699
Costais oibriúcháin seirbhíse neamh-phoiblí														
Costais chraolacháin agus tarchuir ghinearálta	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(21,613)	-	731	(20,882)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	11,109	11,109
Costais dhíolacháin	(4,152)	(1,866)	(1,809)	(929)	(53)	-	-	-	-	(849)	(2,769)	-	2,632	(9,795)
Costais Eile a bhaineann le hAschur	-	-	-	(217)	-	-	-	-	-	-	(14,107)	-	890	(13,434)
	(4,152)	(1,866)	(1,809)	(1,146)	(53)	-	-	-	-	(849)	(38,489)	-	15,362	(33,002)
Rannchuidiú ó gníomhaíochtaí seirbhíse neamh-phoiblí														
	70,008	30,837	17,646	9,851	431	-	-	2,200	40	2,994	9,344	-	(654)	142,697
Diúscairt Sócmhainní	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Glan (easnamh) / bharrachas roimh cháin ioncaim														
	9,933	(13,437)	(314)	(3,227)	-	-	-	-	(3,026)	(3,916)	9,635	-	540	(3,812)
Cáin ioncaim	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(850)	-	-	(850)
(Easnamh) / Barrachas don bhliain														
	9,933	(13,437)	(314)	(3,227)	-	-	-	-	(3,026)	(3,916)	8,785	-	540	(4,662)

Áirítear ar ioncam tráchtála seachtarach €1.4 milliún ó dhíolacháin lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(e) Anailís ar ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí seirbhíse neamhphoiblí don bhliain dar chrioach 31 Nollaig 2009:

	RTÉ One €'000	RTÉ Two €'000	RTÉ Radio 1 €'000	RTÉ 2fm €'000	RTÉ lyric fm €'000	RTÉ RnaG €'000	Tacaíocht do TG4 €'000	Grúpaí Oifige €'000	Ceannáras Corparáideach €'000	Seirbhísí Ar Line €'000	Eile €'000	Mir Eisceachtúil €'000	Coigeartuithe Comhdhlúthacháin €'000	lomlán don Ghrúpa €'000
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ														
Costais chlár a dhéantar in Éirinn														
Léiriú intí	(80,621)	(55,398)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(7,108)	-	-	(121)	-	-	1,149	(209,166)
Coimisiúin reachtúla	(29,493)	(6,543)	-	-	-	-	(1,186)	-	-	-	-	-	-	(37,222)
Coimisiúin Neamh-reachtúla	(17,305)	(2,923)	-	-	-	-	(2,232)	-	-	(403)	-	-	6	(22,857)
	(127,419)	(64,864)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(10,526)	-	-	(524)	-	-	1,155	(269,245)
Costais clár – de réir seánra														
Ealaíona	(1,065)	-	(2,223)	-	(322)	(56)	-	-	-	-	-	-	95	(3,571)
Oideachas	(1,176)	-	-	(9)	(69)	(69)	-	-	-	-	-	-	2	(1,321)
Creideamh	(3,725)	-	(675)	-	-	(86)	-	-	-	-	-	-	26	(4,460)
Clár fíorasacha eile	(33,676)	(1,076)	(2,139)	-	(201)	(2,416)	(1,634)	-	-	-	-	-	96	(41,046)
Fíorasach	(39,642)	(1,076)	(5,037)	(9)	(592)	(2,627)	(1,634)	-	-	-	-	-	219	(50,398)
Drámaíocht	(31,555)	(420)	(540)	-	-	(65)	(426)	-	-	(403)	-	-	17	(33,392)
Siamsaíocht	(19,634)	(6,156)	(3,264)	(2,112)	(412)	(538)	(1,605)	-	-	-	-	-	46	(33,675)
Ceol	(1,194)	(761)	(7,042)	(6,506)	(5,108)	(1,535)	-	-	-	-	-	-	92	(22,054)
Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	(34,601)	(3,189)	(16,056)	(3,847)	(558)	(5,000)	(5,954)	-	-	-	-	-	706	(68,499)
Spórt	(793)	(39,413)	(4,302)	(108)	-	(1,237)	(9)	-	-	-	-	-	21	(45,841)
Clár do Dhaoine Óga	-	(13,849)	-	(1)	(40)	(531)	(898)	-	-	(121)	-	-	54	(15,386)
Eile	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Clár a dhéantar in Éirinn	(127,419)	(64,864)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(10,526)	-	-	(524)	-	-	1,155	(269,245)
Costais aschuir neamh-chraolacháin a dhéantar in Éirinn														
	(127,419)	(64,864)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(10,526)	(15,841)	-	(4,653)	-	-	19	(20,475)
	(127,419)	(64,864)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(10,526)	(15,841)	-	(5,177)	-	-	1,174	(289,720)
Maoiniú poiblí														
Ioncam ón Táille														
Cheadúnais a leithdháileadh	87,796	44,693	23,495	-	7,482	12,758	10,599	13,394	-	-	-	-	-	200,217
	(39,623)	(20,171)	(12,746)	(12,583)	772	1,225	73	(2,447)	-	(5,177)	-	-	1,174	(89,503)
Costais gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile de réir chatagóir aschuir														
Clár cheannaithe														
- Éire	(306)	(85)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(391)
- thar lear	(14,402)	(10,573)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(24,975)
Costais chraolacháin agus tarchuir ghinearálta														
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(3,416)	(3,416)	(1,954)	(996)	(995)	(996)	-	-	-	-	-	-	-	(11,773)
	(30,840)	(25,333)	(4,094)	(2,023)	(1,431)	(1,225)	(73)	-	-	-	-	-	1,636	(63,383)
Ioncaim agus costais neamhdháilte														
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	-	-	(3,769)	-	-	-	(145)	(3,914)
Glan-ús infhaighte	-	-	-	-	-	-	-	-	838	-	363	-	-	1,201
Ioncaim airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe														
	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(2,814)	-	-	(2,814)
Easnamh ar gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí														
	(70,463)	(45,504)	(16,840)	(14,606)	(659)	-	-	(2,447)	(2,931)	(5,177)	(2,451)	-	2,665	(158,413)
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE NEAMH-POIBLÍ														
Ioncam tráchtála														
Ioncam seachtrach	72,315	31,558	17,870	14,457	694	-	-	2,447	-	2,464	32,899	-	-	174,704
Ioncam Imheánach	996	537	126	-	-	-	-	-	40	-	15,142	-	(16,841)	-
	73,311	32,095	17,996	14,457	694	-	-	2,447	40	2,464	48,041	-	(16,841)	174,704
Costais oibriúcháin seirbhíse neamh-phoiblí														
Costais chraolacháin agus tarchuir ghinearálta														
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	11,773	11,773
Costais dhíolacháin	(4,609)	(1,981)	(1,428)	(1,280)	(35)	-	-	-	-	(445)	(2,364)	-	2,738	(9,404)
Costais Eile a bhaineann le hAschur	-	-	-	(259)	-	-	-	-	-	-	(14,829)	-	156	(14,932)
	(4,609)	(1,981)	(1,428)	(1,539)	(35)	-	-	-	-	(445)	(37,042)	-	14,667	(32,412)
Rannchuidiú ó gníomhaíochtaí seirbhíse neamh-phoiblí														
Muirear Athstruchtúrtha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(11,341)	-	(11,341)
Glan bharrachas/(easnamh) roimh cháin ioncaim														
	(1,761)	(15,390)	(272)	(1,688)	-	-	-	-	(2,891)	(3,158)	8,548	(11,341)	491	(27,462)
Cáin ioncaim (Easnamh)/Barrachas don bhliain														
	(1,761)	(15,390)	(272)	(1,688)	-	-	-	-	(2,891)	(3,158)	8,209	(11,341)	491	(27,801)

Áirítear ar ioncam tráchtála seachtrach €1.1 milliún ó dhíolacháin lasmuigh de Phoblacht na hÉireann (athlúithe).

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(f) Sócmhainní, dlíteanais agus eolas eile de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha) ag teacht le struchtúr eagraíochtúil RTÉ

	IBD Teilifíse €'000	IBD Raidió €'000	IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha €'000	IBD Líonra €'000	IBD Foilsitheoir- eachta €'000	IBD Grúpaí Oifide €'000	IBD Neamhdháilte ¹ €'000	Iomlán an Ghrúpa €'000
An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010								
Sócmhainní míre	92,533	13,273	7,147	72,628	7,142	1,151	-	193,874
Sócmhainní neamhdháilte	-	-	-	-	-	-	59,621	59,621
Sócmhainní iomlána	92,533	13,273	7,147	72,628	7,142	1,151	59,621	253,495
Dlíteanais mhíre	(48,563)	(4,152)	(1,587)	(12,527)	(4,329)	(447)	-	(71,605)
Dlíteanais neamhdháilte	-	-	-	-	-	-	(44,591)	(44,591)
Dlíteanais iomlána	(48,563)	(4,152)	(1,587)	(12,527)	(4,329)	(447)	(44,591)	(116,196)
Caiteachas caipítíl	2,524	749	515	8,453	481	163	-	12,885
Dímheas maoiné, innealra agus trealaimh	6,670	2,698	2,212	6,743	466	299	(540)	18,548
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	968	585	99	27	161	12	-	1,852

	IBD Teilifíse €'000	IBD Raidió €'000	IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha €'000	IBD Líonra €'000	IBD Foilsitheoir- eachta €'000	IBD Grúpaí Oifide €'000	IBD Neamhdháilte ¹ €'000	Iomlán an Ghrúpa €'000
An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009								
Sócmhainní míre	100,777	15,451	8,651	83,838	5,814	1,090	-	215,621
Sócmhainní neamhdháilte	-	-	-	-	-	-	46,365	46,365
Sócmhainní iomlána	100,777	15,451	8,651	83,838	5,814	1,090	46,365	261,986
Dlíteanais mhíre	(44,303)	(4,085)	(1,602)	(11,775)	(3,447)	(705)	-	(65,917)
Dlíteanais neamhdháilte	-	-	-	-	-	-	(50,634)	(50,634)
Dlíteanais iomlána	(44,303)	(4,085)	(1,602)	(11,775)	(3,447)	(705)	(50,634)	(116,551)
Caiteachas caipítíl	2,376	330	704	11,555	278	(12)	-	15,231
Dímheas maoiné, innealra agus trealaimh	12,609	3,697	2,540	5,143	652	387	(491)	24,537
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	827	367	122	16	144	12	-	1,488

¹ Tá sócmhainní neamhdháilte comhdhéanta go príomha d'infheistíochtaí airgid agus leachtacha, agus an barrachas achtúireach ar Scéim Aoisliúntais RTÉ agus ar Scéim Pinsean Roinnte Riosca *50/50*. Tá dlíteanais neamhdháilte comhdhéanta go príomha de dlíteanais airgeadais eile i dteannta sochair agus soláthairtí fostaithe.

Tá €1.2 milliún i sócmhainní iomlána lasmuigh de Phoblacht na hÉireann in 2010 (2009: €1.6 milliún).

(g) Anailís ar mhuirir líonra ar sheirbhísí RTÉ go léir

	2010 €'000	2009 €'000
RTÉ One	3,778	3,888
RTÉ Two	3,284	3,502
RTÉ Radio 1	1,942	2,157
RTÉ 2fm	956	1,037
RTÉ lyric fm	965	1,027
RTÉ Raidió na Gaeltachta	1,107	1,127
	12,032	12,738

2 Costais oibriúcháin

	2010 €'000	2009 €'000
Costais fostaithe (nóta 5)	152,955	161,294
Costais eile a bhaineann le pearsanra (lena n-áirítear conraitheoirí)	33,667	34,103
Costais oibriúcháin a bhaineann le pearsanra	186,622	195,397
Costais clár teilifíse choimisiúnaithe go díreach	52,100	52,845
Costais clár cheannaithe go díreach	23,908	24,455
Cóipchearta spóirt agus eile	24,589	16,541
Conarthaí craolacháin seachtracha	6,770	6,142
Ciorcaid chumarsáide	3,544	3,320
Costais chlódóireachta an RTÉ Guide agus costais eile a bhaineann le clódóireacht	2,152	2,378
Leictreachas líonra	2,666	2,609
Ceadúnais cheoil	6,433	7,462
Polasaithe árachais	1,138	1,514
Costais tríú páirtí eile	46,275	50,705
Costais oibriúcháin nach mbaineann le pearsanra roimh dímheas agus amúchadh	169,575	167,971
Dímheas agus amúchadh	20,400	26,025
Costais oibriúcháin nach mbaineann le pearsanra	189,975	193,996
Costais oibriúcháin iomlána roimh mhír eisceachtúil (notá 6)	376,597	389,393

3 Ioncam agus costas airgeadais

	2010 €'000	2009 €'000
Ioncam úis ar thaiscí bainc	1,737	1,826
Ioncam airgeadais	1,737	1,826
Díscaoileadh na lascaine ar sholáthar athstruchtúrtha (nóta 18)	(650)	(625)
Cailteanas luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	(85)	(36)
Costas airgeadais	(735)	(661)
Toradh ionchasach ar shócmhainní scéime (nóta 19)	41,063	44,872
Costas úis ar dhliteanais scéime (nóta 19)	(40,947)	(47,686)
Glanairgeadais ioncam/(costas) a bhaineann le pinsean sochair sainithe	116	(2,814)
Glanairgeadais ioncam/(costas) aitheanta sa ráiteas ioncam	1,118	(1,649)

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

4 Easnamh ar oibríochtaí leanúnacha roimh cháin ioncain

(a) Áirítear na suimeanna seo a leanas san easnamh ar oibríochtaí leanúnacha roimh cháin ioncain:

	2010 €'000	2009 €'000
Dímheas agus amúchadh		
- Dímheas maoinne, innealra agus trealaimh	18,548	24,537
- Amúchadh sócmhainní neamh-inláimhsithe	1,852	1,488
Cailliúint ar dhiúscairt maoinne, innealra agus trealaimh agus sócmhainní neamh-inláimhsithe	5	49
Cíosanna léasa oibríochta, feithiclí go príomha	30	70

Tá luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus an Phríomh-Stiúrthóra leagtha amach ar leathanach 51.

	2010 €'000	2009 ¹ €'000
(b) Luach saothair na n-iniúcháirí:		
Grúpa		
Iniúchadh ar an nGrúpa agus ar fho-chuntais	114	117
Seirbhísí dearbhaithe eile	84	69
Seirbhísí comhairleoireachta cánach	68	52
Seirbhísí neamh-iniúchta eile	111	72
	377	310

¹ Rinneadh eolas comparáideach faoi Alt 161D d'Acht na gCuideachtaí 1963 a athluadh trí thagairt a dhéanamh do Rialachán 120 den Ionstraim Reachtuil 220 de 2010 (SI220)

	2010 €'000	2009 €'000
RTÉ		
Iniúchadh ar chuntais chuideachta RTÉ	90	93
Seirbhísí dearbhaithe eile	79	60
Seirbhísí comhairleoireachta cánach	57	51
Seirbhísí neamh-iniúchta eile	9	54
	236	258

5 Eolas maidir le fostaithe

B'ionann costais foirne an ghrúpa le linn na bliana agus:

	2010 €'000	2009 €'000
Pá agus tuarastail	130,266	137,240
Costais leasa shóisialaigh	9,235	9,798
Costais phinsin agus árachais saoil	13,454	14,256
	152,955	161,294

Seo a leanas líon **iomlán** na bhfostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus ócáideacha sa Ghrúpa agus a gcomhionann lán-aimseartha, amhail an 31 Nollaig:

	Líon fostaithe		Comhionann lán-aimseartha	
	2010	2009	2010	2009
Grúpa RTÉ	2,151	2,214	1,987	2,035

Seo a leanas an **meánlíon bliantúil** d'fhostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus ócáideacha le linn na bliana:

	2010	2009
Grúpa RTÉ	2,151	2,297

6 Mír Eisceachtúil

	2010 €'000	2009 €'000
Muirear Athstruchtúrtha	-	11,341
	-	11,341

Bhain an muirear athstruchtúrtha in 2009 le tabhairt isteach Saoráid Luath-Scoir agus Iomarcaíochta agus an Scéim Sosa Gairme Dreasaíthe / Saoire Neamhláithreachta.

7 Costas Cánach Ioncain

	2010 €'000	2009 €'000
Costas / (Creidmheas) cánach reatha		
Cáin chorparáide reatha	1,624	-
Fo / (Ró) - sholáthar ó thréimhse roimhe seo	1	(402)
	1,625	(402)
(Creidmheas) / Costas cánach iarchurtha		
Bunús agus cúlú difríochtaí sealadacha (notá 20)	(775)	741
	(775)	741
Costas cánach ioncain iomlán	850	339
Imréiteach ráta cánach éifeachtach	2010 €'000	2009 €'000
Easnamh roimh cáin ioncain san áireamh méadaithe faoi 12.5%, an ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn (2009: 12.5%)	(477)	(3,433)
Tionchair:		
Ioncam incháinithe ag an ard-ráta cánach	217	150
Cailteanais ar aghaidh a aithint	(415)	-
Difríochtaí eile	152	120
Difríochtaí buana	1,372	2,015
Tabhairt siar na gcaillteanas chuig an mbliain roimhe sin	-	361
Cailteanais trádála na bliana reatha nár aithníodh aon cháin iarchurtha leis	-	1,528
Fo / (Ró) - sholáthar ó thréimhse roimhe seo	1	(402)
Costas cánach ioncain iomlána	850	339
Cáin iarchurtha aitheanta go díreach i gcothramas		
Ag baint le sócmhainn pinsin (nóta 20)	668	(1,151)
	668	(1,151)

Tá ioncam ón Táille Cheadúnais a fhaigheann RTÉ trí "dheontas-i-gcabar" faoi réir cháin chorparáide le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Tá cailliúintí cánach corparáide ar an nGrúpa an 31 Nollaig 2010 de €540 milliún. Mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis an uair ar féidir na cailteanais a úsáid sa deireadh thiar, níor aithníodh socmhainn cánach iarchurtha ach amháin i leith coigeartuithe idirthréimhseacha IFRS i leith dliteanais chánach iarchurtha a aithníodh cheana féin (déan tagairt do nóta 20).

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

8 Maoin, innealra agus trealamh

Grúpa	Talamh agus foirgnimh €'000	Innealra agus trealamh €'000	Fearais agus feistis €'000	Tionscadail chaipitil ar bun €'000	lomlán €'000
Costas					
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2009	59,133	158,431	2,844	36,494	256,902
Breiseanna	-	-	-	14,005	14,005
Athranguithe	7,150	12,841	66	(20,057)	-
Diúscairtí agus scoir	(385)	(27,618)	(1,240)	-	(29,243)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2009	65,898	143,654	1,670	30,442	241,664
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	65,898	143,654	1,670	30,442	241,664
Breiseanna	-	-	-	12,415	12,415
Athranguithe	756	12,891	18	(13,665)	-
Diúscairtí agus scoir	(31)	(7,533)	(12)	-	(7,576)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2010	66,623	149,012	1,676	29,192	246,503
Dímheas					
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2009	34,525	111,441	2,005	-	147,971
Dímheas don bhliain	10,623	13,686	228	-	24,537
Diúscairtí agus scoir	(384)	(27,506)	(1,240)	-	(29,130)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2009	44,764	97,621	993	-	143,378
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	44,764	97,621	993	-	143,378
Dímheas don bhliain	3,566	14,803	179	-	18,548
Diúscairtí agus scoir	(27)	(7,498)	(13)	-	(7,538)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2010	48,303	104,926	1,159	-	154,388
Glan-luach leabhair					
Amhail an 31 Nollaig 2009	21,134	46,033	677	30,442	98,286
Amhail an 31 Nollaig 2010	18,320	44,086	517	29,192	92,115

Tá athbhreithniú déanta ag Bord RTÉ ar luach carraireachta maoin, gléasra agus trealamh agus tá sé sásta gurb ionann na luachanna agus an méid atá thuasluaite ar a laghad.

RTÉ	Talamh agus foirgnimh €'000	Innealra agus trealamh €'000	Fearais agus feistis €'000	Tionscadail chaipitil ar bun €'000	lomlán €'000
Costas					
1 Eanáir 2009	51,393	81,730	2,607	14,255	149,985
Breiseanna	-	-	-	2,281	2,281
Athranguithe	6,910	5,680	66	(12,656)	-
Diúscairtí agus scoir	-	(21,738)	(1,037)	-	(22,775)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2009	58,303	65,672	1,636	3,880	129,491
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	58,303	65,672	1,636	3,880	129,491
Breiseanna	-	-	-	3,845	3,845
Athranguithe	637	5,349	18	(6,004)	-
Diúscairtí agus scoir	(22)	(2,723)	(6)	-	(2,751)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2010	58,918	68,298	1,648	1,721	130,585
Dímheas					
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2009	31,195	57,876	1,776	-	90,847
Dímheas don bhliain	10,355	9,124	226	-	19,705
Diúscairtí agus scoir	-	(21,714)	(1,037)	-	(22,751)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2009	41,550	45,286	965	-	87,801
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	41,550	45,286	965	-	87,801
Dímheas don bhliain	3,304	8,599	176	-	12,079
Diúscairtí agus scoir	(22)	(2,721)	(6)	-	(2,749)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2010	44,832	51,164	1,135	-	97,131
Glan-luach leabhair					
Amhail an 31 Nollaig 2009	16,753	20,386	671	3,880	41,690
Amhail an 31 Nollaig 2010	14,086	17,134	513	1,721	33,454

Tá athbhreithniú déanta ag Bord RTÉ ar luach carraireachta maoin, gléasra agus trealamh agus tá sé sásta gurb ionann na luachanna agus an méid atá thuasluaite ar a laghad.

9 Sócmhainní neamh-inláimhsithe

Grúpa

	Bogearraí €'000	Bogearraí á thógáil €'000	Iomlán €'000
Costas			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2009	7,228	689	7,917
Breiseanna	-	1,226	1,226
Athranguithe	1,761	(1,761)	-
Diúscairtí agus scoir	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2009	8,989	154	9,143
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	8,989	154	9,143
Breiseanna	-	470	470
Athranguithe	369	(369)	-
Diúscairtí agus scoir	(18)	-	(18)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010	9,340	255	9,595
Amúchadh agus cailteanais lagaithe			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2009	2,944	-	2,944
Amúchadh don bhliain	1,488	-	1,488
Diúscairtí agus scoir	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2009	4,432	-	4,432
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	4,432	-	4,432
Amúchadh don bhliain	1,852	-	1,852
Diúscairtí agus scoir	(18)	-	(18)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010	6,266	-	6,266
Glan-luach leabhair			
Amhail an 31 Nollaig 2009	4,557	154	4,711
Amhail an 31 Nollaig 2010	3,074	255	3,329

Tá athbheithníú déanta ag Bord RTÉ ar luach carraeireachta na sócmhainní neamh-inláimhsithe agus tá sé sásta gurb ionann na luachanna agus an méid atá thuasluaite ar a laghad.

RTÉ

	Bogearraí €'000	Bogearraí á thógáil €'000	Iomlán €'000
Costas			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2009	6,557	689	7,246
Breiseanna	-	1,136	1,136
Athranguithe	1,719	(1,719)	-
Diúscairtí agus scoir	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2009	8,276	106	8,382
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	8,276	106	8,382
Breiseanna	-	207	207
Athranguithe	185	(185)	-
Diúscairtí agus scoir	(18)	-	(18)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010	8,443	128	8,571
Amúchadh agus cailteanais lagaithe			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2009	2,804	-	2,804
Amúchadh don bhliain	1,356	-	1,356
Diúscairtí agus scoir	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2009	4,160	-	4,160
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	4,160	-	4,160
Amúchadh don bhliain	1,704	-	1,704
Diúscairtí agus scoir	(18)	-	(18)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010	5,846	-	5,846
Glan-luach leabhair			
Amhail an 31 Nollaig 2009	4,116	106	4,222
Amhail an 31 Nollaig 2010	2,597	128	2,725

Tá athbheithníú déanta ag Bord RTÉ ar luach carraeireachta na sócmhainní neamh-inláimhsithe agus tá sé sásta gurb ionann na luachanna agus an méid atá thuasluaite ar a laghad.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

10 Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

RTÉ	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	65,827
Breiseanna	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010	65,827

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag RTÉ amhail an 31 Nollaig 2010:

Fochuideachtaí	Scairchaipiteal i seilbh	Aicme gnó
RTÉ Commercial Enterprises Limited	100%	Foilseacháin agus gníomhaíochtaí tráchtála eile
RTÉ Music Limited	100%	Foilsitheoireacht ceoil
RTÉ Transmission Network Limited	100%	Bainistiú sócmhainní líonra tarchuir
RTÉ Licence Collections Limited	100%	Bainistiú bhailiúchán Táille Cheadúnais Teilifíse
DTT Network Company	100%	Díomhaoin
Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta	100%	Díomhaoin

Measann an Bord nach bhfuil luach cóir infheistíochtaí eile an Ghrúpa níos lú ná a luach carraeireachta.

Is in Éirinn a oibríonn na fochuideachtaí go léir agus is ag RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 atá a gcuid oifigí cláraithe. Is fochuideachta faoi lánúinéireacht RTÉ Commercial Enterprises Limited é RTÉ Music Limited.

10 Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí (ar lean)**Gníomhaíochtaí Grúpa RTÉ a rangú de réir Rannáin Chomhtháite Ghnó (IBD) agus de réir eintitis dhlíthiúil**

	RTÉ	RTÉ Commercial Enterprises Limited	RTÉ Music Limited	RTÉ Transmission Network Limited
IBD TEILIFÍSE RTÉ				
Scéidil agus cainéil teilifíse seirbhíse poiblí saor go haer a chraoladh	•			
Cláir teilifíse de dhéantús Éireannach a choimisiúnú agus a léiriú	•			
Coimisiúnú reachtúil ábhair chlár ó léiritheoirí AE neamhspleácha	•			
Cláir theilifíse baile/neamh-bhaile a cheannach	•			
Roghnaíonn comhaltaí Bhord RTÉ na 15 chomhalta agus ceanglais an *Achta Craolacháin 2009* á gcur i gcuntas. Ceapann Bord RTÉ duine dá chomhaltaí mar chomhalta ex officio den Chomhairle. Fónann na comhaltaí ar bhonn saorálach, ach féadfaidh siad na costais as póca, a d'fhéadfaidís a thabú go réasúnta agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna, a fháil ar ais.

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an gComhairle Lucht Féachana agus Éisteachta agus maidir lena comhaltaí agus achoimre ar na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana ar fáil ar www.rte.ie/about/audiencouncil.html

Ráiteas Bliantúil ar Thiomantais Feidhme 2010

An Réamhrá

Faoi fhorálacha an *Achta Craolacháin 2009* (an tAcht), bhí sé i gceist go gcomhlíonadh RTÉ trí cheanglais tuairiscithe nua: ráiteas straitéise a ullmhú; ráiteas seirbhíse poiblí a ullmhú tar éis comhchomhairle leis an bpobal; agus ráitis bhliantúla maidir le gealltanais feidhmíochta a ullmhú.

Taispeántar i *Ráiteas Straitéise* RTÉ conas a bheartaíonn RTÉ a chuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana 2010-2014 trí thosaíochtaí, gníomhartha agus spriocanna straitéiseacha. Leagtar amach i *Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ* don bhliain 2010, a bhfuil próiseas comhchomhairle mar bhunús leis chun dearchtaí phobal na hÉireann a fháil, na prionsabail atá le hurramú agus na gníomhaíochtaí atá le gabháil de lámh ag RTÉ le linn a chuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. I gcomhlíonadh ceanglas reachtúil, cuireadh an dá ráiteas faoi bhráid an Aire le linn na bliana 2010 agus tá siad ar fáil go poiblí ar RTÉ.ie.

Rinneadh *Ráiteas Bliantúil ar Thiomantais Feidhme 2010* (ASPC) ó RTÉ a ullmhú de réir a chuspóirí agus bhí sé bunaithe go díreach ar na sé chuspóir straitéiseacha ardleibhéil atá i *Ráiteas Straitéise 2010-2014* ó RTÉ atá beartaithe chun an gnó a threorú i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana. In ASPC 2010 ó RTÉ, aithníodh bearta feidhmíochta ríthábhachtacha, ar bearta cáilíochtúla agus/nó cainníochtúla iad, maidir le gach gealltanais agus spriocanna i gcás gur cuí é. Bhí sé d'aidhm ag RTÉ a chuid spriocanna a bhaint amach agus a shárú i ngach cás. De bhun alt 102(3) den Acht, rinneadh ASPC 2010 ó RTÉ a chur faoi bhráid Údarás Craolacháin na hÉireann (an BAI) agus an Aire an 3 Feabhra 2010 agus tá sé foilsithe ar RTÉ.ie.

Cuirtear an achoimre feidhmíochta seo i láthair i gcomhlíonadh alt 102(5) den Acht, agus, i gcomhlíonadh alt 102(4) den Acht. Rinneadh tuarascáil ar leithligh maidir le gealltanais a chomhlíonadh nó eile, ina bhfuil breis mionsonraí, a chur faoi bhráid an BAI agus an Aire faoin 31 Márta 2011.

Sa roinn seo trí chéile, úsáideadh córas soilse tráchta, á chur in iúl mar a leanas cé na gníomhaíochtaí agus na spriocanna a bhí:

- **Glas** - baineadh amach iad nó sáraíodh iad
- **Ómra** - spriocanna nár baineadh amach ar éigean
- **Dearg** - spriocanna nár baineadh amach go mór

Riachtanais Tuairiscithe Eile (ar lean)

Cuspóir 1, Feabhas Seirbhíse Poiblí

Ár gcuid Cuspóirí Seirbhíse Poiblí go léir a chomhlíonadh agus ár ndícheall a dhéanamh chun na caighdeáin is airde a bhaint amach i gcúrsaí eitice agus cuntasáiochta, ar an aer agus den aer

D'éirigh go maith le RTÉ an cuspóir seo a chomhlíonadh ach bhí roinnt spriocanna nár baineadh amach.

Glas: Spriocanna a baineadh amach nó a sáraíodh

- Rinneadh na huaireanta an chloig ar tugadh gealltanas ina leith le haghaidh raon seánraí ar Theilifís RTÉ agus ar Raidió RTÉ a chur ar fáil, i.e. seánra na siamsaíochta, an seánra fíriciúil, seánra an oideachais, seánra an aosa óig agus seánra na nuachta agus cúrsaí reatha. Chuir RTÉ Junior thart ar 500 uair an chloig d'ábhar bunaidh ar fáil, cúig oiread níos mó ná an sprioc a leagadh amach.
- Rinne Grúpaí Oirfide RTÉ 185 thaibhiú poiblí, ceann amháin níos mó ná an sprioc, agus bhain Raidió RTÉ a sprioc amach maidir le 10 bhféile cheoil a chumhdach. D'éirigh le Ceathairéad Vanbrugh RTÉ a sprioc a bhaint amach maidir le 12 thaibhiú saor in aisce.
- Is mian le RTÉ é féin a chur i lár saol agus sochaí na hÉireann, fóram le haghaidh díospóireachtaí a chur ar fáil, agus cuimsitheacht agus éagsúlacht a chur chun cinn. Baineadh amach beagnach gach gealltanas sonrath ó thaobh na Teilifíse agus an Raidió sna réimsí sin lena n-áirítear: raon clár Gaeilge agus cultúir; cumhdach trasardáin ar ócáidí spóirt náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Craobhchluichí CLG agus Corn an Domhain FIFA; roinnt sraitheanna a bhaineann le cúrsaí sóisialta agus creidimh, mar aon le nuacht agus cúrsaí reatha. Cuireadh tionscnaimh for-rochtana agus oideachais ar fáil freisin.
- Baineadh amach na spriocanna go léir maidir le soláthar seirbhíse. Sholáthair RTÉ: comharthaí teilifíse agus raidió analógacha uilíocha; cumhdach le haghaidh Raidió Croschraoltóireachta Dhigitigh (DAB) do 52% den daonra; dhá sheirbhís teilifíse, ceithre sheirbhís raidió FM agus seacht seirbhís raidió dhigitigh; seirbhísí don diaspora Éireannach lena n-áirítear RTÉ Player Idirnáisiúnta; chomh maith leis na spriocanna fotheidlithe go léir a bhaint amach.
- Sháraigh Raidió RTÉ (86.1) agus Teilifís RTÉ (85.1) araon spriocanna 80 maidir le scóir Ceangail Lucht Féachana agus Lucht Éisteachta¹ agus d'fheabhsaigh scór 'ábharthachta' RTÉ go dtí 65%, ar sárú ar an sprioc é.
- Cé gur theip ar Theilifís RTÉ agus ar Raidió RTÉ roinnt spriocanna rochtana a bhaint amach, bhí an mheánrochtain mhíosúil 15+ nóiméad² le haghaidh Theilifís RTÉ i measc gach duine (4+ bliana d'aois) 3 phointe chun tosaigh ar an sprioc ar 92%. Bhí RTÉ One 0.8 pointe chun tosaigh ar a sprioc dóibh siúd atá os cionn 35 bliana d'aois ar 94.8%. Bhain RTÉ Radio 1 a sprioc rochtana i measc daoine atá 35-54 bliana d'aois ar sprioc 28%³ í. Sháraigh RTÉ.ie a sprioc le 3.7 milliún brabhsálaí leithleacha.
- Rinneadh beartas nua maidir le meáin shóisialta agus straitéis chumarsáide nua a chur i ngníomh, foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Freagracht Shóisialta Chorporáideach agus rinneadh Córais Forbartha Feidhmíochta a athailíniú leis na cuspóirí. Rinne RTÉ athbheithniú ar Chóid Cleachtas nua agus reatha agus chuir sé gníomhartha iomchuí i gcrích chun comhlíonadh a áirithiú.
- Cuireadh comhchomhairle phoiblí maidir leis an Ráiteas Seirbhíse Poiblí i gcrích mar a gealladh agus cuireadh an ráiteas beartaithe faoi bhráid an Aire i mí Iúil.

Ómra: spriocanna nár baineadh amach ar éigean

- Ar éigean a chaill Grúpaí Oirfide RTÉ amach ar a sprioc 77 thaibhiú, caint nó saotharlann oideachais a chur ar fáil trí cheithre thaibhiú. Bhainfí an sprioc sin amach murach go raibh drochaimsir mhí na Nollag ina cúis le roinnt ceolchoirmeacha a chur ar ceal
- Chaill RTÉ Raidió na Gaeltachta amach ar a sprioc 788 uair an chloig don aos óg a chur ar fáil trí díreach 9.5 uair an chloig (cuireadh 98% ar fáil) mar gheall ar athruithe ar an sceideal.
- Agus ráthaíocht á tabhairt maidir le spás le haghaidh comhrá náisiúnta, machnaimh agus díospóireachtaí, gheall RTÉ sroicheadh 12% nó 400,000 éisteoirí do Liveline RTÉ Radio 1. Bhain Liveline meánsroicheadh 11% nó 392,000 dhuine fásta atá 15+ d'aois amach le linn na bliana 2010: bhain an mhionteip seo leis an gcaoi go raibh líon níos lú daoine ag éisteacht leis an raidió i rith na seachtaine ar an meán. Bhí sroicheadh 'Aon Raidió ar Bith' thíos ó ardphointe 87% de dhaoine fásta sa bhliain 2009 go dtí 85% sa bhliain 2010.
- Leanann RTÉ de pháirt a ghlacadh i nGrúpa Analóg a Mhúchadh de chuid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha (DCENR) agus cuireadh a thuarascáil rannchuidithe faoi bhráid an Aire, ach sin i ndiaidh na chéad ráithe mar a gealladh. Bunaíodh Grúpa Lasctha Seirbhísí Digiteacha, i measc grúpaí eile.
- D'fhág laghdúithe ar an líon foirne nach bhféadfaidh RTÉ lyric fm ach amháin seacht gcinn de sheisiúin bheo ar an aer a chur ar fáil, cúig cinn níos lú ná an 12 a gealladh. Léiríonn an líon suntasach seisiún beo ar RTÉ Radio 1, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus RTÉ 2fm, áfach, comhlíonadh eile ar an ngealltanas cultúrtha seo.
- 78% a bhí i meánsroicheadh mhíosúil 15+ nóiméad RTÉ Two i measc daoine atá idir 15 agus 34 bliain d'aois (2 phointe faoi bhun na sprice). 88% atá i meánsroicheadh mhíosúil 15+ nóiméad Theilifís RTÉ i measc daoine atá idir 4 agus 14 bliana d'aois (1 phointe amháin faoi bhun na sprice).
- Cailleadh amach ar roinnt gníomhaíochtaí a thagann faoi réim cuntasáiochta agus caighdeán: dhá cheann mar gheall ar an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa a fhoilsiú i mí Lúnasa (chuir RTÉ iad faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha sa chéad ráithe); tionsaíodh dréacht de chlár Aighneachtaí Rialaitheacha seachas clár críochnaitheach; agus sheas BAI le trí ghearán maidir le sárú ar an gcód Fógraíochta (as líon iomlán 20 gearán, agus nialas an sprioc a bhí ann).

¹ Mura ndeirtear a mhalaírt, is í foinse an taighde, taighde a choimisiúnaigh RTÉ agus a rinne gníomhaireachtaí taighde neamhspleácha.

² Is í an foinse le haghaidh na sonraí go léir maidir le breathnú ar an Teilifís TAM Ireland/Nielsen TAM. Is é atá san fhigiúr seo an céatadán de dhaoine na hÉireann atá 4 bliana d'aois nó os a chionn a bhreathnaigh ar RTÉ One nó ar RTÉ Two go leanúnach ar feadh 15 nóiméad nó níos mó le linn míosa féilire.

³ Is í an foinse le haghaidh na sonraí go léir maidir le héisteacht leis an raidió JNLR /Ipsos MRBI: 2010/4 nó 2009/4, de réir na tagartha cuí.

Dearg: Spriocanna nár baineadh amach go mór

- Ar Raidió RTÉ, bhí sroicheadh 'Raidió RTÉ Iomlán' faoi bhun na sprice 39% (3 phointe faoina bun) agus bhí rochtain RTÉ 2fm i measc daoine atá idir 25 agus 44 bliain d'aois faoi bhun na sprice 21% (3 phointe faoina bun). Cailleadh amach ar na spriocanna sin i gcomhthéacs éisteachta raidió inar thit sroicheadh sheachtainiúil 'Aon Raidió ar Bith' ó ardpoinnte 87% sa bhliain 2009 go dtí 85% sa bhliain 2010 do dhaoine fásta atá 15+ bliain d'aois agus do dhaoine fásta atá idir 25 agus 44 bliain d'aois.

Cuspóir 2, Ábhar Éireannach ar Ardchaighdeán

A bheith ar an gcruthaitheoir is fearr ó thaobh ábhar dúchasach Éireannach ar ardchaighdeán agus ar an bhfoinse is mó agus is iontaofa nuachta agus cúrsaí reatha na hÉireann

Feidhmíocht láidir i gcás an chuspóra sin - bhain RTÉ amach an chuid is mó dá spriocanna.

Glas: Spriocanna a baineadh amach nó a sáraíodh

- Le linn díriú ar bheith ar an bhfoinse is mó nuachta neamhspleáiche agus cúrsaí reatha, d'fheidhmigh Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ go maith. Bhain Nuacht Theilifís RTÉ agus Nuacht Raidió RTÉ amach a gcuid spriocanna arb éard a bhí iontu os cionn 80 le haghaidh Innéacsanna Breithiúnais (Alanna), 4.2 pointe agus 3.6 pointe os a chionn, faoi seach. Shroich RTÉ *Six One* agus RTÉ *Nine O'Clock News* i dteannta a chéile 36.7% de dhaoine fásta gach seachtain, 1.7 pointe chun tosaigh ar an sprioc. Bhain *Morning Ireland* amach a sprioc arb éard í sroicheadh 13% i measc daoine fásta atá 15+ bliain d'aois agus cuireadh feabhas ar chumhdach nuachta coigríche.
- D'fheidhmigh clár de chuid Raidió RTÉ agus Theilifís RTÉ go maith i measúnaithe cáilíochta, agus sháraigh gach ceann acu an sprioc AI, arb é a bhí inti 79, le 3.2 pointe. Taispeánann taighde eile gur feabhsaíodh an dearcadh maidir le cáilíocht i leith RTÉ i gcoitinne. Fuair neart clár duaiseanna agus ainmniúcháin i gcomórtais idirnáisiúnta. Bhí 19 den 20 clár raidió náisiúnta is mó éileamh ag Raidió RTÉ, ar sárú 1 clár amháin é ar an sprioc.
- Baineadh amach spriocanna maidir le hábhar dúchasach. Ábhar dúchasach a bhí i gceist i gcás 50% d'uaireanta buaicama féachana ar Theilifís RTÉ agus 66% ar RTÉ One. Bhí níos mó ná dúbailt na sprice i gceist in uaireanta an chloig réigiúnacha ó Raidió RTÉ ag 666 huairte an chloig agus thaifead Grúpaí Oifide RTÉ níos mó ná 170,000 freastal, líon is mó ná 5,000 de bhreis ar an sprioc.
- D'fheabhsaigh scóir fialais le RTÉ go dtí 65% agus tugann forbairtí ar an bPainéal Freagartha Lucht Féachana agus Lucht Éisteachta (ARP) deis chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais an lucht féachana agus an lucht éisteachta, trí fheidhmiúlacht fheabhsaithe bogearraí agus an acmhainn chun suirbhé a dhéanamh ar dhaoine níos óige. Méadaíodh ar an líon úsáideoirí ARP agus méadaíodh freisin ar úsáid na huirlise le haghaidh tionscadal coimisiúnaithe saincheaptha.
- Tá sé d'aidhm ag RTÉ clár agus seirbhísí nuálacha a chur ar fáil. I gcomhlíonadh an chuspóra sin, cuireadh trí mhórtionscnamh tras-mheán ar fáil, rinne Grúpaí Oifide RTÉ deiseanna chun bualadh le daoine mór le rá sa réimse agus cleachtaí oscailte a chur ar fáil, agus cuireadh oiliúint ar fhoirne clár RTE Raidió 1 maidir le cothabháil suíomh idirlín.

Ómra: Spriocanna nár baineadh amach ar éigean

- Tá d'aidhm ag Nuacht RTÉ dearchtaí cothroma neamhchlaonta a chothabháil dá *Nine O'Clock News*. Ar éigean a cailleadh amach ar an sprioc sin le 0.9 pointe; d'aontaigh 94.2% den lucht féachana, áfach, go raibh RTÉ *Nine O'Clock News* cothrom agus neamhchlaonta
- Lean Teilifís RTÉ d'fheidhmiú go maith agus 17 den 20 clár is mó éileamh acu, ach 1 clár amháin faoi bhun na sprice.
- Tá d'aidhm ag RTÉ na caighdeáin eagarthóireachta is airde a bhaint amach. Cé gur baineadh amach cuid de na spriocanna, foilsíodh na Treoirínte Athbhreithnithe do Lucht Déanta Clár sa tríú ráithe, seachas sa dara ráithe mar a gealladh, agus seasadh le hocht gcinn de 246 ghearán maidir le clár (3% le hais sprioc nialais). Seasadh go páirteach le gearán in aghaidh *Drivetime* ar RTÉ Radio 1, seasadh le cúig ghearán in aghaidh ábhair a bhí ar *Prime Time* an 8 Aibreán agus dhá cheann a bhain le *No Frontiers*.

Dearg: Spriocanna nár baineadh amach go mór

- Bhí dhá thionscadal ann ar tugadh gealltanais ina leith faoin nuáil nár cuireadh i gcrích le linn na bliana 2010. Rinne Nuacht RTÉ measúnú ar an bhféidearthacht chun aschur ó stiúideo uathobriithe a mhéadú agus rinne sé caibidlí le haghaidh athruithe gaolmhara ar an uainchlár le linn an ceathrú ráithe. Mar thoradh air sin, tá plean ann anois go mbeidh aschur méadaithe ann sa bhliain 2011. Rinneadh seoladh RTÉ Radio Player nua a chur siar go dtí an bhliain 2011 mar gheall ar shrianta le hacmhainní de dhroim easnamh suntasach san ioncam.

Riachtanais Tuairiscithe Eile (ar lean)

Cuspóir 3, An Teicneolaíocht

Leas a bhaint as teicneolaíochtaí chun seachadadh agus rochtain ar ár n-ábhar a áirithiú thar raon leathan ardán agus áiseanna chun freastal ar riachtanais an lucht féachana

Bhain RTÉ amach an chuid is mó dá chuid spriocanna faoin gcuspóir seo.

Glas: Spriocanna a baineadh amach nó a sáraíodh

- Cuireadh inrochtaineacht mhéadaithe ar ábhar RTÉ ar fáil. Beagnach 1 mhilliún in aghaidh na míosa an meánmhéid foslódáilithe podchraolta. Rinneadh leagan comharthaíochta digití RTÉ News Now a sheoladh i gceithre mhórmhol iompair. Tugadh trí thionscadal cartlainne ar líne chun críche. Sháraigh RTÉ Player a sprioc agus 2.25 milliún sreabhadh agus 495 míle brabhsálaí leithleacha i mí na Nollag. Ina theannta sin, tá comhéadan úsáideora mórscáileán á fhorbairt lena úsáid ar theilifíseáin agus consóil cluichí Sony PS3.
- Bhain Líonra RTÉ a sprioc cumhdaithe daonra amach arb éard a bhí inti 90% don ilphléacs Craoltóireachta Seirbhíse Poiblí Teilifíse Trastíre Digití (DTT). Méadaíodh ar an líon teaghlach raidió dhigitigh go dtí 7%. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí agus ar an gcleachtas is fearr sa mhargadh, comhaontaíodh bearta feabhsaithe maidir le raidió ar líne agus cuirfear i bhfeidhm iad faoi thionscadail forbartha gréasáin.
- Seoladh seacht gcinn d'fheidhmchláir gutháin póca. Seoladh cúig cinn díobh ón raidió lena n-áirítear *Documentary on One* agus RTÉ Pocket Player don iPhone, feidhmchlár CLG, agus dhá shonraíocht de chuid feidhmchláir RTE News Now. Seoladh leagan digiteach soghluaiste d'Aertel freisin sa chéad ráithe.
- Agus bealaí nua á n-aimsiú acu chun ceangal leis an lucht féachana agus leis an lucht éisteachta, tá Grúpaí Oirfide RTÉ anois ar Facebook agus ar Twitter agus chruthaigh siad cainéal ar YouTube. Tá suíomh idirlín *Morning Ireland* níos idirghníomhaí rud a chumasáionn rannpháirtíocht mhéadaithe leis an gclár maidir le mórscéalta nuachta.
- Baineadh amach gach sprioc maidir le hathruithe teicneolaíochta ar léiriú clár, agus sáraíodh iad go suntasach maidir leis an líon foirne ar cuireadh oiliúint orthu córas eagarthóireachta Avid a úsáid.
- Tá dul chun cinn déanta maidir leis an gclár digitithe ó cheann go ceann i gcomhréir leis an sprioc agus rinneadh tairiscintí a thabhairt chun críche chun ábhar tríú páirtí a fháil ar an idirlíon agus freisin chun ascnamh chuig teilifís ardghléine (HDTV), chomh maith le huasghrádú Radioman a thabhairt chun críche.
- Fuarthas toiliú pleanála le haghaidh na chéad chéime de Thionscadal 2025 i mí na Samhna.

Ómra: Spriocanna nár baineadh amach ar éigean

- Rinne Teilifís RTÉ forbairt ar ghné Cirt Freagartha a chur siar go dtí an bhliain 2011; rinneadh líonrú sóisialta a rolladh amach i roinnt clár, áfach, a d'fhág go raibh RTÉ in ann ceangal leis an lucht féachana nó éisteachta ar níos mó bealaí éagsúla.

Dearg: Spriocanna nár baineadh amach go mór

- Bhí sé beartaithe ag RTÉ suíomh idirlín nua le haghaidh RTÉ Radio 1 a sheoladh le linn na bliana 2010 agus feidhmiúlacht fheabhsaithe úsáideora air. Níor mhór an tionscadal sin a chur siar go dtí an bhliain 2011 mar gheall ar shrianta le hacmhainn de dhroim thimpeallacht tráchtála dhúshlánach do raidió in 2010.

Cuspóir 4, Airgeadais**Airgeadais RTÉ a bhainistiú go héifeachtach sa todhchaí tríd an leas is fearr a bhaint as foinsí maoinithe agus costais a rialú**

Bhí spriocanna airgeadais thar a bheith dúshlánach i rith 2010 agus níor baineadh gach ceann amach.

Glas: Spriocanna a baineadh amach nó a sáraíodh

- Tá sé mar aidhm ag RTÉ a chuid airgeadais a bhainistiú go stuama. Baineadh amach an sprioc maidir le cúlchistí airgid a bheith ar fáil. Maidir le Pleanáil Acmhainní Fiontair, bunaíodh Foireann Iarratas Corparáideach le tacú le príomh-fheidhmchláir ghnó.
- Baineadh amach roinnt spriocanna optamúcháin. Sháraigh Teilfís RTÉ a sprioc ioncaim tráchtála de €112 milliún le 1%. Bhí ioncam tráchtála ó fhoinsí nua níos airde ná i 2009 agus chuir comhpháirtíochtaí mar Chláir Maoinithe ag Fógróirí ar ár gcumas costais a laghdú.
- Bhain Teilfís RTÉ a sprioc maidir le sciar 41% den mhargadh amach
- Tá sé mar aidhm ag RTÉ luach ar airgead a sheachadadh agus tá raon conarthaí le soláthróirí athbheartaithe, agus bhí sé páirteach i gcomhléirúcháin mar shampla an dráma sé chlár *Single-Handed*.
- Baineadh amach gach sprioc bainistithe acmhainní maidir le daoine, costais agus éifeachtacht. Laghdaigh RTÉ a Chostais Oibríochta a Bhaineann le Pearsanra (PROC) go dtí 50% de na Costais Oibríochta lomlána, rud a thug laghdúithe costais móra.

Ómra: Spriocanna nár baineadh amach ar éigean

- Bhí Costais Oibríochta Theilifís RTÉ 1% os cionn an bhuiséid. Róchaiteachas faoi bhainistiú a bhí ansin, mar chuid de chlár infheistíochta breise i sceideal an Fhómhair.
- Thuill Lónra RTÉ €27.2 milliún in ioncam tráchtála, méid a bhí 6% faoi bhun na sprice. Níor seoladh DTT tráchtála mar a bhí súil leis, agus cailleadh amach ar ioncam dá bharr. Bhí ioncam Lónra eile chun tosaigh ar an mbuiséad. Chuir Foilsitheoireacht RTÉ 6.4% lena hioncam i gcomparáid le 2009, beagán níos lú ná an sprioc a bhí aici, eadhon méadú 7%.
- Thabhaigh RTÉ Easnamh de €4.7 milliún don bhliain [2009: Easnamh de €16.5 milliún Roimh Mhír Eisceachtúil -Muirear Athstruchtúrtha] bunaithe ar ioncam €372 milliún (2009: €375 milliún) rud a léiríonn feidhmíocht airgeadais láidir in aghaidh chúlra timpeallachta eacnamaíochta baile a bhí an-neamhshocair.

Dearg: Spriocanna nár baineadh amach go mór

- Bhí timpeallacht trádála thar a bheith deacair ann in 2010 agus bhí ioncam tráchtála €31.6 milliún ag Raidió RTÉ, 7% faoi bhun na sprice. B'ionann sciar Tráchtála Raidió RTÉ agus 32.6% (2.4 pointí faoi bhun na sprice).
- Tháinig laghdú go 55% ar dhearcadh an lucht féachana go dtugann RTÉ luach maith ar airgead, sin 3 phointe faoi bhun na sprice. Táthar ag súil le laghdú ar an scór seo sa timpeallacht reatha agus tá sin le feiceáil ar fud roinnt margaí agus catagóirí.

Riachtanais Tuairiscithe Eile (ar lean)

Cuspóir 5, Eagrú, Struchtúir agus Foireann

A chinntiú go mbeidh fórsa oibre ar ardchaighdeán ag RTÉ agus é eagraithe ar an mbealach is fearr chun an luach is fearr ar airgead a sheachadadh do phobal na hÉireann

Tá formhór a chuid spriocanna faoin gcuspóir seo bainte amach ag RTÉ.

Glas: Spriocanna a baineadh amach nó a sáraíodh

- Baineadh amach formhór na dtiomantas maidir le daoine agus scileanna a fhorbairt. Cuireadh tús le clár píolóta meantóireachta atá neodrach ó thaobh costais de. Cuireadh ceardlanna ar Dhínit agus ar Mheas ar siúl trí chur chuige oiliúna oiliúnóirí. Cuireadh seisiúin oiliúna sna meáin ar siúl i Nuacht RTÉ.
- Cuireadh athbhreithniú ar phrósais phleanála chomhleantacha i gcrích agus faoi bhráid an Phríomh-Stiúrthóra.
- Laghdaíodh líon na bhfostaithe ag teacht leis an sprioc. Cuireadh athbhreithniú ar struchtúir Acmhainní Daonna i gcrích agus cuireadh Seirbhísí Roinnte Acmhainní Daonna i bhfeidhm.
- Cloíodh le pleananna ó thaobh daonchumhachta IBDanna agus rinneadh dul chun cinn maidir le faisnéis bhainistithe mhíosúil a ullmhú. Tá athbhreithniú déanta ar chleachtais oibre agus tá athruithe curtha i bhfeidhm.

Dearg: Spriocanna nár baineadh amach go mór

- Bhí sprioc ann ceardlann do Léiritheoirí Raidió a reáchtáil sa dara ráithe chun stór guthanna éagsúla a aithint. Cuireadh sin ar athló de bharr srianta ar acmhainní agus tá sí le tarlú in 2011.
- Cuireadh torthaí ó shuirbhé ar fhostóirí RTÉ le chéile le scaipeadh ar an bhfoireann. Cuireadh an chumarsáid sin siar de bharr chur i bhfeidhm chlár beartaithe faisnéisithe foirne ar fhorbairtí eacnamaíochta agus an tionchar a bheidh acu ar RTÉ.

Cuspóir 6, Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí comhoibríoch a bhunú agus a chothabháil agus ról ceannaireachta a ghlacadh sna geilleagair dhigiteacha agus chruthaitheacha in Éirinn.


Tá a chuid spriocanna go léir faoin gcuspóir seo bainte amach ag RTÉ.

Glas: Spriocanna a baineadh amach nó a sáraíodh


- Chuir RTÉ síneadh lena chomhpháirtíochtaí comhoibríochta leis an Earnáil Neamhspleách agus chuir sé breis agus €14 milliún lena chaiteachas reachtúil riachtanach. Chaith sé méid iomlán de €54 milliún ar chlár neamhspleácha coimisiúnaithe. D'óstaigh RTÉ laethanta oscailte le faisnéisithe a thabhairt do Léiritheoirí Raidió Neamhspleácha. Bhí Léiriúcháin Raidió Neamhspleách (IRP) bunaithe agus i bhfeidhm i mí Mhárta agus craoladh léiriúcháin IRP i rith an tsamhraidh. Bhí an dara babhta coimisiúnaithe ann i mí Dheireadh Fómhair. Mhol RTÉ tionscnaimh oiliúna leis an BAI, agus beidh siad maoinithe ag RTÉ.
- D'óstaigh RTÉ an Chomhdháil Idirnáisiúnta FIAT / IFTA 2010 i mBaile Átha Cliath, d'óstaigh sé Comhdháil Dhíolacháin na Meán RTÉ agus bhí sé ina chomh-óstach ar Chomhdháil Raidió Digití EBU i mBéal Feirste, i gcomhar le BBC Thuaisceart Éireann.
- Tá líonra de theagmhálacha comhpháirtíochta curtha le chéile ag Grúpaí Oirfide RTÉ, lena n-áirítear údaráis áitiúla, *Electric Picnic*, Teach Ceoldráma Chorcaí agus Tionscadal Opera Ceatharlach.
- Sáraíodh spriocanna maidir le himeachtaí cultúrtha agus sainspéise mionlaigh agus bhí RTÉ i láthair ag níos mó ná na trí imeacht a raibh gealltanais tugtha ina leith, agus tugadh clúdach raidió do chúig fhéile ealaíon agus do thrí imeacht drámaíochta mac léinn.
- Chonacthas roinnt mhaith daoine nua ar Theilifís RTÉ agus ar chlár do dhaoine óga agus chualathas sé ghuth nua ar Raidió RTÉ.
- Baineadh amach tiomantais maidir le cruthaitheacht, smaointe nua agus cur i láthair cultúir a chothú, chomh maith. Choimisiúnaigh Raidió dhá shaothar ceoil nua agus léirigh siad trí dhlúthdhiosca a thacaigh le cumadóirí Éireannacha agus atá lonnaithe in Éirinn. Choimisiúnaigh Teilifís RTÉ clár fhada drámaíochta agus bhunaigh Raidió RTÉ an chéad chomórtas do Chumadh Leictrea-Fuaimiúil.
- Thug RTÉ tiomantas maidir le comhpháirtíochtaí cruthaitheachta agus cultúir nua a fhiosrú agus baineadh amach na spriocanna go léir, lena n-áiríodh cur leis an tairseach idirnáisiúnta *Gateway Ireland* (Fóram Eacnamaíochta Dhomhanda na hÉireann) agus freastal ar sheimineár de chuid *Gateway Ireland*.

Eolas Staitistiúil Eile


Aonad Eolais RTÉ - fiosrúcháin a láimhseáladh



Iarratais ar Shaoráil Faisnéise ar RTÉ



Gearáin le hÚdarás Craolacháin na hÉireann maidir le hAschur RTÉ



In 2010, sheas an BAI le cúig gearrán a bhain le tuairisc *Prime Time* ar struchtúir bhainistíochta scoile. As na sé gearrán atá fágtha, seasadh le trí cinn acu in aghaidh clár éagsúil agus bhain trí cinn acu le fógraí a chraol RTÉ.

Gradaim RTÉ 2010

Bhuaigh RTÉ 147 gradam i mbliana – méadú 35% ar an mbliain seo caite. Rinneadh 214 ainmiúchán (2009: 213). D'éirigh go maith le Raidió, Teilifís, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ agus le RTÉ.ie sna comórtais mhóra in Éirinn agus thar lear.

Áiríodh ar na gradaim a bhuaigh Raidió RTÉ gradam cáiliúil Prix Europa, 11 gradam ag Féilte Nua Eabhrac agus 24 Gradam PPI, le naoi mBonn Óir ina measc. Áiríodh ar na gradaim eile New York Festivals TV (4); Féile na Meán Ceilteach (6); Radharc (2); Justice Media (2); Medical Media (3); Digital Media (5); The Appys (4) agus 20 Gradam IFTA. Is iomaí gradam cáiliúil Eorpach a bhuaigh RTÉ i mbliana, ina measc Gradam Iriseoireachta Bhliain na hEorpa, Prix Jeunesse, EBU Connect, Féile Scannán Neamhspleách na hEorpa, Féile Teilifíse Reiligiúnach na hEorpa agus gradaim Cinéma Tous Ecrans. Bhuaigh foirne Chur Chun Cinn agus Deartha Clár in-tí RTÉ gradaim tionscail shuntasacha.

Comórtas	Iontráil	Catagóir
Gradaim Iriseoireachta Talmhaíochta	Higher Ground	Craoladh Náisiúnta
Gradam Ake Blomstrom	Eight Years On: Christopher Cleary	Gradam Scoláireachta
Gradaim Beochana na Breataine	The Secret Of Kells	An Scannán is Fearr san Eoraip
Gradaim Iriseoireachta Idirnáisiúnta CVB Cancun	Deirdre Mullins, rte.ie/travel	An Chatagóir Idirlin: Moladh Speisialta
Cartoons On The Bay, An Iodáil	Granny O'Grimm's Sleeping Beauty	An Carachtar Beoite is Fearr
Féile na Meán Ceilteach	If I Should Fall Behind	Dráma Gearr
Féile na Meán Ceilteach	Jump, Spin, Grind	Teilifís do Leanai
Féile na Meán Ceilteach	Looking For Fairytale Castles	Clár Faisnéise Raidió
Féile na Meán Ceilteach	Prime Time Investigates: Travellers - On The Edge	Cúrsaí Reatha
Féile na Meán Ceilteach	The Secret Of Kells	Beochan
Féile na Meán Ceilteach	Seamus Heaney: Out Of The Marvellous	Na hEalaíona
Féile Gearscannán Cinanima, An Phortaingéil	Granny O'Grimm's Sleeping Beauty	An Scannán Beoite is Fearr – Moladh Speisialta
Cinema Tous Écran	Love/Hate	An tSraith is Fearr
Féile Scannán Chorcaí	Passing	An Gearscannán Éireannach is Fearr
Féile Scannán Corona Fastnet	Tufty	Gearscannán: An Stiúthóireacht is Fearr
Féile Scannán Corona Fastnet	Tufty	Gearscannán: An Ceol Úrnuais is Fearr
Féile Scannán Crossroads, Mississippi	The Last Confession Of Alexander Pearce	An Scannán Insinte is Fearr
Gradaim Litearthachta Sláinte Crystal Clear	Operation Transformation	An Chumarsáid Sláinte trí Iriseoireacht is Fearr
Gradaim David Manley d'Fhiontraíthe atá ag Teacht Chun Cinn	The Business: John Murray	Gradam na Meán
Gradaim na Meán Muirí Desmond Wetttern	Tom MacSweeney, Comhfhreagraí Mara	As Ucht Cur le Feasacht ar Shaincheisteanna Muirí
Gradaim na Meán Digiteach	Documentary On One	An Podchraoladh is Fearr: Ór
Gradaim na Meán Digiteach	Granny O'Grimm's Sleeping Beauty	Gradam Tuillteanais Speisialta do Mhór-Ghnóhachtáil
Gradaim na Meán Digiteach	Morning Ireland	An Ceann is Fearr sna Meáin: Airgead
Gradaim na Meán Digiteach	RTÉ News Now	An Ceann is Fearr sna Meáin: Cré-Umha
Gradaim na Meán Digiteach	RTÉ Player	An Dearadh Digiteach is Fearr: Cré-Umha
Gradaim EBU Connect	Late Late Toy Show: Nigel Gordon	Airgead: Blaisín Grinn, Réadach nó Siamsaíochta
Gradaim EntertainmentLIE	Rick O'Shea	Guth Raidió is Gnéasaí
Gradaim EntertainmentLIE	The Colm and Jim Jim Show	Seó Bricfeasta is Fearr
Féile Scannán Neamhspleách na hEorpa	The Last Confession Of Alexander Pearce	An Scannán Drámaíochta Neamh-Eorpach is Fearr
Féile Teilifíse Reiligiúnach na hEorpa	Would You Believe: My Father's House	An Clár Faisnéise is Fearr
Gradam Iriseoireachta Bhliain na hEorpa	Music Changes Lives	Leis an mbliain le haghaidh dul i ngleic le Bochtaineacht agus Uilechuimsitheacht Shóisialta
Hot Docs, Ceanada	Autumn Gold	Gradam an Déantóra Scannán
Gradam na Meán de chuid Chluichí Pobail an FSS	Ciarán Mullooly	As ucht cur le feasacht
Gradaim Hugo, Féile Scannán Idirnáisiúnta Chicago	A 100 Dead People In My Truck	Plaic Óir: Scannán Faisnéise Sóisialta/Polaitíochta
Gradaim IFTA	Blood Of The Irish	Sraith Clár Faisnéis
Gradaim IFTA	Grand Slam Journey	Spórt
Gradaim IFTA	Harper's Island: Elaine Cassidy	Ban-Aisteoir i bPríomh-Ról
Gradaim IFTA	On The Block: Tony Island	Leanaí/Daoine Óga
Gradaim IFTA	Ondine: Anna Rackard	Dearadh Léiriúcháin, Scannán
Gradaim IFTA	Ondine: Colin Farrell	Aisteoir i bPríomh-Ról, Scannán
Gradaim IFTA	Ondine: Deasy, Johnson and Gaines	Fuaim, Scannán
Gradaim IFTA	Ondine: Dervla Kirwan	Aisteoir i bPríomh-Ról, Scannán
Gradaim IFTA	Runners	Gearscannán
Gradaim IFTA	Seamus Heaney: Out Of The Marvellous	Clár Faisnéise Aonair
Gradaim IFTA	The Frontline	Cúrsaí Reatha
Gradaim IFTA	The Secret Of Kells	Beochan
Gradaim IFTA	Tomm Moore	Réalta atá ag Teacht Chun Cinn
Gradaim IFTA	Zonad: Brian Byrne	Scór Úrnuais
Gradaim IFTA	Father & Son	Aisteoir i bPríomh-Ról: Teilifís: Stephen Rea
Gradaim IFTA	Father & Son	Script teilifíse: Frank Deasy

Comórtas	Iontráil	Catagóir
Gradaim IFTA	The Clinic	Sraith Drámaíochta/Sobalchlár
Gradaim IFTA	The Eclipse	An Scánán is Fearr
Gradaim IFTA	The Eclipse: Aidan Quinn	Aisteoir Ról Tacaíochta: Scannán
Gradaim IFTA	The Eclipse: Conor McPherson, Billy Roche	Script Scannáin
Gradaim Inside Film (An Astráil)	The Last Confession Of Alexander Pearce	Gradam don Chlár Faisnéise is Fearr
Gradaim Institiúid Dearthóirí Éireann	Does God Hate?	Dearadh Teidil agus Brandáil
Gradaim Institiúid Dearthóirí Éireann	Podge And Rodge's Sticket Inn	Dearadh Seite: Ardmholta
Gradaim Institiúid Dearthóirí Éireann	Gradaim Spóirt RTÉ 2009	Dearadh Teidil agus Brandáil: Ardmholta
Gradaim Institiúid Dearthóirí Éireann	Athbhrandáil RTÉ Two	Dearadh Teidil agus Brandáil: Ardmholta
Gradaim Institiúid Dearthóirí Éireann	That's All We've Got Time For	Dearadh Seite
Gradaim Institiúid Dearthóirí Éireann	The Frontline	Dearadh Seite: Ardmholta
Gradaim Glanadh ar Conradh Éireannaigh	Glantóir na Bliana: Momentum, Jacek Worcik	Oifigi os cionn 10,000 Troigh Cearnach
Gradaim Irish Medical Media	Fergal Bowers on Tallaght X-Ray Backlog	Iriseoir na Bliana
Gradaim Irish Medical Media	Tuarascáil Nationwide ar Shláinte na bhFear	Nuacht – Craoladh do Thomhaltóirí
Gradaim Irish Medical Media	Prime Time Investigates: A Shocking Truth - The Michael Shine Scandal	Clár Faisnéise: Craoladh do Thomhaltóirí
Gradaim Justice Media	Prime Time: Crime And Punishment	Clár Faisnéise Teilifíse
Gradaim Justice Media	Six One News: Community Service	Clár Faisnéise Teilifíse
Féile Scannán Chiarraí	Passing	An Gearrscannán is Fearr
Ciarraíoch na Bliana	Daithí Ó Sé	Duine na Bliana
Kidscreen	Aisling's Diary: TV Movies	Scannán Teilifíse
Cumann Cuntasóirí Cairte Laighean	Tuarascáil Bhliantúil RTÉ	Aonáin Mhóra Nearnh-Luaithe Reachtúla
Féile Scannáin Malibu	Runners	An Gearrscannán Idirnáisiúnta is Fearr
Gradaim Net Visionary	RTÉ Player	Físeán agus Podchraoladh Gnó is Fearr
Féile Nua-Eabhrac Raidió	8 Years On	Caidrimh Daonra: Bonn Domhanda Cré-Umha
Féile Nua-Eabhrac Raidió	Annotated Jack	Próifíl/Portráidí Pobail: Bonn Domhanda Airgid
Féile Nua-Eabhrac Raidió	Dancing With Two Left Legs	Caidrimh Daonra: Bonn Domhanda Cré-Umha
Féile Nua-Eabhrac Raidió	Deadly Sleeper	Sláinte/Míochaine: Teastas d'Iomaitheoir Deiridh
Féile Nua-Eabhrac Raidió	Forgotten People	An Eagarthóireacht is Fearr: Bonn Domhanda Airgid
Féile Nua-Eabhrac Raidió	Grace Notes: Scots Traditional Awards	An Clár Speisialta Ceoil is Fearr: Bonn Domhanda Cré-Umha
Féile Nua-Eabhrac Raidió	Silver Stars Unplugged	Cultúr agus Ealaíona: Bonn Domhanda Airgid
Féile Nua-Eabhrac Raidió	Songs From The Inside	Oideachasúil: Teastas d'Iomaitheoir Deiridh
Féile Nua-Eabhrac Raidió	The Blue Tar Road	Clár Speisialta Ceoil: Gradam Cré-Umha
Féile Nua-Eabhrac Raidió	The Carberrys - Running In The Family	Tráchttaireacht/Anailís Spóirt: Teastas d'Iomaitheoir Deiridh
Féile Nua-Eabhrac Raidió	The Runners	Saincheisteanna Sóisialta/Cúrsaí Reatha: Bonn Domhanda Óir
Féile Nua-Eabhrac Teilifís	A 100 Dead People In My Truck	Faisnéise Sláinte/Míochaine: Bonn Óir
Féile Nua-Eabhrac Teilifís	Seamus Heaney: Out Of The Marvellous	Na hEalaíona: Bonn Óir
Féile Nua-Eabhrac Teilifís	The House	Portráidí Pobail: Bonn Cré-Umha
Féile Nua-Eabhrac Teilifís	Single Handed 3	Drámaíocht: Bonn Airgid
Féile Scannáin Idirnáisiúnta Newport	The Last Confession Of Alexander Pearce	Duais Speisialta an Choiste
Gradaim Chumarsáide an Oireachtais	Daithí Ó Sé	Gael-Réalta na Bliana
Gradaim Chumarsáide an Oireachtais	Rónán Beo@3	Sraith Raidió na Bliana
Gradaim Chumarsáide an Oireachtais	Rónán MacAodha Bhuí	Pearsa Raidió na Bliana
Gradaim Daoine na Bliana	Gerry Ryan	As Ucht Seirbhísi chuig Craoltóireacht na hÉireann
Gradaim PPI	Ball Busters	Spórt: Gradam Airgid
Gradaim PPI	Cian McCormack	Tuairisceoir Nuachta na Bliana: Gradam Óir
Gradaim PPI	Countrywide	Irishclár Cainte: Gradam Airgid
Gradaim PPI	Dave Fanning	Craoltóir Saincheoil na Bliana: Gradam Óir
Gradaim PPI	Deirdre Gribbin Special	Clár Ceoil Éireannaigh/Tallainne Ceoil Nua: Gradam Airgid
Gradaim PPI	Documentary On One: 8 Years On	Clár Faisnéise: Gradam Óir
Gradaim PPI	Drivetime: The Murphy Report	Clár Cúrsaí Reatha: Gradam Óir
Gradaim PPI	Glórtha ón Ghorta	Craoltóireacht Ghaeilge: Gradam Óir
Gradaim PPI	In My Place (RTÉ Junior)	Gearrscannán: Gradam Cré-Umha
Gradaim PPI	Jim Jim's Bits	Míreanna Siamsaíochta: Gradam Cré-Umha
Gradaim PPI	Larry Gogan	Gradam do Ghnóhachtáil Ollmhór
Gradaim PPI	Liveline	Clár Pobail/Gnímh Sóisialta: Gradam Airgid
Gradaim PPI	Morning Ireland	Clár Nuachta: Gradam Airgid
Gradaim PPI	Morning Ireland - 25th Anniversary Programme	Nuáil: Gradam Airgid
Gradaim PPI	Nob Nation	Míreanna Siamsaíochta: Gradam Óir
Gradaim PPI	Philip Boucher Hayes	Tuairisceoir Nuachta na Bliana: Gradam Airgid
Gradaim PPI	Portrane - The Big Move	Cur Chun Cinn ar an Aer: Gradam Cré-Umha

Gradaim RTÉ 2010 (ar lean)

Comórtas	Iontráil	Catagóir
Gradaim PPI	RTÉ 2fm	Stáisiún Ceoil na Bliana: Gradam Cré-Umha
Gradaim PPI	RTÉ lyric fm	Stáisiún Ceoil na Bliana: Gradam Óir
Gradaim PPI	RTÉ Radio News At One	Clár Nuachta: Bonn Óir
Gradaim PPI	Seán O'Rourke	Tuairisceoir Nuachta na Bliana: Gradam Óir
Gradaim PPI	The Blue Tar Road	Clár Speisialta Ceoil: Gradam Cré-Umha
Gradaim PPI	The Mooney Show	Clár Speisialta Ceoil: Gradam Óir
Gradaim PPI	The Tubridy Show: OB Músaem Stair an Dúla	Clár Cainte: Gradam Cré-Umha
Prix Europa	The Runners	Clár Faisnéise Raidió
Prix Jeunesse	The Shrinks	7-11 Neamh-Fhicsean
Gradaim Radharc	Music Changes Lives	Ardmholta
Gradaim Radharc	The House	An Gearrscannán Éireannach is Fearr
Gradaim Fógraíochta Raidió	Fógra: Táille Ceadúnais ("Auntie")	An Gnó is Fearr – Airgeadais, Árachais, Urrúis
Gradam Phearsa Muirí na Bliana an RNLI	Tom MacSweeney, Comhfhreagraí Muirí	As ucht cur le feasacht muirí
Screen Music Awards, An Astráil	The Last Confession Of Alexander Pearce	An Ceol is Fearr do Scannán Teilifíse
Féile Scannán Idirnáisiúnta Shanghai	Ondine	Gradam Cuach Óir Christopher Doyle do cineamatagrafaíocht
Gradaim Teilifíse Sydney Morning Herald	The Last Confession Of Alexander Pearce	An Scannán Teilifíse Áitiúil is Fearr
Comórtas <i>The Accolade</i>	Seamus Heaney: Out Of The Marvellous	Scannán Faisnéise: Gradam Tuillteanais
Comórtas <i>The Accolade</i>	Single Handed 3	Clár/Sraith Drámaíochta: Gradam Sármhaitheasa
The Appys	Feidhmchlár Nuacht RTÉ	An Feidhmchlár Apple is Fearr
The Appys	Feidhmchlár Nuacht RTÉ	An Feidhmchlár Meán is Fearr
The Appys	Feidhmchlár Nuacht RTÉ	Grand Prix Foriomlán na bhFeidhmchlár
The Appys	Feidhmchlár Nuacht RTÉ	An Feidhmchlár Spórt is Fearr
Gradaim Iriseoireachta Travel Extra	Kathryn Thomas: No Frontiers	Teilifís
Gradaim Iriseoireachta Travel Extra	Valerie Cox: Drivetime	Raidió
Féile Scannán Idirnáisiúnta Tregor	The Last Confession Of Alexander Pearce	An Scannán is Fearr, faoi 60 nóiméad
Gradaim TV Now	Anne Doyle	An Láithreoir Nuachta/Cúrsaí Reatha is Mó Tóir Air/Uirthi
Gradaim TV Now	Bill O'Herlithy	Láithreoir Spóirt is Mó Tóir Air/Uirthi
Gradaim TV Now	Gerry Ryan	Gradam na Laoch
Gradaim TV Now	Kathryn Thomas	Láithreoir Baineann is Mó Tóir Uirthi
Gradaim TV Now	Ryan Tubridy	Láithreoir Fireann is Mó Tóir Air
Gradaim TV Now	The Clinic	Clár Drámaíochta is Mó Tóir Air
Gradaim TV Now	The Late Late Show	Clár Teilifíse Éireannach is Mó Tóir Air
Gradaim TV Now	Tony Tormey	Réalta Sobalchláir Fireann is Mó Tóir Air
UCD	John Bowman	Gradam do Sheirbhísi chuig Craoltóireacht
Gradaim Iriseoireachta UCD Smurfit Business	David Murphy	Catagóir an Agallaimh Ghnó
Gradaim VIP Style	Daithí Ó Sé	An Fear is Mó Stíl in Éirinn
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	Michael Ryan	Gradam Comhaltachta Oinigh

Clár Cheannaithe RTÉ: Leanann RTÉ ar aghaidh ag fáil ceadúnas do shraitheanna idirnáisiúnta ar an gcaighdeán is airde agus bhuaigh siad na gradaim seo a leanas in 2010:

Golden Globes	Mad Men	An Clár Drámaíochta Teilifíse is Fearr
Golden Globes	The Good Wife: Julianna Margulies	An Ban-Aisteoir is Fearr, Sraith Drámaíochta Teilifíse
Golden Globes	United States Of Tara: Toni Collette	An Ban-Aisteoir is Fearr, Sraith Grinn/Ceil Teilifíse
Gradaim Primetime Emmy	Mad Men	Scribhneoireacht den Scoth, Sraith Drámaíochta
Gradaim Primetime Emmy	Mad Men	Sraith Drámaíochta den Scoth
Gradaim Primetime Emmy	Nurse Jackie: Edie Falco	Príomh-Bhan-Aisteoir den Scoth, Sraith Ghriinn
Gradaim Primetime Emmy	The Big Bang Theory: Jim Parsons	Príomh-Aisteoir den Scoth, Sraith Ghriinn
Gradaim Primetime Emmy	The Good Wife: Archie Panjabi	Ban-Aisteoir Tacaíochta den Scoth, Sraith Drámaíochta

Stair Airgeadais

	IFRS 2010 €'000	IFRS 2009 €'000	IFRS 2008 €'000	IFRS 2007 €'000	IFRS 2006 €'000
RÁITEAS IONCAIM					
Táille Cheadúnais Teilifíse	195,968	200,217	200,852	195,699	182,835
Ioncam tráchtála	175,699	174,704	239,908	245,453	222,186
Ioncam iomlán	371,667	374,921	440,760	441,152	405,021
Costais oibriúcháin	(376,597)	(389,393)	(460,510)	(430,189)	(403,660)
(Easnamh) / Barrachas roimh airgeadú agus cáin	(4,930)	(14,472)	(19,750)	10,963	1,361
Ioncam airgeadais	1,737	1,826	5,363	3,970	2,392
Costas airgeadais	(735)	(661)	(764)	(1,534)	(1,227)
Glan-ioncam / (costas) airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe	116	(2,814)	5,725	16,184	14,485
Cáin	(850)	(339)	9,459	(3,154)	937
(Easnamh) / Barrachas roimh Mhír Eisceachtúil	(4,662)	(16,460)	33	26,429	17,948
Mír Eisceachtúil (muirear athstruchtúrtha)	-	(11,341)	-	-	-
Glan (Easnamh) / Barrachas don bhliain	(4,662)	(27,801)	33	26,429	17,948
CLÁR COMHARDAITHE					
Sócmhainní neamh-reatha agus reatha					
Maoin, innealra agus trealamh	92,115	98,286	108,931	79,096	80,012
Sócmhainní neamh-inláimhsithe	3,329	4,711	4,973	4,515	3,346
Sócmhainní pinsin	3,861	9,208	-	17,535	13,872
Fardail	35,663	37,156	41,314	44,387	41,453
Sócmhainní eile	118,527	112,625	134,418	175,922	154,855
Sócmhainní iomlána	253,495	261,986	289,636	321,455	293,538
Dlíteanais neamh-reatha agus reatha					
Sochair d'fhostaithe – soláthar athstruchtúrtha	19,708	24,150	16,343	17,439	20,510
Dlíteanais chánach iarchurtha	-	969	-	10,365	11,471
Dlíteanas pinsin	-	-	86,617	-	-
Dlíteanais eile	96,488	91,432	112,413	112,922	100,487
Dlíteanais iomlána	116,196	116,551	215,373	140,726	132,468
Cothromas	137,299	145,435	74,263	180,729	161,070
Cothromas agus dlíteanais iomlána	253,495	261,986	289,636	321,455	293,538
SREABHADH AIRGID					
Glan airgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	14,481	9,323	18,437	31,224	25,611
Glan sreabhadh airgid ó fháil maoin, innealra agus trealaimh agus sócmhainní neamh-inláimhsithe	(11,732)	(20,506)	(45,907)	(22,689)	(13,612)
ÁIREAMH FOSTAITHE					
RTÉ	2,151	2,214	2,351	2,307	2,283
Iomlán ar 31 Nollaig	2,151	2,214	2,351	2,307	2,283

The logo for RTÉ (Raidió Teilifís Éireann) is displayed in white. It consists of the letters 'RTÉ' in a bold, sans-serif font, with a horizontal line above the 'É'.

Raidió Teilifís Éireann
Domhnach Broc
Baile Átha Cliath 4

T: 01 208 3111
F: 01 208 3080

www.rte.ie